



BIM Ireland's Seafood Development Agency

# 2024

# Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais






Mistic Star SO12

# Clár ábhar


2024 ar sracfhéachaint 04

Forbhreathnú ón gCathaoirleach 06

Forbhreathnú ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin 10

Inbhuanaitheacht 12

Iomaíochas 21

Scileanna 28

Nuálaíocht 38

Cás-staidéir 41

Forbhreathnú ar sheirbhísí corparáideacha 55

Scéimeanna deontas BIM 62

Ráitis airgeadais 76

# 2024 ar sracfhéachaint



# €1.24 billiún

## OTI measta thionscal Bia Mara na hÉireann

**7,623**
An líon daoine a ghlac páirt sa Seomra Ranga Cianda Dobharshaothraithe sa bhliain 2023

**16,874**
An líon iomlán daoine atá fostaithe i dtionscal bia mara na hÉireann

**1,959**
An Líon Soithí Iascaireachta Cláraithe Éireannacha

**€45 mhilliún**
An tsuim ón gCúlchiste Coigeartaithe Brexit a soláthraíodh do 1,486 dheontaí ar fud 44 thionscadal

**1,724**
An líon áiteanna oiliúna a sholáthair BIM don tionscal

# Forbhreathnú ón gCathaoirleach

**Rinneadh infheistíocht shuntasach san earnáil sa bhliain 2024, agus €13.6 milliún á infheistiú go díreach mar chúnamh deontais faoi na seacht scéim nua de chuid an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID), atá á gcomhchistiú ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach.**



**Aidan Cotter**
Cathaoirleach

Tá an tsuim sin mar fhianaise ar a thábhachtaí atá na deontais sin agus ar an bhfonn atá ar an earnáil infheistíochtaí a dhéanamh ina gnólachtaí. I measc na n-infheistíochtaí a rinne an earnáil tá an infheistíocht i dteicneolaíochtaí ceannródaíocha lena laghdaítear costais, lena n-áirítear umair choinneála ghrianchumhachtaithe bheo ar talamh, agus an infheistíocht i gcórais chomhtháite ar bord amhail trealamh níocháin agus glanta éisc lena bhfeabhsaítear táirgeadh inbhuanaithe agus cáilíocht éisc. Tá tábhacht ag baint le hinfheistíochtaí lena gcabhraítear leis an earnáil luach a chur lena ngabháil, agus tábhacht ar leith ag baint leo don earnáil iascaigh cladaigh. Ina theannta sin, d'imir infheistíochtaí lena gcuirtear ar chumas iascairí a dtáirge a bhogadh go díreach chun an mhargaidh agus dul i bhfeidhm ar chustaiméirí nua tionchar bunathraitheach ar roinnt de na gnólachtaí sin. Agus í ag tógáil ar an infheistíocht gan fasach a rinneadh faoin gCúlchiste Coigeartaithe Brexit sa bhliain 2023, lean an earnáil próiseála le bunathrú uaillmhianach a dhéanamh, agus infheistíocht bhreise á déanamh in uathoibriú, i ndigitiú, in éifeachtúlacht fuinnimh agus i bhforbairt táirgí den chéad scoth.

Tacaíodh le raon leathan táirgeoirí ar fud na hÉireann mar thoradh ar an infheistíocht a rinneadh sa dobharshaothrú. Áiríodh leo sin táirgeoirí bradán, a raibh bliain láidir acu, agus an earnáil sliogéisc, a raibh bliain dhúshlánach aici.

**Bhí na hinfheistíochtaí caipitil a soláthraíodh trí chistí CEMID thar a bheith tábhachtach do na gnólachtaí sin de réir mar a d'oibrigh siad, le tacaíocht ó BIM, chun an toradh is fearr is féidir a bhaint amach ar tháirgí bia mara ceannródaíocha.**

Osclaíodh an linn náisiúnta um oiliúint i marthanas ar muir ag Coláiste Náisiúnta Iascaigh na hÉireann de chuid BIM ar an gCaisleán Nua le linn na bliana freisin, rud a rabhthas ag coinne go mór leis. Soláthraítear sa tsaoráid nua oiliúint ardchaighdeáin i marthanas ar muir dóibh sin a oibríonn sa tionscal iascaireachta ar fud na hÉireann. A bhuí le hinfheistíocht €2.16 milliún ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, is féidir le BIM tuilleadh cúrsaí oiliúna i marthanas ar muir a sholáthar do mhic léinn ar an láithreán anois, á chinntiú go bhfuil rochtain ag tuilleadh daoine a oibríonn san earnáil bia mara ar na cúrsaí oiliúna sábháilteachta sin. Tá trealamh nua-aimseartha oiliúna sa linn 12 mhéadar, agus is féidir dálaí mara amhail uisce fuar, uisce dorcha, gaoth agus báisteach a ionsamhlú inti. Faoi dheireadh na bliana, bhí oiliúint i marthanas ar muir curtha i gcrích ag 189 mac léinn ag an tsaoráid nua.

Bhíothas in ann an clár oibre don bhliain 2024 a chomhlíonadh agus na príomhtháscairí feidhmíochta a bhaint amach mar gheall ar an tiomantas coiteann agus ar an bhfeidhmíocht láidir i measc fhoirne BIM. De réir mar a athraíonn an tírdhreach eacnamaíoch agus geopholaitiúil, beidh gá le struchtúir foirne agus eagraíochta a mheasúnú chun a chinntiú go leanfaimid le tacaíocht úsáideach atá iomchuí ó thaobh na tráchtála de a sholáthar do chliaint. Is rud dearfach é an t-athstruchtúrú a rinneadh ar na foirne laistigh de BIM chun a chinntiú go leagtar díriú níos mó ar fhaisnéis gnó, ar fhorbairt gnó agus ar léargais mhargaidh, agus ghlac cliaint go maith leis an athstruchtúrú sin.

Tá an díriú níos géire sin ríthábhachtach maidir leis an gcumas atá againn oiriúnú agus forbairt chun freastal ar dhálaí margaidh athraitheacha dúshlánacha. Chuir BIM béim láidir ón tús ar chomhoibriú agus ar chomhpháirtíochtaí chun an cumas réiteach fadhbanna atá againn a neartú trí nuálaíocht agus, mar thoradh ar Mheabhráin Tuisceana a shíniú le Teagasc agus le Campas Nuálaithe BIA i mBaile Átha an Rí, cuirtear leis an gcumas atá againn tacaí nuálaíochta atá dírithe ar an todhchaí a sholáthar don tionscal.

Bhunaigh BIM a Líonra Nuálaíochta Bia Mara sa bhliain 2024, rud a chuireann ar chumas na heagraíochta léargais cheannaireachta agus tráchtála a thabhairt don earnáil chun teacht ar bhealaí inar féidir léi nuáil agus nuachóiriú. Áiríodh leis an obair a rinneadh go dtí seo tacaíocht a thabhairt do mhórphróiseálaithe bia mara chun iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir leo inniúlachtaí uathoibrithe a úsáid chun táirgeadh a chuíchóiriú, luach breise a bhaint amach agus baill foirne a aistriú ar shiúl ó thascanna atriallacha agus i dtreo róil ina dteastaíonn scileanna níos airde.

Leanann BIM le dul sa tóir ar theicneolaíochtaí nua ar fud an domhain chun tacú le hearnáil dobharshaothraithe na hÉireann. Mar chuid den obair sin, tugadh an chéad chóras oisrí "Flipfarm" riamh sa tír isteach sa bhliain 2024. Forbraíodh an córas sin sa Nua-Shéalainn le déanaí, agus laghdaítear go mór leis obair láimhe, rud atá ar cheann de na príomh-ionchuir agus na príomhdhúshláin i ndáil leis na córais thraidisiúnta mhála agus tristéil a úsáidtear in Éirinn de ghnáth. Ina theannta sin, ós rud é gur córas lán-snámhach é an córas, tá acmhainneacht aige an bealach a réiteach le haghaidh feirmeoireacht oisrí a dhéanamh i limistéir nach ndéantar feirmeoireacht oisrí iontu de ghnáth agus cabhrú le táirgeadh a mhéadú san fhadtéarma.

Ullmhaíodh dearaí nua trealaimh mar chuid den díriú a leagaimid ar threalamh iascaireachta a fheabhsú. Áirítear leis na comhthairbhí a ghabhann leis na dearaí sin úsáid breosla a laghdú, cabhrú le costais a laghdú, agus feabhas a chur ar bhrabúsacht na soithí lena n-úsáidtear an trealamh sin. Mar gheall ar chostais bhreosla a bheith ard go fóill don earnáil iascaireachta, agus mar gheall ar chomhairle maidir le stoc diúltach do roinnt príomhstoc i Muir Éireann agus sa Mhuir Cheilteach, tá gá leanúnach le dearaí trealaimh a nuáil chun úsáid breosla a laghdú agus chun roghnaíocht a fheabhsú.

**Leantar ar aghaidh le díriú a leagan ar shonraí BIM a fheabhsú chun an earnáil a fhíorú, a chainníochtú agus a thuiscint ar bhealach níos fearr ionas gur féidir linn tacaí a chur in oiriúint chun riachtanais na hearnála a chothabháil agus a chomhlíonadh, agus sárdhul chun cinn á dhéanamh trí tháirgí nua sonraí agus deaiseanna nua a chur i bhfeidhm agus trí thuarascálacha a fhoilsiú.**

Is réimse ríthábhachtach do BIM é sin, agus is gá dúinn caighdeán ár sonraí a fheabhsú má táimid chun iad a úsáid chun fás a spreagadh agus a bhrú chun cinn.

Buntaca leis an obair a dhéanann BIM go fóill is ea an straitéis scileanna uainn dar teideal *An Chéad Tonn Eile – Straitéis Scileanna BIM le haghaidh Earnáil Inbhuanaithe Bia Mara, 2023-2028*. Cuireadh roinnt príomhthionscadal i gcrích ina leith sin sa bhliain 2024, lenar áiríodh taighde tábhachtach léarscáiliú scileanna atá ceaptha chun bearnaí scileanna a shainaithint laistigh den tionscal bia mara.

Seoladh 'Scéim Oiliúna Bia Mara' atá á cistiú ag CEMID i mí Iúil 2024. Tairgtear leibhéil mhéadaithe chistiúcháin leis an scéim sin, agus bhain 217 mac léinn tairbhe aisti faoi dheireadh na bliana. Forbraíodh Uirlis Dhiagnóiseach Scileanna atá deartha chun cabhrú le cuideachtaí bia mara bearnaí scileanna a shainaithint laistigh dá ngnólacht féin freisin, agus beidh sí i mbun feidhme sa bhliain 2025.

Sholáthair BIM 1,724 chúrsa oiliúna ar fud an tionscail bia mara le linn na bliana, agus raon leathan clár oiliúna á reáchtáil aige chun tacú le hearnáil bia mara atá nua-aimseartha, sábháilte agus gairmiúil.

Sa bhliain 2024, rinne BIM dul chun cinn suntasach ar chlár forbartha feidhmíochta na heagraíochta a fheabhsú, á chinntiú go bhfuil sé ag teacht leis an dea-chleachtas. Bhí an t-athbhreithniú sin dírithe ar fhorbairt a dhéanamh ar phríomhscileanna agus ar phríomhinniúlachtaí a rachadh chun tairbhe go díreach dár gcliaint agus don tionscal iascaireachta agus a spreagfadh ár gcomhghleacaithe an tráth céanna. Cinntíonn na hiarrachtaí sin go sealbhaíonn ár bhfoireann na huirlisí is gá chun freagrachtaí oibríochtúla agus straitéiseacha BIM a chomhlíonadh. Ní hé amháin go rannchuidíonn na feabhsuithe a rinneadh sna réimsí sin le forbairt phearsanta ár gcomhghleacaithe, ach neartaíonn siad an cumas atá againn freastal go héifeachtach ar ár gcliaint freisin.

Ar an tslí sin, tacaítear le rath fadtéarmach BIM agus lena thiomantas don sármhaitheas sa tionscal iascaireachta.

Cé go bhfuil sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar an mbliain seo a chuaigh thart, agus na príomhcheachtanna a foghlaimíodh a mheas agus a thaifeadadh, is gníomhaireacht atá dírithe ar an todhchaí é BIM. Dá réir sin, táim ag tnúth leis an mbliain atá romhainn agus lena bheith ag obair i gcomhar le Caroline Bocquel, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, lena foireann ardbhainistíochta, agus leis na comhaltaí eile den bhord. Táim ag tnúth freisin le caidreamh oibre láidir a fhorbairt le Martin Heydon TD, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus le Timmy Dooley TD, an tAire Stáit ar a bhfuil Freagracht as Iascach.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don tairbhe a bhaineann BIM as comhoibriú agus as obair i gcomhpháirt leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, le hArd-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta, le Bord Bia, le Foras na Mara, leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara, le Teagasc agus le daoine eile, a bhfuil acu go léir an fhís atá againn féin obair i gcomhpháirt le hearnáil bia mara na hÉireann chun na hathruithe is gá chun a todhchaí inbhuanaithe a chinntiú a shainaithint agus a bhrú chun cinn.

**Aidan Cotter**
Cathaoirleach

# Forbhreathnú ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

**Mar thoradh ar thírdhreach dúshlánach gnó ina raibh ardbhoilsciú, ábhair imní dhomhanda agus éagobhsaíochtaí geopholaitiúla i réim, bhí braistint práinne ann ar fud thionscal bia mara na hÉireann sa bhliain 2024, agus é feasach ar an ngá atá le hoiriúnú agus le hathrú dá dheasca sin.**



**Caroline Bocquel**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

## D'fhás luach gheilleagar bia mara na hÉireann ó thaobh Olltáirgeacht Intíre (OTI) de go €1.24 billiún sa bhliain 2024, agus an fheidhmíocht níos láidre sa dobharshaothrú agus i dtrádáil onnmhairiúcháin i measc na dtosca a bhí taobh thiar de sin.

Measadh luach an éisc a tugadh i dtír a bheith cothrom le €448 milliún i gcás na ngabhálacha intíre agus eachtracha uile, bhain táirgeadh dobharshaothraithe €208 milliún amach, agus cuireadh luach €947 milliún ar phróiseáil (bunaithe ar shonraí don bhliain 2023). D'fhostaigh an earnáil beagnach 16,000 duine ar fud seirbhísí táirgthe, próiseála agus tacaíochta. Cé go bhfuil siad ag brath ar dhornán príomhspeiceas go fóill, a fhágann go bhfuil siad íogair i leith athruithe cuóta agus margaidh, táthar ag cabhrú le gnólachtaí oiriúnú trí infheistíocht leanúnach a dhéanamh.

Beag beann ar na dúshláin sin, áfach, ba le feiceáil go fóill a bhí an athléimneacht agus an bhraistint fiontraíochta atá mar shaintréith ag cuid mhór ghnólachtaí bia mara na hÉireann. Tá bród ar Éirinn as ceann amháin de na hearnálacha próiseála bia mara is nua-aimseartha ar domhan a bheith aici anois, agus infheistíodh thart ar €70 milliún i saoráidí uasghrádaithe agus in uathoibriú le dhá bhliain anuas, lenar áiríodh €35 mhilliún ón gCúlchiste Coigeartaithe Brexit.

Thionóil an Líonra Nuálaíochta Bia Mara trí imeacht ardtionchair i gcomhpháirt le Teagasc le linn na bliana. Áiríodh leo sin ceardlanna maidir le róbataic agus digitiú agus maidir le húsáid comhtháirgí, mar aon le misean allamuigh chuig an Íslitír chun uathoibriú a iniúchadh.

Táimid ag obair go dlúth leis an tionscal chun freagairt dá riachtanais agus chun cabhrú leis leas a bhaint as na deiseanna atá ann a ngnólachtaí a oiriúnú, a nuáil agus a fhás. Tá tuilleadh misean allamuigh agus ceardlann á bpleanáil faoi láthair chuige sin.

Tá Stiúideo Nuálaíochta BIM ar bun le seacht mbliana anuas. Ghlac breis agus 50 tionscadal páirt ann, mealladh infheistíocht iomlán is fiú thart ar €15 mhilliún, agus cruthaíodh breis agus 200 post ardteicneolaíochta. Tugann an Stiúideo deiseanna do chuideachtaí i réimsí amhail cógaisíocht, innealtóireacht mhuirí, géineolaíocht, breiseáin bheathaithe agus intleacht shaorga, agus iad ag iarraidh margaí nua a iniúchadh agus iad féin a fhás a thuilleadh.

Imríonn cuideachtaí teicneolaíochta uisce in Éirinn ról luachmhar maidir le teicneolaíochtaí a fhorbairt lena mbrúitear feirmeoireacht inbhuanaithe bia mara chun cinn agus ar féidir iad a chur i bhfeidhm chun iasc, sliogiasc agus plandaí uisceacha a shaothrú.

Thug cainteoirí saineolacha ag imeacht ar eagraigh BIM é breac-chuntas ar na deiseanna infheistíochta atá ann agus ar fhorbairt an bhithgheilleagair ghoirm dhomhanda le blianta beaga anuas, agus chomhroinn siad a léargais ar an mbealach chun cinn ar mhaithe le hacmhainneacht na hÉireann a bhaint amach sa spás muirí. Ag an imeacht sin, ceiliúradh Auranta, cuideachta biteicneolaíochta, tar éis dó gradam BIM le haghaidh Ghnólacht Teicneolaíochta Uisce na Bliana a bhuachan. Is gradam é sin lena n-aithnítear gnólacht den scoth a bhfuil acmhainneacht aige a bheith suaiteach sa bhithgheilleagar gorm.

Tacaíonn Stiúideo Nuálaíochta BIM freisin leis na spriocanna uaillmhianacha atá leagtha amach sa Straitéis dar teideal Fís don Bhia 2030 ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, lena n-áirítear Éire a chur chun cinn mar bhonn eolais do theicneolaíocht agus taighde dobharshaothraithe agus infheistíocht sheachtrach a mhealladh isteach san earnáil.

Sholáthair BIM seirbhísí faisnéise gnó don tionscal bia mara i dtrí phríomhréimse straitéiseacha – faisnéis margaidh, faisnéis tráchtála agus faisnéis theicniúil. D'oibrigh an fhoireann i gcomhar leis an tionscal chun príomhléargais agus príomhshonraí agus tacaíocht phraiticiúil agus meantóireacht a sholáthar, mar aon le faisnéis faoi fhás gnó, faoi phleanáil comharbais agus faoi phleanáil gnó. I measc na nithe eile ar leagadh díriú orthu bhí úsáid comhtháirgí, forbairt táirgí nua, agus anailís ar an slabhra soláthair. Mar thoradh ar an díriú sin, táthar ag tacú leis an tionscal breisluach a bhaint amach, foinsí nua ioncaim a chruthú, agus éifeachtúlachtaí a shainaithint.

Dhírigh an eagraíocht ar fhorbairt a dhéanamh ar an inniúlacht atá againn sonraí agus léargais ardtionchair atá soiléir agus cruinn a sholáthar do gheallsealbhóirí maidir le bia mara. Chomh maith leis sin, d'fhorbair sí sraith deaiseanna idirghníomhacha agus raon leathan tuarascálacha teicniúla agus eacnamaíocha ar fud na hearnála lena dtugtar eolas do





gheallsealbhóirí agus don lucht déanta beartas, a bhraitheann ar na sonraí sin chun a chinntiú go mbaintear an leas is fearr is féidir as na deiseanna atá ar fáil d'Éirinn.

Leanann tionscadal an tSeomra Ranga Chianda Dobharshaothraithe dár gcuid le cur leis an tuiscint ar an dobharshaothrú san Aontas Eorpach, agus chuir 7,623 rannpháirtí ó scoileanna agus ó phobail ó gach cuid den tír an clár i gcrích go dtí seo. Leanann an clár 'Blais an tAtlantach', atá á reáchtáil ag BIM, le tionchar dearfach a imirt ar an gceadúnas sóisialta don dobharshaothrú freisin trí eispéireas uathúil a thairiscint chun táirgeoirí dobharshaothraithe a thaispeáint feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin, agus an t-eispéireas turasóireachta sin ag cruthú sruth tábhachtach ioncaim do ghnólachtaí dobharshaothraithe.

Ceann de na príomhdhúshláin i réimse na Pleanála Spáis Mhuirí is ea an easpa sonraí spáis atá ar fáil faoin earnáil iascaigh cladaigh. Ós rud é nach raibh aon cheanglas dlíthiúil ar shoithí cladaigh go dtí seo córais faireacháin soithí a bheith acu, níl ach méid beag sonraí, nó sonraí ísealchaighdeáin, ar fáil faoi na limistéir ina ndéanann siad iascaireacht, i gcomparáid leis na sonraí atá ar fáil do shoithí móra a bhfuil oibleagáid orthu córais faireacháin soithí a bheith acu. Dearadh tionscadal léarscáilithe rannpháirtíoch BIM chun aghaidh a thabhairt ar an easpa sonraí sin trí shonraí spáis a bhailiú faoin earnáil iascaigh cladaigh, rud a fhágann go mbeifear in ann ansin a sonraí spáis a úsáid in aon tionscnamh pleanála spáis mhuirí. Tá sé sin thar a bheith tábhachtach faoi láthair, tráth atá fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta á bhrú chun cinn in Éirinn; gan sonraí spáis a bheith ann faoin earnáil iascaigh cladaigh, ní fhaigheann pleanálaithe ná an rialtas léargas iomlán ar ghníomhaíochtaí iascaireachta sna limistéir lena mbaineann. Tar éis treoirchlár rathúil a sheoladh sa bhliain 2024, inar díríodh ar limistéar Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe an Oirdheiscirt, leanfaidh BIM ar aghaidh leis an tionscadal sa bhliain 2025, agus leathnóidh sé é chuig limistéir timpeall an chósta.

Tháinig bealaí nua chun gnó a dhéanamh chun cinn as athléimneacht na hearnála, arb athléimneacht í a mbuntacaíonn infheistíocht leantach agus riachtanas síormhéadaitheach le hinbhuanaitheacht agus le nuálaíocht léi. Is údar bróid dom BIM a stiúradh le linn thréimhse seo an dúshláin agus an athraithe, agus tá an t-ádh orm obair i gcomhar le foireann ar mó aici comhoibriú agus a bhfuil aici an creideamh céanna sa chumas atá ag tionscal bia mara na hÉireann bia mara atá sábháilte, cothaitheach agus sláintiúil a sholáthar a chothóidh na glúnta atá le teacht.



**Caroline Bocquel**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# Inbhuanaitheacht





## Forbhreathnú ar inbhuanaitheacht

Ceann amháin de na príomh-mhisin lena dtreoraítear obair BIM is ea inbhuanaitheacht comhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch earnáil bia mara na hÉireann a chinntiú. Tá an tábhacht a bhaineann le gach ceann de na trí cholún inbhuanaitheachta sin le feiceáil sa raon tionscadal agus seirbhísí a sheol BIM sa bhliain 2024. I rith na bliana, d'oibrigh BIM go dlúth leis an earnáil bia mara chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus chun na deiseanna a bhí ann ó thaobh na hinbhuanaitheachta de a thapú.

Ag obair dó i gcomhar leis an earnáil iascaigh, lean BIM le tacú leis an obair atá ar bun chun modhanna nuálacha iascaireachta a fhorbairt chun inbhuanaitheacht stoic a fheabhsú agus chun cabhrú leis an tionscal costas a laghdú trí chineálacha trealaimh a fhorbairt lena bhfeabhsaítear roghnaíocht agus atá níos breosla-éifeachtúla araon. Chuir BIM borradh faoina chlár v-eangaithe gliomach sa bhliain 2024. Mar thoradh air sin, cuireadh an líon is airde riamh de ghliomaigh bhaineanna eochraí ar ais sa mhuir, agus cabhraíodh leis an stoc gliomach a choinneáil ar bun ar fud na hÉireann.

Lean BIM le hobair go dlúth le gach cuid den earnáil Dobharshaothraithe chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin inbhuanaitheachta atá roimpi. Baineadh torthaí dearfacha amach le linn na bliana, agus teicneolaíochtaí nua atá deartha chun cabhrú le táirgiúlacht a mhéadú, le hionchuir a laghdú agus le caillteanais a íoslaghdú á dtriail agus á dtástáil ag láithreáin éagsúla dobharshaothraithe ar fud na hÉireann.

Ag tógáil ar an aidhm straitéiseach atá ag BIM dramhaíl a íoslaghdú agus a dhíchur, lean an Tionscnamh um Aigéin Ghlana le córais chliste bhainistíochta dramhaíola a fhorbairt agus a chur chun feidhme don lucht iascaigh agus do tháirgeoirí dobharshaothraithe agus le hiad a ullmhú don Treoir nua maidir le Plaistigh Aon Úsáide. Tríd an obair a dhéanann BIM ar dheimhniú inbhuanaitheachta, lena n-áirítear deimhniú ón gComhairle Maoirseachta Muirí don earnáil diúilicíní, agus na Tionscadail Feabhsúcháin Iascaigh do naoi gcinn de stoic éisc agus shliogéisc na hÉireann, cabhraítear le dintiúir inbhuanaitheachta Bhia Mara na hÉireann a chur chun cinn agus le margaí a chothabháil don earnáil.

## Caomhantas iascaigh

D'oibrigh an Rannóg Caomhantais Iascaigh i ndlúthchomhar le tionscal iascaireachta na hÉireann chun réitigh theicniúla fheidhmeacha a fhorbairt ar phríomh-shaincheisteanna comhshaoil, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh agus foghabháil.

Thástáil siad líontán mogaill mhéadaithe i mbarr trál lena spriocdhírítear ar ghliomaigh, agus d'éirigh leo éifeachtúlacht fuinnimh agus spriocghabhálacha a fheabhsú agus, an tráth céanna, gabhálacha de thaisme a laghdú.

Rinneadh dea-dhul chun cinn ar thionscadal trí bliana atá ceaptha chun trál grinnill a thástáil chun spriocdhíriú ar speicis éisc grinnill, agus cuireadh réamhthriail mara agus tástáil umair flúma ar roghanna trealaimh i gcrích.

Tar éis iascach cladaigh a athoscailt le haghaidh fíogaigh ghobacha, rinne siad dul chun cinn suntasach ar a mheasúnú cé chomh maith agus a thagann fíogaigh ghobhacha slán as an bpróiseas gabhála nuair a chuirtear ar ais sa mhuir iad. Rinneadh dhá mheasúnú chuimsitheacha ar roghnaíocht muiríní ar bhord soithí Éireannacha a oibríonn in iascach Mhuir nIocht.

A bhuí leis an taighde a rinne BIM ar fhíogaigh ghobacha agus ar mhuiríní, soláthraíodh ionchur tábhachtach don phlé idir an Coimisiún Eorpach, na Ballstáit agus an Ríocht Aontaithe maidir le hiascach a bhainistiú do na speicis sin faoi shocruithe an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair Brexit.

Chríochnaigh siad dhá staidéar ar shoc-fhoircinn mhogaill T90 i dtreo foghabháil a íoslaghdú agus úsáid cuóta a bharrfheabhsú in iascach tráil grinnill agus saighne a spriocdhíríonn ar chadóga agus ar cholmóirí.

Ar deireadh, d'fhoilsigh BIM treoir nua maidir le 31 réiteach Caomhantais Iascaigh, lena gcabhraítear leis an tionscal aghaidh a thabhairt ar phríomh-shaincheisteanna comhshaoil.

## Pleanáil spáis mhuirí

Lean BIM lena chuid oibre ar thionscadal nua léarscáilithe rannpháirtíoch, rud lena gcumasaítear d'úinéirí soithí faoi bhun 12 m a oibríonn i limistéar an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe sa chósta theas pleanáil do ghaoth amach ón gcósta ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar bhearnaí sonraí faoina gcuid gníomhaíochtaí. Leis an tionscadal, comhcheanglaíodh agallaimh aghaidh ar aghaidh, feidhmchlár nua sprae-channa a bhfuil gnéithe muirí mionsonraithe aige agus cairtbhreacairí soithí chun go bhféadfaí gníomhaíochtaí iascaigh a bhailíochtú ó thaobh spáis de i bhfíor-am. Rinneadh agallaimh aghaidh ar aghaidh le 78 n-úinéir soithigh ar bhord a gcuid soithí chun sonraí a bhailiú agus a bhailíochtú faoi 244 ghníomhaíocht bhliantúla iascaireachta a bhaineann le 22,700 lá iascaireachta.

Lean BIM le cómhaireachtáil a mheasúnú idir iascach agus feirmeacha gaoithe amach ón gcósta. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal measúnú a dhéanamh ar an éifeacht a bhíonn ag fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta ar ghníomhaíocht iascaireachta in uiscí na hEorpa. Áirítear leis anailís spásúil-ama ar dhifríochtaí comhréireacha san iarracht iascaireachta tar éis tógáil feirmeacha gaoithe, mar aon le measúnú ar na saintréithe teicniúla agus beartais a théann i bhfeidhm ar na difríochtaí sin. Leis na torthaí staidéir a eiseofar sa bhliain 2025, soláthrófar fianaise nua chun bonn eolais a chur faoi bheartas rialtas na hÉireann maidir le cómhaireachtáil a bharrfheabhsú chun cur isteach ar tháirgeadh bia mara a íoslaghdú.

## An tionscnamh um aigéin ghlana

Shínigh BIM Meabhrán Tuisceana le hIonad Teicneolaíochta Glaine Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, agus é mar chomhchuspóir acu réitigh theicniúla a fhorbairt i dtreo tionchair chomhshaoil a laghdú agus inbhuanaitheacht a fheabhsú i réimse an trealaimh iascaireachta agus dobharshaothraithe deireadh ré. Thacaigh Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan leis an Tionscnamh um Aigéin Ghlana trí thacaíocht theicniúil agus phraiticiúil a sholáthar ar mhaithe lena chuid cuspóirí a bhaint amach, is iad sin: Iascaireacht Bruscair a chothabháil; Scéim Scoir Trealaimh a fhorbairt; agus struchtúr tuairiscithe a dhearadh le haghaidh trealamh nua a chur ar an margadh.

Bhí an obair a rinneadh sa bhliain 2024 dírithe go príomha ar chur chun feidhme a dhéanamh ar an scéim um Fhreagracht Leathnaithe Táirgeora le haghaidh trealamh iascaireachta in Éirinn, agus táirgeoirí ag obair chun an bonneagar agus na próisis is gá a bhunú ar mhaithe leis na ceanglais rialála a chomhlíonadh. Díríonn iarrachtaí leanúnacha ar bhailiú sonraí, ar chaidreamh le geallsealbhóirí, agus ar chórais athchúrsála agus diúscartha a fhorbairt chun rath na scéime a chinntiú.

Mar chuid den Tuarascáil ó Aigéin Ghlana dar teideal *Marine Plastics Aquaculture Industry Services*, reáchtáladh 21 ghlantachán cladaigh ag Trá Bhréige, Acaill, Cuan Mó, an Caoláire, Poll na nOisrí, an Cromán, Cill Mocheallóg, Dhá Dhrom, Dún Garbhán, Banú agus Cairlinn. Spriocdhíríodh dhá imeacht de Dhúshlán Earraigh Chóstaí Glana ar Chuan Mó/Acaill agus ar Chairlinn, agus caidreamh á dhéanamh le grúpaí áitiúla ina ndiaidh. Ghlac Grúpa Chóras Bainistíochta Comhordaithe Áitiúla Dobharshaothraithe (CLAMS) Dhún Garbhán páirt i nGlanadh Tránna na Rinne, imeacht pobaltreoraithe an-rathúil a reáchtáladh i gcomhthráth le Mórghlantachán Tránna Chóstaí Glana. Ar fud na tíre, bailíodh 53 thona dramhaíola san iomlán le linn na nglantachán. Chuimsigh sé sin 40 tona de threalamh deireadh ré agus 13 thona de bhruscar muirí. Fostaíodh Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, i gcomhar le conraitheoir ceadúnaithe dramhaíola agus le hathchúrsálaí plaisteach, chun ceardlann oiliúna a sheoladh ar mhálaí oisrí a ullmhú lena n-athchúrsáil, lenar áiríodh an indéantacht ó thaobh saothair agus costais de. Reáchtáladh an cheardlann sin i gcomhar le Grúpa CLAMS Dhún Garbhán. D'fhoilsigh BIM faisnéis faoin Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide agus faoin Scéim um Fhreagracht Leathnaithe Táirgeora, agus cás-staidéar ar athchúrsáil inti do gheallsealbhóirí tionscail. Triaileadh mínitheoir i bhformáid físeáin, lenar díríodh aird oibritheoirí ar an tionscnamh "Tarraing ar ais é" a bhunaigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.



**13**
An líon tonaí de bhruscar muirí a bailíodh

**21**
An líon glantachán cladaigh a rinneadh

ar fud
**11**
chuan

## Seomra ranga cianda dobharshaothraithe

Tá tionscadal an tSeomra Ranga Chianda Dobharshaothraithe ag feidhmiú ón mbliain 2019 i leith, agus leanann scoileanna agus pobail le spéis mhór a léiriú ann. Ghlac 7,623 dhuine san iomlán páirt sa tionscadal sa bhliain 2024. Tairgtear sa Seomra Ranga Cianda Dobharshaothraithe anois inneachar do bhunscoileanna (rang a cúig agus rang a sé) agus do mheánscoileanna (an Idirbhliain, an cúigiú bliain agus an séú bliain), físeáin agus quizeanna ar líne, seimineáir Ghréasáin bheo, agus an deis chun freastal ar imeachtaí oideachais agus ar raon leathan imeachtaí tionscail. Mar chuid den iarracht fhoriomlán atá ar bun chun ceadúnas sóisialta a mhéadú don dobharshaothrú san Aontas Eorpach, bhí an Seomra Ranga Cianda Dobharshaothraithe i láthair ag an gComhdháil Eorpach um Dhobharshaothrú i gCóbanhávan i mí na Bealtaine 2024. Thug sé sin deis uathúil chun ballstáit Eorpacha eile a spreagadh leas a bhaint as an méid a foghlaimíodh trí ghníomhaíocht an tSeomra Ranga Chianda Dobharshaothraithe. Bhí slua thar a bheith maith i láthair ag an gComhdháil, agus breis agus 5,000 duine páirteach inti, agus bhí deis ann lena linn spreagadh a thabhairt do bhallstáit eile tosú ar thionscnaimh den chineál céanna a fhorbairt.

## Blais an tAtlantach

Leanann an chonair 'Blais an tAtlantach' le heispéireas uathúil a thairiscint chun táirgeoirí dobharshaothraithe a thaispeáint feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Leathnaíodh an chonair ó cruthaíodh sa bhliain 2014 í, agus tá breis agus 20 láthair thiomnaithe ar fáil uirthi anois ag ar féidir le cuairteoirí blaiseadh a fháil de bhia mara na hÉireann. Tá cuid mhór cuideachtaí ag brath ar an sruth ioncaim sin ón turasóireacht anois, agus é ina chuid ríthábhachtach dá n-ioncam foriomlán sa dobharshaothrú.

I gcomhar leis an gconair táirgeoirí, tá *Clár Ambasadóirí Príomhchócairí Óga 'Blais an tAtlantach'* ar bun le breis agus ceithre bliana anuas. Ghlac cúigear ambasadóirí príomhchócairí páirt sa chlár sin i gcomhpháirt leis an Líonra Príomhchócairí. Thug siad cuairt ar tháirgeoirí feadh na conaire 'Blais an tAtlantach', agus iad ag gnóthú taithí agus léargas luachmhar ar fheirmeoireacht bradán, oisrí agus diúilicíní.

## Tuarascáil ar inbhuanaitheacht dobharshaothraithe

Tugtar sa tuarascáil ar inbhuanaitheacht faisnéis thábhachtach faoi fheidhmíocht inbhuanaitheachta earnáil dobharshaothraithe na hÉireann. Measúnaíodh gach roinn dobharshaothraithe ar leithligh ó chéile, toisc go bhfágann na difríochtaí atá eatarthu ó thaobh bitheolaíochta, ionchur agus riachtanas de nach mbeadh na torthaí inchomparáide. Úsáideadh thart ar 24 phríomhtháscaire feidhmíochta chun inbhuanaitheacht na hearnála dobharshaothraithe (ranna bradán, diúilicíní téide agus oisrí) a mheasúnú. Úsáideadh naoi dtáscaire chun inbhuanaitheacht comhshaoil na hearnála a mheasúnú. Áiríodh leo sin úsáid acmhainní muirí, úsáid spáis, astaíochtaí gás ceaptha teasa, toradh fuinnimh ar infheistíocht, agus rannchuidiú le slándáil bia.




Úsáideadh seacht dtáscaire eacnamaíocha; bhí siad sin dírithe ar réimsí amhail oll-bhreisluach, coibhéis lánaimseartha, an cóimheas idir costas reatha agus láimhdeachas, luach díolacháin, agus táirgiúlacht (aschur in aghaidh na coibhéise lánaimseartha agus in aghaidh an aonaid úsáide spáis). Bhí na táscairí inbhuanaitheachta sóisialta dírithe ar mhórthionchair agus mórthairbhí an dobharshaothraithe laistigh de phobail áitiúla chósta agus tuaithe a mheas. Bhí siad dírithe freisin ar mhéadrachtaí difriúla éagsúlachta laistigh den earnáil, mar aon le hathbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr aoise na ranna difriúla. Úsáideadh cúig tháscaire san iomlán chun inbhuanaitheacht shóisialta na hearnála a mheasúnú.

Cé go mbíonn ag éirí go maith le gach ceann de na ranna ó thaobh an chomhshaoil de, bíonn éagsúlacht feidhmíochta ann gach bliain. Tá gá freisin le feasacht a mhúscailt ar na naisc idir inbhuanaitheacht comhshaoil agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch.

## An Córas Bainistíochta Comhordaithe Áitiúla Dobharshaothraithe

Tionscnamh seanbhunaithe náisiúnta atá ceaptha chun tacú le forbairt inbhuanaithe an dobharshaothraithe i gcuanta aonair timpeall an chósta is ea an Córas Bainistíochta Comhordaithe Áitiúla Dobharshaothraithe (CLAMS). Ar an leibhéal áitiúil, is córas é trínar féidir le hoibritheoirí dobharshaothraithe teacht le chéile agus obair ar thionscadail chomhordaithe.

Ag teacht sna sála ar thosaíochtaí na ngrúpaí CLAMS a ailíniú le cuspóirí an Phlean Straitéisigh Náisiúnta um Dhobharshaothrú Inbhuanaithe, bhí an obair a rinne BIM i gcomhar le grúpaí CLAMS dírithe go sonrach ar cháilíocht uisce i limistéir tháirgthe sliogéisc. Bhí sé sin mar phríomhthosaíocht ag na grúpaí CLAMS uile ar fud na tíre. Reáchtáladh trí cheardlann idirghníomhaireachta le grúpaí CLAMS i gCairlinn, Cuan Mó agus Acaill, agus Loch na dTrí gCaol/ Comharchumann Loch na dTrí gCaol. Le linn na gceardlann, bhí deis ag gníomhaireachtaí éagsúla an ról atá acu a mhíniú agus a gcuid oibre a chur i láthair. Áiríodh leo sin BIM, Foras na Mara, an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, comhairlí contae, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil, Gníomhaireacht na Lochanna, agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Bhí oibritheoirí dobharshaothraithe i ngrúpaí CLAMS in ann aird a tharraingt ar na dúshláin a bhíonn le sárú acu mar tháirgeoirí bia mara. Tháinig feabhas ar thuiscint, ar dheiseanna comhoibrithe agus ar réiteach fadhbanna mar thoradh ar na ceardlanna.



Tar éis na gcruinnithe sin, tugadh faoi phríomhghníomhartha agus malartaíodh faisnéis maidir le saincheisteanna sonracha, agus pleananna ar bun chun iad sin a leathnú a thuilleadh sa bhliain 2025. Imscaradh sé thóireadóir sonraí freisin chun buntacú leis an obair atá ar bun le grúpaí CLAMS ar an Maoil Rua, an Caoláire, Poll na nOisrí, Loch Trasna, Dún Garbhán agus Cairlinn.

San am atá thart, ba ar chomharthaí ag Loch Trasna, Cuan Mó agus Loch Cairlinn a cuireadh in iúl an rannchuidiú a dhéanann an dobharshaothrú le pobail chósta áitiúla. Tá siad sin á nuashonrú faoi láthair trí úsáid a bhaint as an teimpléad rathúil a forbraíodh do Bhanú agus Trá Bhréige, ina n-úsáidtear príomhtheachtaireachtaí dátheangacha agus íomhánna nua-aimseartha.

## Scéimeanna Marcála Aontaithe Inbhuanaithe

Le scéimeanna marcála aontaithe inbhuanaithe, cuirtear feabhas ar loingseoireacht agus sábháilteacht d'úsáideoirí uile na muirthimpeallachta i limistéir ina gcómhaireann an dobharshaothrú le húsáideoirí eile. Marcáiltear leo teorainneacha na limistéar táirgthe dobharshaothraithe trí úsáid a bhaint as líon beag marcanna ardcháilíochta a bhfuil saolré fhada acu, agus éifeachtúlachtaí á mbaint amach do na táirgeoirí dá bharr sin. Leis na scéimeanna, laghdaítear tionchar amhairc na marcanna, agus cruthaítear córas atá sothuigthe ag mairnéalaigh an tráth céanna.

Rinneadh cigireachtaí tráthrialta ar scéimeanna marcála aontaithe inbhuanaithe le linn na bliana 2024 chun loingseoireacht shábháilte a chinntiú. Rinneadh cothabháil ar mharcanna agus athsholáthraíodh iad de réir mar ba ghá, agus marcanna a bhí ann cheana á gcothabháil sna limistéir seo a leanas: an Caoláire, Aird Bhéarra, Cuan Mó Thuaidh, Cuan Mó Theas, an Mhaoil Rua, Cinn Mhara, Muicinis, Beanntraí, Cairlinn agus Dún Garbhán.

Tar éis do láithreáin nua teacht i bhfeidhm, cuireadh tús le síntí le scéimeanna marcála aontaithe inbhuanaithe i roinnt limistéar. Áiríodh leis sin Ceadú Reachtúil a fháil don Mhaoil Rua, Loch na dTrí gCaol, Loch Cairlinn, Inbhear Phort Láirge agus Bá Bheanntraí Istigh. Tá an Mhaoil Rua, Loch Cairlinn agus Beanntraí Istigh i mbun feidhme anois. De dheasca damáiste stoirme, rinneadh deisiúcháin agus cothabháil riachtanach ar an gCaoláire, Cuan Dhún Garbhán agus Muicinis.

## Cáilíocht uisce

Le linn obair spriocdhírithe cáilíochta uisce, sainaithníodh príomhbhrúnna miocróbacha i gcuanta táirgthe sliogéisc a raibh a dtorthaí aicmiúcháin sliogéisc á ndíghrádú. Leathnaíodh clár diansamplála coicísiúla uisce chuig insreafaí ag Cuan Dhún Garbhán chun na leibhéil lódála miocróbaí a shainaithint agus a chainníochtú, agus comhroinneadh réamhshonraí le Grúpa CLAMS Dhún Garbhán. Tacaíodh leis sin trí dhiansampláil a dhéanamh thar fhuinneoga taoide ar mhaithe le tuiscint a ghnóthú ar lódálacha thar thimthriallta taoide ag Cuan Dhún Garbhán agus ag Cuan Loch Garman araon. In anailís a rinneadh ar na sonraí i gcomhthéacs eachtraí aimsire agus antrapaigineacha i rith na bliana, tarraingíodh aird ar phríomhbhrúnna chun bonn eolais a chur faoi bhearta um chosc ar thruailliú sna limistéir aicmithe tháirgthe agus chun na bearta sin a bhrostú. Ar an tslí sin, cinnteofar táirgeadh leanúnach sliogéisc laistigh den aicmiú, agus tacófar leis an gcáil atá ar Bhia Mara na hÉireann agus le rochtain ar mhargaí seirbhísí bia.

## Measúnachtaí seandálaíochta

Is féidir go mbeidh measúnachtaí tionchair seandálaíochta faoi uisce ag teastáil i gcás gur lorgaíodh ceadúnais dobharshaothraithe do limistéir inar ann do struchtúir fhisiciúla lena mbaineann luach oidhreachta seandálaíochta. Tá measúnachtaí tionchair seandálaíochta faoi uisce ag teastáil chun tionchair a mheasúnú agus, más gá, chun maoluithe a mholadh mar chuid den phróiseas ceadúnúcháin. Cuireadh teagmháil thráthrialta ar bun le Rannán Bainistíochta Dobharshaothraithe agus Imeall Trá na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir leis na riachtanais atá le measúnacht tionchair seandálaíochta faoi uisce. Mar thoradh air sin, cuireadh tuarascáil maidir le measúnacht tionchair seandálaíochta faoi uisce i gcrích don Ghleann in Inbhear na Sionainne.

## Staidéar carbóin

Sa tuarascáil dar teideal *Carbon Footprint report of the Irish Seafood Sector* a d'fhoilsigh BIM i mí Feabhra 2023, soláthraíodh bonnlíne astaíochtaí gás ceaptha teasa d'earnáil bia mara na hÉireann ar féidir í a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht carbóin na hearnála amach anseo. Ag teacht sna sála ar an obair sin, cuireadh tús sa bhliain 2024 le tionscadal chun a imscrúdú cé chomh réidh agus atá cabhlach iascaireachta mara na hÉireann le glacadh le teicneolaíochtaí um ghníomhú ar son na haeráide. Ceann amháin de na príomhaschuir ón tionscadal sin is ea an *'Climate action case study report'*, ina ndoiciméadaítear teicneolaíochtaí um ghníomhú ar son na haeráide, amhail córais tiomána hidrigine agus meatánóil, atá á nglacadh ag cabhlaigh ar fud an domhain. Tá an tuarascáil sin le foilsiú go hoifigiúil go luath sa bhliain 2025. Tionscadal gaolmhar eile a tionscnaíodh sa bhliain 2024 agus a leanfaidh ar aghaidh sa bhliain 2025 is ea an staidéar soithí tagartha ar ghníomhú ar son na haeráide.

Samhaltófar leis an tionscadal nuálach sin teicneolaíochtaí difriúla laghdú carbóin, amhail breoslaí malartacha agus córais nua bogearraí, d'ocht gcinn de shoithí tagartha iascaireachta Éireannacha. Roghnaíodh na soithí tagartha sin chun a bheith ionadaíoch don chabhlach iascaireachta Éireannach i gcoitinne. Tá sé mar aidhm leis an staidéar iniúchadh a dhéanamh ar chonairí féideartha um ghníomhú ar son na haeráide do ranna difriúla cabhlaigh agus sainaithint a dhéanamh ar bhacainní agus cumasóirí maidir leis na conairí sin a chur chun feidhme i gcomhthéacs Éireannach. Tá feasacht idirnáisiúnta ar cheann de na tosca is tábhachtaí maidir le rath an tionscadail, agus tá BIM ag obair go neamhfhoirmiúil le heagraíochtaí eachtracha amhail institiúid RISE sa tSualainn, SINTEF san Iorua agus Seafish sa Ríocht Aontaithe i réimse an ghníomhaithe ar son na haeráide.



## Speicis choimhthíocha ionracha

Bhí an bhliain seo caite ina bliain rathúil eile don tionscadal um Speicis Choimhthíocha Ionracha. Lena linn, reáchtáladh imeacht oiliúna ar glacadh go maith leis d'innealtóirí agus tréidlianna de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Bhí baill foirne ó Fhoras na Mara agus ionadaí ón Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta páirteach ann freisin. D'fhoilsigh BIM tuarascáil chuimsitheach ar obair an tionscadail um Speicis Choimhthíocha go dtí seo, rud ina leagtar amach sonraí tábhachtacha a bailíodh. Bunaíodh an tionscadal Oileáin Chomhroinnte um Speicis Choimhthíocha le linn na bliana, agus acmhainní breise á gcur ar fáil chun plé leis an tsaincheist thábhachtach bithéagsúlachta sin dá bharr. Tá BIM ar choiste stiúrtha agus foghrúpa muirí an tionscadail. Cuireadh obair BIM ar speicis choimhthíocha i láthair ag an bhFóram Náisiúnta um Speicis Choimhthíocha, agus tugadh aitheantas d'obair na hearnála dobharshaothraithe ina leith. Mar gheall ar an easpa diúilicíní síl sa bhliain 2024, níor cuireadh i gcrích na suirbhéanna síolta a bhí beartaithe.

Lean BIM le tacú le hoibritheoirí dobharshaothraithe pleananna Measúnaithe Riosca agus Bithshlándála a bhunú dá gcuid gnólachtaí agus gluaiseachtaí stoic. Lean sé le cúnamh a thabhairt don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara arna iarraidh sin freisin.

## Caomhantas gliomach

**48,000**
An líon gliomach aosach a cuireadh ar ais go sábháilte sa mhuir

**225**
An líon iascairí cladaigh a ghlac páirt sa scéim

**80**
An líon láithreacha ar fud an chósta

**€584,000**
An méid cúnaimh deontais a dámhadh

Ghlac 225 iascaire cladaigh ó bheagnach 80 láthair ar fud na hÉireann páirt i gclár v-eangaithe BIM sa bhliain 2024, ar dá bharr a bhíothas in ann níos mó ná 48,000 gliomach aosach a chur ar ais go sábháilte sa mhuir agus iad a chosaint ar a dtabhairt i dtír. Cumasaíodh do na gliomaigh sin sceitheadh arís agus arís eile freisin. Le chéile, scaoilfidh na gliomaigh níos mó ná 360 milliún larbha gach uair a sceithfidh siad.

Is iad baill foirne BIM a dhéanann faireachán ar an gclár agus is iad Rialtas na hÉireann agus an Coimisiún Eorpach a chomhchistíonn é. Cúitítear iascairí as na gabhálacha a chuireann siad ar ais le linn dóibh páirt a ghlacadh sa chlár, trína mbíonn siad ag cosaint an speicis, ag cothabháil an tionscail agus ag tógáil todhchaí inbhuanaithe.

Tá sé mar aidhm leis an scéim v-eangaithe gliomach feabhas a chur ar inbhuanaitheacht iascach gliomach na hÉireann trí ghliomaigh bhaineanna a chosaint ionas gur féidir leo pórú go rathúil roinnt uaireanta sula ngabhtar iad. Agus iad ag iascaireacht, tugann iascairí tráchtála gliomaigh bhaineanna a bhfuil uibheacha iontu i dtír ionas gur féidir le baill foirne BIM na gliomaigh a v-eangú. Is é atá i gceist le v-eangú ná eang bheag v-chruthach a ghearradh i gceann de na liopaí eireabaill den ghliomach baineann. Cuirtear é ar ais sa mhuir ansin chun pórú. Tugtar leis an marcáil sin cosaint dhlíthiúil don ghliomach, a fhágann nach bhféadfar é a thabhairt i dtír, a iompar ná a dhíol agus nach mór é a chur ar ais sa mhuir má ghabhtar arís é. Is gnách go maireann an v-eang trí fholadh, agus cuireann sé ar chumas an ghliomaigh sceitheadh gach dara bliain ar feadh suas le sé bliana tar éis v-eangaithe.

Beag beann ar an tús déanach sa séasúr, d'éirigh thar barr le clár v-eangaithe na bliana 2024; rinneadh thart ar 48,000 gliomach, an líon is airde ar taifead, agus 32 thona meáchain iontu (thart ar 5% de mheáchan iomlán na ngliomach a tugadh i dtír) a v-eangú agus a chur ar ais sa mhuir chun pórú ag beagnach 80 láthair timpeall an chósta. Táirgfidh na gliomaigh sin níos mó ná 360 milliún larbha gliomaigh chun an daonra a choinneáil ar bun sa chéad bhliain tar éis v-eangaithe. Ghlac beagnach 230 iascaire páirt sa chlár, agus dámhadh cúnamh deontais arbh fhiú beagnach €584,000 san iomlán é.



## Fóraim iascaigh cladaigh

Mar gheall ar na dúshláin leanúnacha a bhí ann san earnáil iascaigh cladaigh le linn na bliana 2024, d'fhreastail baill den Fhóram Náisiúnta um Iascach Cladaigh (NIFF) agus den Fhóram Réigiúnach um Iascach Cladaigh (RIFF) ar an líon is mó riamh de chruinnithe inmheánacha agus seachtracha. Tionóladh seacht gcruinniú agus 20 cruinniú de chuid NIFF agus de chuid RIFF faoi seach, agus iad ar siúl i bpearsa agus ar líne araon. Rinneadh caidreamh fairsing leis an nGrúpa Oibre um Bia Mara agus Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta freisin, agus naoi gcruinniú agus 18 gcruinniú foghrúpa á dtionól. D'fhreastail baill NIFF agus RIFF ar na cruinnithe sin, agus thug an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Foras na Mara agus EirGrid láithreoireachtaí lena linn. Mar chuid d'Fhóram Ionadaithe an Tionscail Bia Mara, ghlac baill NIFF agus RIFF páirt i sraith leanúnach cruinnithe le hionadaithe ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus le hionadaithe ón earnáil fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta maidir le Creat-Chomhaontú Náisiúnta a fhorbairt idir an earnáil bia mara agus an earnáil fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta.

D'fhreastail baill NIFF agus RIFF ar 50 cruinniú eile ar shaincheisteanna éagsúla le linn na bliana 2024 freisin, lenar áiríodh Clár Oibríochtúil nua an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID), bainistiú cuótaí, scadán na Mara Ceiltí, baoite malartach cuachmaí, etc.

## Cuirtín de bholgáin aeir

Imscaradh dhá chuirtín de bholgáin aeir ag láithreacha tráchtála i gcontae na Gaillimhe agus i gcontae Dhún na nGall sa bhliain 2024. Cé go raibh sé níos dúshlánaí an teicneolaíocht a shuí ag na láithreáin sin i gcomparáid leis na láithreacha trialach roimhe, roghnaíodh iad chun teorainneacha na teicneolaíochta a bhí ar fáil a mheasúnú agus, ar an tslí sin, chun éifeachtúlacht a mheas go hiomlán i gcomhthéacs Éireannach. Bhí an píobán líneach idirleata ag an láithreán i gCo. Dhún na nGall 1,260 m ar fad, agus é 1,210 m ar fad ag an láithreán i gCo. na Gaillimhe. Tá na figiúirí sin cothrom le méadú os cionn 30% ar an bhfad a úsáideadh i dtrialacha roimhe, gan sonraíocht na gcomhbhrúiteoirí a athrú. Tá láithreán na Gaillimhe faoi réir nochtadh suntasach tonnta, agus bhí doimhneacht mhíchothrom aige. Chun infhaighteacht aeir a uasmhéadú, imscaradh na ranna cuirtíní ag doimhneachtaí difriúla. Imscaradh thart ar a leath ag 16.5 m, agus imscaradh an leath eile ag 19.5 m. D'fhág sé sin go raibh laghdú ann ar an riachtanas aerbhrú sna ranna is airde den chuirtín, agus méadú ag teacht ar aerbhrú agus ansin ar aershreabhadh sna ranna is doimhne. Rialaíodh an méid sin ar fad trí bhualchomhla bhunúsach a bhí suite in aice leis na comhbhrúiteoirí. Bhí rochtain éasca ag baill foirne tionscadail agus ag pearsanra ar an láithreán ar an gcóimeáil comhla sin. Mar thoradh ar an úsáid a baineadh as bualchomhlaí, bhí sé éasca rátaí aershreafa a bhainistiú. D'éascaigh sé sin aershreabhadh den scoth chuig gach cuid den líonra, beag beann ar dhoimhneacht cuirtíní.

## Córas hibrideach báirse

Áiríodh le clár an Dúshláin Mhuirí sa bhliain 2024 córas hibrideach a imscaradh ar bháirse tráchtála beathaithe bradán. Tá toilleadh stórála 85 kWh ag an gcóras, agus is féidir leis cumhacht a sholáthar i dtrí chéim, in aon chéim agus ag 110 V. Coimisiúnaíodh an triail go hiomlán i mí na Bealtaine agus, ag an am sin, cinneadh go bhféadfaí leis an gcóras hibrideach freastal ar riachtanais an trealaimh ar fad ar bhord an bháirse beathaithe, lena n-áirítear an hiodrálaic chraenach. Tá faireachán agus mionchoigeartuithe á ndéanamh ar an gcóras ó imscaradh é. Laghdaíodh am reatha na ngineadóirí ar an mbáirse faoi 76% ar an meán. Cé go raibh an laghdú sin cothrom le 72% ar dtús, feabhsaíodh an bhonnlíne sin faoi 10% mar gheall ar mhionchoigeartuithe a rinneadh le linn na trialach. Is ionann an laghdú ar am rite na ngineadóirí agus coigilt breosla 3,600 lítear in aghaidh na míosa, rud a chomhfhreagraíonn do choigilt carbóin 10,000 kg, beagnach, in aghaidh na míosa.

A bhuí leis an bhfaireachán feabhsaithe atá le déanamh ar an gcóras sa bhliain 2025, beifear in ann réamh-mheastacháin samhaltúcháin níos fearr a dhéanamh do chórais amach anseo bunaithe ar na hualaí a theastaíonn. Ag bulcphraghsanna reatha breosla, fágfaidh sé sin go mbainfear toradh iomlán ar infheistíocht amach laistigh de dhá bhliain.

## Feabhsú ar stoic oisrí dúchasacha

San am atá thart, ba ghnách éiceachórais sceire oisrí dúchasacha (*O. edulis*) a aimsiú ina limistéir mhóra (roinnt km$^2$), agus sceireacha aonair ina raibh



roinnt heicteár á ndoiciméadú. Sa lá atá inniu ann, bíonn oisrí dúchasacha le fáil ina n-aonar nó, go hannamh, ina ndlúthghrúpaí i limistéir nach bhfuil iontu ach roinnt méadar carnach. Ina fhianaise sin, bíonn aitheantas méadaitheach á thabhairt don stádas díghrádaithe atá ag éiceachórais oisrí dúchasacha, a bhfuil tábhacht éiceolaíoch leo. Mar thoradh air sin, tá iarrachtaí méadaitheacha ar bun chun an ghnáthóg a athbhunú ag roinnt mhaith láithreacha ar fud a raoin dhúchasaigh. Táthar ag súil leis anois go gcuirfear borradh faoi iarrachtaí athbhunaithe mar fhreagairt do Dhlí an Aontais Eorpaigh um Athbhunú an Dúlra. Dá réir sin, lean BIM lena chuid oibre ar an speiceas seo sa bhliain 2025. Coimisiúnaíodh dhá lochán sceathraí oisrí dúchasacha trí úsáid a bhaint as stoic de bhunús ar leith. Mar sin féin, mar thoradh ar dhrochdhálaí aimsire i mí Iúil, ar lena linn a bhí báisteach throm leanúnach ann, bhí sé deacair an teocht a rialú sna locháin. Mar thoradh air sin, beag beann ar an sártháirgeadh larbhaí sna locháin, b'íseal a bhí rath na lonnaíochta, agus b'ard a bhí an mhortlaíocht inti. An tráth céanna, rinneadh faireachán ráithiúil ar limistéir shaothraithe, agus tugadh faoi fhaireachán dhá uair sa bhliain ar láithreáin sealaíochta BIM chun faireachán a dhéanamh ar mharthanas na sceathraí a táirgeadh faoin gclár seo i mblianta roimhe. Soláthraítear na sonraí sin d'Fhoras na Mara lena n-anailísiú.

*Cás-Staidéar:*

### Líontán mogaill mhéadaithe san iascach gliomach

Chuir an fhoireann Caomhantais Iascaigh staidéar i gcrích ar mhogall méadaithe i dtráil a úsáidtear chun spriocdhíriú ar ghliomaigh. Bhí roinnt trál spártha gliomach ag scipéir Éireannach tar éis soitheach eile a dhíchoimisiúnú, agus bhí fonn air iarracht a dhéanamh iad a mhodhnú ar mhaithe le héifeachtúlacht breosla a fheabhsú.

Is eol go bhfuil ceangal ann idir achar laghdaithe dromchla sreangáin de bharr méid mogaill mhéadaithe agus laghdú ar chúltarraingt hidridinimiciúil agus ar úsáid breosla. Chabhraigh BIM leis leatháin uachtaracha 300 mm a thástáil i Muir Éireann Thiar i mí an Mheithimh 2024. Tháinig méadú 38% ar ghabhálacha gliomach, agus tháinig laghdú 39% ar ghabhálacha faoitíní fomhéide. Laghdaíodh an t-achar dromchla sreangáin faoi 8%. Cé nach rabhthas in ann úsáid breosla a mheasúnú le linn na trialach, d'fheistigh úinéir soithigh eile leatháin uachtaracha 300 mm freisin, agus thuairiscigh sé laghdú 10% ar úsáid breosla thar roinnt turas.

D'fhéadfaí an méadú ar ghabhálacha gliomach a chur síos don fheabhas ar theagmháil an tráil mhodhnaithe leis an talamh. Is fionnachtain thábhachtach é an laghdú suntasach ar fhaoitíní fomhéide, mar gheall ar dhrochstádas stoic agus ar na riachtanais atá le roghnaíocht faoitíní a fheabhsú. Tá acmhainneacht ollmhór ag an bhforbairt trealaimh sin chun a bheith ina beart bainistíochta lena dtacaítear le forbairt inbhuanaithe iascach gliomach na hÉireann.

# Iomaíochas



## Sonraí bia mara a bhailiú

Seirbhís lárnach a sholáthraíonn BIM is ea sonraí náisiúnta eacnamaíocha agus sóisialta a bhailiú, a anailísiú agus a thuairisciú gach bliain do na hearnálacha gabhála agus dobharshaothraithe trí Shuirbhéanna Náisiúnta Bia Mara. Is trí CEMID a chistítear clár ilbhliantúil an Aontais Eorpaigh le haghaidh bailiú sonraí, agus is le rialacháin éagsúla ón Aontas a bhuntacaítear leis, agus sonraítear ann na ceanglais sonraí le haghaidh sonraí a bhailiú, a bhainistiú agus a úsáid sna hearnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe chun tacú le comhairle eolaíoch don Chomhbheartas Iascaigh.

Is le geallsealbhóirí éagsúla, Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta ina measc, a chomhroinntear na tacair sonraí a ghintear trí na suirbhéanna sin, agus úsáidtear iad chun bonn eolais a chur faoi Thuarascálacha Eacnamaíocha Bliantúla an Aontais Eorpaigh um Iascach agus Dobharshaothrú ón gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach. Leis na sonraí a bhailítear, tacaítear le húdar a thabhairt le cláir náisiúnta agus AE um chúnamh deontais a bhfuil mar aidhm leo treisiú leis an tionscal agus le pobail chósta faoin gComhbheartas Iascaigh. Gach fómhar, foilsíonn BIM na fionnachtana ó shuirbhéanna trí thuarascálacha bliantúla earnála agus trí dheaiseanna idirghníomhacha ar líne, ar nithe iad a scaiptear go forleathan ar an tionscal.

Sna tuarascálacha sin, tugtar léargais luachmhara ar fheidhmíocht eacnamaíoch agus déimeagrafaic shóisialta na ndaoine atá fostaithe laistigh de na hearnálacha, agus tarraingítear aird ar na dúshláin atá roimh an tionscal agus ar na deiseanna atá le tapú aige.

## Sonraí a thiontú ina léargais

Ceann de na príomhchuspóirí atá ag BIM is ea feabhas leanúnach a chur ar an gcumas atá aige sonraí a bhunathrú ina léargais inghníomhaithe chun cur le hiomaíochas na hearnála bia mara. Trí shonraí fíor-ama atá deighilte agus anailísithe a sholáthar, tacaíonn BIM le feidhmíocht oibriúcháin agus margaidh.

Agus leas á bhaint as cistiú ó CEMID, thug BIM léargais luachmhara do gheallsealbhóirí i rith na bliana 2024 trí sheirbhísí agus bealaí cumarsáide a leathnú. Cuireadh feabhas ar an Mol Sonraí Léargas ar líne, agus sinn ag tógáil ar uirlisí amhail Cairteacha Bainistíochta Iascaigh, lena simplítear rochtain ar bhearta teicniúla ar leibhéal an iascaigh agus ar leibhéal an limistéir. Lean BIM le mionchoigeartuithe a dhéanamh ar a chuid uirlisí láithreoireachta digití, amhail léirshamhluithe tumthacha agus deaiseanna idirghníomhacha, lena gcumasaítear don tionscal léargais choimeádta sonraí a iniúchadh trí léarscáileanna scéalta tarraingteacha. Leis na huirlisí sin, tugtar léargas domhain ar earnáil bia mara na hÉireann, agus cabhraítear le rioscaí agus leochaileachtaí féideartha a shainaithint ionas gur féidir le BIM bearta a chur chun feidhme go réamhghníomhach chun na rioscaí sin a mhaolú agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach an tionscail a chosaint.

Chomh maith leis sin, lean BIM le faisnéis gnó ríthábhachtach agus léargais mhargaidh a thabhairt don tionscal trí shraith tuarascálacha cuimsitheacha agus ceardlann cuimsitheach. Coinníodh seirbhís tuairiscithe mhíosúil ar bun, lena dtugtar an mioneolas is deireanaí ar reachtaíocht mhuirí agus comhshaoil agus ar thionscnaimh bheartais mhuirí san Eoraip agus ar fud an domhain.

Comhroinneadh na tuarascálacha sin leis an earnáil bia mara agus le foirne inmheánacha BIM araon, agus rochtain leanúnach á cinntiú ar fhaisnéis ábhartha thráthúil.



## Leas a bhaint as léargais sonraí chun todhchaí thionscal bia mara na hÉireann a bhrú chun cinn

Mar chuid den tiomantas atá ag BIM do thrédhearcacht agus do rialachas sonraíbhunaithe, d'fhorbair sé deaiseanna idirghníomhacha lena dtugtar léargais luachmhara ar thionscal bia mara na hÉireann. Leis na huirlisí sin, cuirtear sonraí i gcroílár na cinnteoireachta eolaí, agus tacaítear le héifeachtúlacht, le nuálaíocht agus le pleanáil straitéiseach.

Leis an Deais Dobharshaothraithe, cuirtear sonraí ón Suirbhé Náisiúnta Bia Mara (2018–2022) i láthair, agus tugtar forbhreathnú cuimsitheach ar threochtaí fostaíochta agus ar fheidhmíocht eacnamaíoch san earnáil. Leis an Deais Iascaigh, tugtar léargais ar oibríochtaí chabhlach na hÉireann, lena gcumhdaítear sonraí eacnamaíocha, fostaíocht agus gabhálacha, agus cuirtear feidhmíocht an tionscail i láthair go soiléir. An tráth céanna, soláthraítear leis an StoryMap ar chuanta dobharshaothraithe na hÉireann eispéireas tarraingteach idirghníomhach, lena mionsonraítear príomhléargais ar limistéir cheadúnaithe tháirgthe, ar tháirgeadh iomlán (luach agus méid), agus ar na toghlimistéir áitiúla a n-imríonn an dobharshaothrú tionchar orthu.

Trí na huirlisí dinimiciúla inrochtana sin, bíonn BIM ag cur lena tharraingtí agus lena inghníomhaithe atá sonraí casta faoin tionscal bia mara, agus na léargais a theastaíonn chun todhchaí earnáil bia mara na hÉireann a bhrú chun cinn á dtabhairt aige do gheallsealbhóirí.

## Athléimneacht na hearnála bia mara a thomhas

Sa bhliain 2023, cuireadh tús le tionscadal ina ndéantar breithniú ar a athléimní atá earnáil bia mara na hÉireann i leith suaití eacnamaíocha, amhail paindéim COVID-19, Brexit, agus an choinbhleacht san Úcráin. Dearadh an tionscadal chun scrúdú cuimsitheach a dhéanamh ar thionchair na n-eachtraí sin agus chun meastóireacht a dhéanamh ar straitéisí freagartha na hearnála. Tugadh faoi chleachtadh cuimsitheach scóipe a bhí dírithe ar shuaití stairiúla laistigh den earnáil bia mara a dhoiciméadú. Is é príomhchuspóir na hoibre sin anailís mhionchúiseach a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó shuaití reatha agus ó shuaití san am atá thart araon. Tá ríthábhacht ag baint leis an anailís sin maidir leis an tionscal, agus gníomhaireachtaí ábhartha, a threorú i dtreo straitéisí láidre athléimneachta a fhorbairt.

Leis an tionscadal, soláthrófar fianaise le haghaidh cinnteoireachta, leagfar amach réimsí le haghaidh gníomhaíocht láithreach, agus cuirfear bonn eolais faoi athruithe straitéiseacha chun cur lena athléimní a bheidh tionscal bia mara na hÉireann i leith suaití amach anseo. Úsáidfear cur chuige modhanna measctha lena gcomhcheanglófar cás-staidéir dhoimhne agus sonraí a bhailítear trí agallaimh agus suirbhéanna chun oiriúnú agus ciorclaíocht samhlacha gnó a imscrúdú. Samhaltófar cásanna amach anseo freisin. Tá sé mar aidhm leis an staidéar eolas a thabhairt d'earnáil bia mara na hÉireann ar conas inbhuanaitheacht agus athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch na n-iascairí, na saothróirí dobharshaothraithe, an tionscail bia mara i gcoitinne agus na bpobal cósta atá ag brath ar bhia mara in Éirinn a chothabháil mar fhreagairt do mhórshuaití amach anseo.



## Staidéar ar chalafoirt

Sa bhliain 2024, chríochnaigh BIM an dara meastóireacht ar na deich bpríomhchalafort in Éirinn chun measúnú a dhéanamh ar an tábhacht dhíreach agus réamhtheachtach a bhaineann leis an earnáil bia mara sna calafoirt sin, ina gcúlchríocha agus ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta. Agus í bunaithe ar fhionnachtana a gnóthaíodh sa bhliain 2018, rinneadh an chéad mheastóireacht sa bhliain 2019; léiríodh inti na héifeachtaí díreacha, indíreacha agus spreagtha a bhíonn ag an earnáil bia mara ar gheilleagar na ndeich bpríomhchalafort bia mara in Éirinn agus ar a gcúlchríocha, agus ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta.

Tá 4,470 duine fostaithe go díreach ag earnáil bia mara na hÉireann ar fud na ndeich bpríomhchalafort, cothrom le laghdú 6% ó rinneadh an mheastóireacht roimhe sa bhliain 2019. Ba ag calafort na gCeall Beag agus calafort Bhaile Chaisleáin Bhéarra a bhí an líon ba mhó daoine fostaithe, agus 925 fhostaí agus 835 fhostaí acu faoi seach. Bhí beagnach 600 duine fostaithe go díreach ag calafort Bhinn Éadair, agus bhí breis agus 400 duine fostaithe go díreach ag calafort Ros an Mhíl agus calafort Dhaingean Uí Chúis.

Rannchuidíonn na deich bpríomhchalafort san earnáil bia mara in Éirinn 8,760 post san iomlán go díreach agus ar bhonn réamhtheachtach le geilleagar na hÉireann. Is ionann é sin agus méadú 4% ar an líon iomlán post ó rinneadh an chéad mheasúnú sa bhliain 2018. Tá breis agus 2,000 duine fostaithe go lánaimseartha laistigh de chúlchríoch na gCeall Beag, agus tá 1,500 duine fostaithe go lánaimseartha laistigh de chúlchríoch Bhaile Chaisleáin Bhéarra. Tá breis agus 1,200 duine fostaithe i mBinn Éadair, agus fostaíonn formhór na gcalafort eile níos mó ná 400 duine ar fud na hearnála bia mara.

Ar an leibhéal náisiúnta, rannchuidigh na deich bpríomhchalafort in earnáil bia mara na hÉireann na nithe seo a leanas:

€84.5m i nglanchánachas sa bhliain 2023, cothrom le fíormhéadú 32% ó bhí an bhliain 2018 ann

- €736m in oll-bhreisluach, cothrom le fíorlaghdú faoi bhun 1% ó bhí an bhliain 2018 ann
- 8,760 post, cothrom le méadú 4% ó bhí an bhliain 2018 ann
- €288m in ollphá, cothrom le laghdú 6% ó bhí an bhliain 2018 ann



## Seirbhísí faisnéise gnó

Soláthraíodh seirbhísí faisnéise gnó don tionscal bia mara i dtrí phríomhréimse straitéiseacha – faisnéis margaidh, faisnéis tráchtála agus faisnéis theicniúil. Leis an gclár faisnéise margaidh, tugadh léargais thábhachtacha d'earnáil miondíola agus seirbhísí bia na hÉireann, agus tugadh tacaí sonraí agus léargais ríthábhachtacha don earnáil dhomhanda bia mara. Ghlac cuideachtaí páirt sa chlár trí cheardlanna praiticiúla agus trí mheantóireacht duine le duine araon. Dhírigh na seirbhísí faisnéise tráchtála ar thacaí a sholáthar i réimsí an fháis gnó agus na pleanála comharbais. Tugadh cúnamh maidir le hanailís agus pleanáil gnó ar bhonn aonair freisin. Laistigh den cholún faisnéise teicniúla, leagadh an díriú ar úsáid comhtháirgí, ar fhorbairt táirgí nua, agus ar anailís ar an slabhra soláthair.



## Clár forbartha gnó

Reáchtáladh roinnt tionscadal nuálach a bhí dírithe ar nithe tráchtála faoin gclár forbartha gnó sa bhliain 2024. Dhírigh an fhoireann forbartha gnó ar roinnt tionscnamh a sholáthar don Líonra Nuálaíochta Bia Mara a bunaíodh le déanaí. Áiríodh leo sin ceardlanna sonracha maidir le húsáid na róbataice i bpróiseáil bia mara. I gcomhpháirt le Teagasc, reáchtáladh ceardlann ar an topaic sin i mBaile an Ásaigh sa chéad ráithe den bhliain 2024. Ina dhiaidh sin, eagraíodh turas allamuigh chuig Urk san Ísiltír, agus príomhbhaill den earnáil próiseála bia mara i láthair. Reáchtáladh an dara ceardlann intíre, ar fhreastail breis agus 70 rannpháirtí uirthi, sa cheathrú deiridh den bhliain. Ba ar úsáid comhtháirgí a díríodh lena linn. Dearadh an cheardlann sin chun cabhrú le próiseálaithe an táirgeacht ó iasc iomlán a uasmhéadú agus féachaint ar fhorbairt táirgí nua ar mhaithe le húsáid a bhaint as iasc iomlán, a measadh roimhe seo a bheith ina dhramhábhar.

Leanadh le hobair le Grúpa Pacálaithe Oisrí na hÉireann, a tháinig le chéile trí huaire sa bhliain 2024. Ghlac 'Saothróirí Oisrí na Chéad Ghlúine Eile' páirt sna cruinnithe sin freisin, agus scrúdaíodh lena linn modhanna nua inar féidir bealaí chun an mhargaidh a chur chun cinn agus a fhorbairt d'oisrí Éireannacha.

## Ceardlanna maidir le sláinte agus leas éisc

Tá Ceardlanna maidir le Sláinte agus Leas Éisc deartha chun an t-eolas agus an inniúlacht is gá maidir le cleachtas leasa agus teicnící láimhseála a thabhairt don tionscal dobharshaothraithe éisc eite ionas gur féidir leis ceanglais chaighdeáin rialála agus tríú páirtí a chomhlíonadh i ndáil le dea-chleachtais sláinte agus leasa. Soláthraíodh seacht gceardlann, agus 111 rannpháirtí san iomlán ón earnáil éisc eite ag freastal orthu.

Soláthraíodh trí cinn de cheardlanna iomlána rangbhunaithe curaclaim (a bhí aitheanta do dheimhniú caighdeán tríú páirtí) le linn an dara ráithe agus an cheathrú ráithe; áiríodh leo sin dhá cheardlann mhuirí agus ceardlann fionnuisce amháin. Bhí na ceardlanna spriocdhírithe ar dhaoine aonair a bhí ag iarraidh cur leis an eolas atá acu ar leas éisc san earnáil dobharshaothraithe éisc eite. Bhí siad ina n-ábhar spéise ar leith d'iontrálaithe nua nó mar cheardlann athnuachana do bhaill foirne a oibríonn ag láithreáin fionnuisce agus mhuirí agus a bhfuil baint dhíreach acu le hiasc a láimhseáil, a aistriú agus a shaothrú. Bhí an clár eile comhdhéanta de cheithre cinn de cheardlanna modúlacha inar díríodh ar raon réimsí is ábhar imní maidir le leas éisc – Zóplanctón díobhálach, Bainistíocht glantóirí, Cóireálacha Vacsaínithe agus Folctha i bhfionnuisce, agus Galair Thógálacha. Ba i bpearsa a soláthraíodh na ceardlanna uile, agus iad á n-éascú ag Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh agus ag Coláiste Náisiúnta Iascaigh BIM, Baile Chaisleáin Bhéarra.



## Tionscadal noraivíris

Chun ardcháilíocht a choinneáil ar bun agus caighdeáin tionscail a chomhlíonadh, is gá do tháirgeoirí Éireannacha tuiscint shoiléir a bheith acu ar phataiginí agus ar víris, toisc gur féidir leo dul i bhfeidhm ar bhraistintí an mhargaidh agus ar shábháilteacht bia. Ina theannta sin, is i bhfeidhm ag roinnt margaí san Áise atá rialacháin atá difriúil leo sin atá leagtha síos ag an Aontas Eorpach. Dá bhrí sin, tá ríthábhacht ag baint le hoisrí a thástáil chun a chinntiú go gcomhlíonann siad caighdeáin rialaithe cáilíochta, chun an tsláinte phoiblí a chosaint agus chun margaí tráchtála a dhaingniú.

Cabhraíodh le treochtaí náisiúnta a rianú ó thaobh noraivíris de trí thástáil leanúnach, as ar tháinig moltaí maidir le dea-chleachtais chun cabhrú le seasamh láidir na hÉireann sa mhargadh a chothabháil. Mar shampla, aimsíodh i staidéir roimhe difríochtaí suntasacha i leibhéil noraivíris idir uiscí sliogéisc Aicme A agus uiscí sliogéisc Aicme B.

Cé go dtugtar sna Rialacháin um Shláinteachas Sliogéisc léargas éigin ar an riosca éilliúcháin noraivíris, níl aon ráthaíocht ann go bhfuil uiscí Aicme A lánsaor ón víreas. Ina theannta sin, léirítear leis an tionscadal fadtéarmach seo gur aimsíodh leibhéil chomhchosúla noraivíris i samplaí oisrí i dtástálacha a rinneadh i ngeimhreadh na mblianta 2022/23 agus 2023/24. Bhí méadú ann ar leitheadúlacht ghéinitíopa II, áfach.

Tríd an tionscadal seo, forbraíodh Córas feabhsaithe Bainistíochta Comhtháite Sábháilteachta Bia a bhfuil plean um Noraivíreas a Mhaolú ag gabháil leis; is féidir leis an gcóras sin éilliú noraivíris in oisrí a laghdú go mór. Chruthaigh modhanna feabhsaithe íonaithe – amhail teochtaí níos airde agus amanna cóireála níos faide le linn thréimhse ardriosca an gheimhridh – a bheith an-éifeachtach maidir le leibhéil éilliúcháin a ísliú.



## Clár suirbhéanna sliogéisc – suirbhéanna diúilicíní síl

Tháinig BIM ar dhúshláin maidir le suirbhéanna diúilicíní síl a dhéanamh i Muir Éireann sa bhliain 2024. Cé gur cuireadh srian leis an líon laethanta ar muir de dheasca dálaí dúshlánacha aimsire, tharla sé, thar thréimhse 16 lá, go ndearnadh suirbhé uair amháin ar a laghad ar gach mórlimistéar síl i Muir Éireann Theas. Foilsíodh sé thuarascáil suirbhé ar shuíomh Gréasáin BIM freisin. Níor baineadh ach méideanna an-íseal síl amach.

Ba é an t-aon bheirtreach shuntasach amháin ná an ceann ag Ceann Chill Mhantáin, áit a raibh bithmhais mheasta 609 dtona le fáil agus a raibh ardleibhéil dramhaíola scaipthe thar dhá heicteár is caoga. Bunaithe ar na torthaí sin, ní raibh dóthain bithmhaise ar fáil chun tacú leis an moladh go n-osclófaí an t-iascach. Maidir le Loch na dTrí gCaol, níor thuairiscigh baill den tionscal aon léiriú ar lonnaíocht síl ach oiread. Mar gheall ar an mbrú suntasach a chuirfear ar an earnáil de dheasca na heaspa síl, tá sé beartaithe an Clár Suirbhéanna Sliogéisc a leathnú sa bhliain 2025 chun go n-áireofar leis tionscadal taispeána ar an indéantacht agus an táirgiúlacht a bhaineann le síol a bhailítear le téad a thrasphlandú chuig láithreáin tráchtála. Pléadh an togra sin leis an Roinn, agus tá sé ar áireamh i réamh-mheastacháin CEMID don bhliain 2025.

## Seirbhísí deimhniúcháin

Tá an ról atá ag BIM i dtacú le tionscal dobharshaothraithe na hÉireann caighdeáin agus deimhnithe éagsúla a bhaint amach ríthábhachtach maidir leis an gcáil ardcháilíochta atá ar tháirgí bia mara na hÉireann a chothabháil. Tríd an deimhniú inbhuanaitheachta muirí a shealbhú do dhiúilicíní a shaothraítear ar théad agus ar an ngrinneall araon, cinntíonn BIM go gcomhlíonann na hearnálacha sin caighdeáin inbhuanaitheachta comhshaoil atá aitheanta go domhanda.

Fianaise ar an tiomantas leanúnach atá ag an tionscal do chleachtais inbhuanaithe is ea deimhniú inbhuanaitheachta muirí a choinneáil don dá chineál diúilicíní – idir iad sin a shaothraítear ar théad agus iad sin a shaothraítear ar an ngrinneall. Agus an deimhniú inbhuanaitheachta muirí ina seilbh ag 37 mball i leith diúilicíní téide agus ag 47 mball i leith diúilicíní grinnill, is léir go bhfuil glacadh forleathan leis an deimhniú ann in earnáil táirgthe diúilicíní na hÉireann.

Thairis sin, is suntasach an díriú a leagtar ar tháirgí orgánacha, de réir mar a leanann an margadh táirgí orgánacha ag fás agus mar a éilítear modhanna táirgthe níos déine. Faigheann gnólachtaí na huirlisí is gá chun freastal ar riachtanais éagsúla an mhargaidh tríd an gcúnamh a thugann BIM do chuideachtaí dobharshaothraithe chun Caighdeáin Táirgí Orgánacha an Aontais Eorpaigh a bhaint amach agus iad a choinneáil ar bun agus trí dheimhnithe tríú páirtí amhail Dobharshaothrú Cáilíochta Deimhnithe, GlobalG.A.P, an Chomhairle Maoirseachta Dobharshaothraithe, agus Bianna Saoirse an Chumainn Ríoga um Fhóirithint ar Ainmhithe. Ní hé amháin go gcinntítear leis na deimhnithe sin cáilíocht agus inbhuanaitheacht táirgí, ach cothaítear leo freisin inrianaitheacht agus trédhearcacht an tslabhra soláthair, rud a bhíonn ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí do thomhaltóirí agus do mhargaí idirnáisiúnta.

# Scileanna



## Forbhreathnú ar scileanna

Sholáthair BIM 1,757 gcúrsa oiliúna ar fud an tionscail bia mara sa bhliain 2024, agus raon leathan clár oiliúna á reáchtáil aige i láithreacha ar fud na hÉireann.

## Straitéis scileanna

Is ag athrú go mór atá na scileanna a theastaíonn ó earnáil bia mara na hÉireann, agus ceann amháin de na róil atá ag BIM is ea tacaíocht agus seirbhísí a sholáthar chun iad sin a oibríonn i dtionscal bia mara na hÉireann, nó a d'fhéadfadh dul isteach ann, a uasoiliúint.

Áirítear leo seo iascairí, oibritheoirí dobharshaothraithe, próiseálaithe bia mara, miondíoltóirí, agus gnólachtaí seirbhísí bia. Cé go bhfuil scileanna traidisiúnta thar a bheith tábhachtach go fóill agus go bhfuil siad i gcroílár na hoiliúna a sholáthraíonn BIM, tá scileanna nua atá ag teacht le teicneolaíocht nua, le rialacháin nua agus le héilimh nua mhargaidh ag teastáil freisin.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, chuir BIM straitéis scileanna le chéile dar teideal *'An Chéad Tonn Eile – Straitéis Scileanna BIM le haghaidh Earnáil Inbhuanaithe Bia Mara 2023-2028'*. Seoladh i mí Mheán Fómhair 2023 í.

Shainaithin BIM ceithre chuspóir straitéiseacha lena soláthrófar méaduithe suntasacha ar an líon daoine a mhealltar chuig an earnáil bia mara agus a oibríonn inti cheana féin agus ar na scileanna atá acu.

Tá an straitéis á cur chun feidhme faoi láthair, agus tá raon leathan tionscadal straitéiseach ar siúl.

Liostaíodh sa Straitéis Scileanna 22 ghníomh aonair faoi cheithre chuspóir don bhliain 2024:

**Iontrálaithe nua a mhealladh chuig an earnáil bia mara**
4 Ghníomh

**Conairí gairme a chruthú agus a chur chun cinn san earnáil bia mara**
7 nGníomh

**Na cúrsaí cearta a sholáthar, do na daoine cearta, ar an mbealach ceart**
8 nGníomh

**Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a thógáil le haghaidh fáis**
3 Ghníomh

Tosaíodh nó críochnaíodh roinnt de na tionscadail sin sa bhliain 2024, lenar áiríodh iad seo a leanas:

## Léarscáiliú scileanna

Chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais scileanna atá ag an tionscal bia mara, sheol BIM taighde domhain chun na bearnaí scileanna atá ann sa tionscal a shainaithint. Ba é a bhí i gceist leis an taighde sin sainaithint a dhéanamh ar cén áit a bhfuil scileanna an tionscail ag teastáil, cá bhfuil na scileanna sin faoi láthair, agus cé na bearnaí scileanna agus deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, chun a chinntiú gur féidir aghaidh a thabhairt orthu trí thionscnaimh chuí oiliúna a sholáthar.

Tá an tionscadal críochnaithe anois, agus soláthraíodh tuarascáil agus sonraí do BIM ina leith.

Tá an tuarascáil mhionsonraithe agus na sonraí mionsonraithe a soláthraíodh á n-athbhreithniú faoi láthair, agus úsáidfear iad do raon cineálacha oibre agus do phleanáil straitéiseach amach anseo.

## Uirlis dhiagnóiseach scileanna

Tuigeann BIM go dteastaíonn raon leathan scileanna ó chuideachtaí bia mara chun gur féidir leo oibriú san earnáil, arb earnáil bhroidiúil, rialáilte agus dhúshlánach í. Chun tacú leis na cuideachtaí sin, tá BIM tar éis treoirchlár a fhorbairt lena soláthrófar raon tacaí oiliúna agus uasoiliúna trí anailís 'dhiagnóiseach' shaincheaptha inmheánach, nó anailís ar bhearnaí. Imscrúdaítear leis an treoirchlár sin na príomhréimsí ina mbainfeadh an chuideachta tairbhe as oiliúint agus cistiú a dtacaíonn BIM leo.

Cuireadh obair shuntasach isteach chun ceisteanna cuí a dhearadh agus a fhorbairt ar mhaithe leis na riachtanais uasoiliúna atá ag cuideachtaí a mheasúnú agus chun uirlis tacaíochta ar líne a chruthú, rud ar fhorbair foireann teicneolaíochta faisnéise BIM é.

Cuireadh painéal oiliúna ar bun, rud a chuimsíonn raon oiliúnóirí gairmiúla agus a thairgeann oiliúint ar fud sé chroíréimse. Tá athbhreithniú agus mionchoigeartú deiridh á ndéanamh ar an uirlis dhiagnóiseach faoi láthair. Triailfear an uirlis le próiseálaithe bia mara ansin, sula gcuirfear i bhfeidhm í do chliaint eile tráth níos déanaí sa bhliain 2025.



## Aonaid oiliúna cósta

Soláthraíonn BIM oiliúint atá spriocdhírithe go geografach d'iascairí timpeall an chósta trí leas a bhaint as dhá Aonad shoghluaiste Oiliúna Cósta. Feidhmíonn na haonaid ar an gcósta Thoir agus ar an gcósta Thiar, agus gníomhaíonn siad mar ionaid oiliúna for-rochtana a sholáthraíonn oiliúint éigeantach bhunriachtanach don tionscal iascaireachta. Cinntítear leis na feithiclí sin gur féidir le hiascairí a gcuid oiliúna a chur i gcrích gan ach an tionchar is lú is féidir a bheith ann ar a sceidil iascaireachta. Is lán-fhéinchuimsitheach atá na haonaid oiliúna cósta, agus iad comhdhéanta de limistéar seomra ranga, d'oifig, agus de limistéar ceardlainne praiticiúla ina bhfuil trealamh ionsamhlúcháin raidió agus táblaí cairte.

## Coláistí Náisiúnta Iascaigh na hÉireann de chuid BIM

Tá na coláistí de chuid BIM agus an tAonad Oiliúna Cósta ceadaithe ag Oifig Suirbhéireachta Muirí na Roinne Iompair chun cúrsaí i gCaighdeáin Oiliúna agus Deimhniúcháin Fairtheoirí a sholáthar agus chun deimhniú a eisiúint thar a gceann.

Le linn na bliana 2024, agus mar fhreagairt do riachtanais athraitheacha Oifig na Suirbhéireachta Muirí, rinne BIM iarratas ar oiliúint NAEST- O (oiliúint in áiseanna, trealamh agus ionsamhlóir loingseoireachta) a sholáthar. Is cúrsa ar leibhéal oibríochtúil é sin atá deartha chun na scileanna is gá a thabhairt d'iarrthóirí ionas gur féidir leo loingseoireacht shábháilte a chothabháil trí úsáid éifeachtach a bhaint as córais leictreonacha.

Is leabaithe sa chlár atá cúrsa eile ar a dtugtar ECDIS (Córas Taispeána Cairteacha Leictreonacha agus Faisnéise). Soláthraíonn BIM an cúrsa sin mar chúrsa aonair anois. Is ionann ECDIS agus forbairt sa chóras cairteacha loingseoireachta a úsáidtear i longa agus ina lán soithí iascaireachta. Trí chóras cairteacha leictreonacha a úsáid, tá sé níos éasca ag criú loingseoireachta soithigh anois láithreacha a aimsiú agus treoracha a fháil. Is córas faisnéise loingseoireachta é ECDIS, tríd is tríd, agus é in úsáid i gcomhar le trealamh loingseoireachta eile amhail GPS, Gyro, RADAR, ARPA, Sondálaí Fuaime, etc. Soláthraíodh na chéad chúrsaí NAEST- O agus ECDIS i gColáiste Náisiúnta Iascaigh na hÉireann, an Caisleán Nua, agus i gColáiste Náisiúnta Iascaigh na hÉireann, Baile Chaisleáin Bhéarra, araon go déanach sa bhliain 2024.

Lean an dá Choláiste leis an gclár Idirbhliana a sholáthar do mheánscoileanna ina limistéir faoi seach sa bhliain 2024. Tá ríthábhacht ag baint leis an gclár oiliúna sin do mhic léinn Idirbhliana maidir le feasacht a chothú ar an tionscal muirí, ar shábháilteacht ar muir, agus ar mhaoirseacht comhshaoil. Trí thús eolais a thabhairt do dhaoine óga ar scileanna muirí, ar loingseoireacht agus ar theicnící marthanais ar muir, is é an toradh atá ar an gclár ná cur leis an eolas praiticiúil atá acu agus aird a tharraingt freisin ar a thábhachtaí atá acmhainní cósta agus oidhreacht mhuirí na hÉireann.

Trí oiliúint den sórt sin, is féidir gairmeacha amach anseo a spreagadh san iascach, sa bhitheolaíocht mhuirí agus san innealtóireacht mhuirí agus rannchuidiú le hinbhuanaitheacht agus fás an gheilleagair ghoirm. Toradh eile atá uirthi is ea braistint freagrachta a chothú i leith caomhantas muirí, agus idirghníomhaíochtaí níos sábháilte agus níos eolaí le timpeallachtaí cósta a chur chun cinn.

## Cláir tumadóirí tráchtála

Tá cáilíocht tumadóireachta tráchtála ag teastáil chun oibríochtaí tumadóireachta tráchtála a sheoladh in Éirinn. Is é BIM an t-aon chomhlacht amháin a sholáthraíonn dhá chlár tumadóireachta tráchtála de chuid QQI in Éirinn – Oibríochtaí Tumadóireachta Scúba Tráchtála, agus Oibríochtaí Tumadóireachta Cladaigh ón Dromchla. Is ag Coláiste Náisiúnta Iascaigh agus Tumadóireachta BIM i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí, a sholáthraítear na cúrsaí. Tá BIM ina bhall den Chumann Idirnáisiúnta Scoileanna Tumadóireachta. Is é ról an Chumainn caighdeáin oiliúna a bhunú agus a chothabháil do Scoileanna Tumadóireachta Tráchtála, ar caighdeáin iad atá ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus leis na ceanglais reatha atá ar thumadóirí atá ag dul isteach sa tionscal. Tríd an taithí chomhchoiteann agus an t-eolas comhchoiteann atá acu a chomhroinnt le chéile, cabhraíonn baill den Chumann lena chinntiú go bhfuil caighdeáin oiliúna réalaíoch agus sábháilte.



## Scúba tráchtála

Is é an cúrsa do Thumadóirí Scúba Tráchtála an bonnchlár don oiliúint ar fad a chuirtear ar thumadóirí tráchtála. Leis an gclár, tugtar aghaidh ar an teoiric riachtanach tumadóireachta agus na cleachtais riachtanacha tumadóireachta atá ina gcuid dhílis d'oibríochtaí tumadóireachta tráchtála. Teagasctar do na mic léinn na prionsabail a bhaineann le buntrealamh tumadóireachta scúba agus conas é a úsáid i suíomh tráchtála. Cumhdaítear córais shimplí chumarsáide agus prótacal sábháilteachta le linn an chláir freisin. Gnóthaíonn tumadóirí sárchumas chun obair faoi uisce i raon timpeallachtaí difriúla, agus uirlisí lárnacha éagsúla á n-úsáid acu chun a gcuid tascanna faoi uisce a chur i gcrích. Cháiligh aon mhac léinn déag in Oibríochtaí Tumadóireachta Scúba Tráchtála sa bhliain 2024.

## Cúrsa Leibhéal 6 QQI do thumadóirí ón dromchla

Féadfaidh tumadóirí a bhfuil cáilíocht Tumadóireachta ón Dromchla acu oibriú in oibríochtaí tumadóireachta tráchtála sa tionscal dobharshaothraithe. Is ionann Tumadóireacht ón Dromchla agus an modh roghnaithe tumadóireachta sa tionscal dobharshaothraithe toisc go ngabhann cuid mhór buntáistí sláinte agus sábháilteachta léi, lena n-áirítear tuilleadh cosanta, aersholáthar neamhtheoranta agus soláthar lán-neamhspleách cúltaca a thabhairt don tumadóir.

D'éirigh le cúigear sa chúrsa in Oibríochtaí Tumadóireachta ón Dromchla sa bhliain 2024.

Tá tumadóirí ríthábhachtach maidir le hoibriú agus cothabháil rathúil feirmeacha éisc agus, go deimhin, maidir le formhór na ngníomhaíochtaí dobharshaothraithe. Áirítear leis na gnáthdhualgais laethúla a bhíonn orthu iasc marbh a bhaint de bhun cliabhán/líontán, cigireacht a dhéanamh ar líontáin agus iad a dheisiú, líontáin a athrú agus meáchain a shuí, cigireacht a dhéanamh ar an gcóras múrála, suirbhéanna a dhéanamh, glanadh, suirbhéanna/sampláil a dhéanamh ar bheantós, faireachán a dhéanamh ar bheostoc (físeán/grianghrafadóireacht faoi uisce), cuardach agus aisghabháil, etc.

## Linn um marthanas ar muir

I mí na Bealtaine 2024, d'oscail Charlie McConalogue, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Linn Náisiúnta um Oiliúint i Marthanas ar Muir ag an gColáiste Náisiúnta Iascaigh ar an gCaisleán Nua. Is é atá sa tsaoráid úrscothach sin ná linn 12 mhéadar ina bhfuil ardán ardaithe, aonad spraeála uisce, agus gaothráin chun dálaí adhaimsire a mhacasamhlú. Tá an linn deartha chun ísealtionchar a bheith aici ar an gcomhshaol. Úsáidtear teaschaidéil nua-aimseartha agus córas aerála aisghabhála teasa inti, agus níl aon spleáchas aici ar bhreoslaí iontaise. Saoráid an-tábhachtach nua sa choláiste is ea an linn, agus cuirtear feabhas ar shábháilteacht agus oiliúint mhuirí dá barr. Is sócmhainn don earnáil iascaireachta agus don mhórphobal cósta í freisin







## Teastas i scileanna ceannaithe éisc

Soláthraíodh an clár uair amháin i mBaile Átha Cliath, ag Ceannoifig BIM i nDún Laoghaire, agus i mBinn Éadair idir mí Lúnasa agus mí na Samhna 2024. Tá an clár deartha chun an t-eolas agus na scileanna is gá a thabhairt d'fhoghlaimeoirí ionas gur féidir leo obair go hinniúil i miondíol bia mara. Rinne na foghlaimeoirí staidéar ar raon leathan topaicí, lenar áiríodh sábháilteacht bia, lipéadú bia mara, cothú bia mara, measúnú ar cháilíocht bia mara, agus seirbhís do chustaiméirí. Bhí deis acu freisin a scileanna cócaireachta bia mara agus a scileanna teicniúla filléadú éisc a fhorbairt, mar aon le dul ar thuras tionscail bia mara go Carlingford Oysters. Soláthraítear meantóireacht san áit oibre laistigh de shiopa. Déantar measúnuithe deiridh san áit oibre freisin.

Faigheann céimithe an chláir seo Teastas sainchuspóra Leibhéal 5 QQI i Scileanna Ceannaithe Éisc, ar cáilíocht ghairmiúil í atá aitheanta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

## Oiliúint seirbhísí bia

Ag obair dó i gcomhar le hOllscoileanna Teicneolaíochta agus le coláistí lónadóireachta ar fud na tíre, thairg BIM Máistir-Ranganna Bia Mara i dteicnící ullmhú agus filléadú éisc do mhic léinn scileanna cócaireachta.

Le linn na n-imeachtaí sin, chomhroinn máistircheannaí éisc a shaineolas le mic léinn chun cur lena gcuid eolais agus tuisceana ar bhia mara na hÉireann agus lena léirthuiscint dó.

Soláthraíodh sé mháistir-rang bia mara do phríomhchócairí faoi oiliúint sna láithreacha seo a leanas sa bhliain 2024: Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Coláiste Lónadóireachta na gCeall Beag roimhe sin; Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, Trá Lí agus Corcaigh, áit ar soláthraíodh dhá mháistir-rang bia mara; agus Campas Chionn tSáile Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.

Fuarthas aiseolas thar a bheith dearfach ó na himeachtaí sin, agus ba mhór ag mic léinn agus ag léachtóirí deis a bheith acu chun tuiscint níos doimhne a fháil ar raon leathan speiceas agus teicnící bia mara.

## Ceardlanna AGPRC ar bhia mara

Sa bhliain 2024, thairg foireann Bhainistíochta Sábháilteachta Bia BIM cúnamh agus tacaíocht luachmhar d'oibritheoirí gnó bia san earnáil bia mara. Soláthraíodh na seirbhísí sin trí cheardlann dhá lá Anailíse Guaise agus Pointí Rialúcháin Criticiúla (AGPRC) de chuid BIM, trí Lámhleabhar Sábháilteachta Bia BIM don Tionscal Bia Mara, trí cheardlanna ar líne, agus trí chruinnithe pearsantaithe duine ar dhuine.

Reáchtáladh trí cheardlann AGPRC ar fud na tíre (Dún na nGall, Loch Garman, agus Baile Átha Luain), agus iad dírithe ar bhainisteoirí cáilíochta, ar bhainisteoirí táirgthe, ar mhaoirseoirí, ar chinn foirne AGPRC, agus ar bhaill foirne AGPRC a oibríonn ar fud na n-earnálacha uile den tionscal bia mara. Tá an cúrsa deartha chun an t-eolas agus an inniúlacht is gá a thabhairt do rannpháirtithe ionas gur féidir leo córas bainistíochta sábháilteachta bia a fhorbairt nó a nuashonrú i ngnólacht bia mara bunaithe ar phrionsabail AGPRC.




## Dearbhú cáilíochta

Mar chomhlacht atá ceadaithe chun cúrsaí Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) a sholáthar, féadfaidh BIM cláir oiliúna a sholáthar as a dtagann dámhachtainí ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Le linn na bliana 2024, sholáthair BIM cláir as ar tháinig dámhachtainí Creata Náisiúnta Cáilíochtaí i dtumadóireacht tráchtála, in innealtóireacht soithí iascaireachta, agus i scileanna ceannaithe éisc. Rinneadh an dá chlár tumadóireachta tráchtála a nuashonrú agus a athbhailíochtú le QQI go ceann cúig bliana eile sa bhliain 2024.

Agus í freagrach as gach ní rialachais acadúil a bhaineann le hoiliúint laistigh de BIM, tháinig an Chomhairle Acadúil le chéile ceithre huaire sa bhliain 2024. Áirítear leis na comhaltaí den Chomhairle saineolaithe neamhspleácha san oideachas agus san oiliúint, agus áirítear leis an sainchúram atá uirthi formhaoirseacht a dhéanamh ar chaighdeáin acadúla agus ar an gcóras dearbhú cáilíochta.

Rinne comhlacht neamhspleách deimhniúcháin iniúchadh ar an gcóras bainistíochta cáilíochta a úsáidtear chun oiliúint mhuirí agus oideachas muirí a sholáthar i gColáistí Náisiúnta Iascaigh na hÉireann, an Caisleán Nua agus Baile Chaisleáin Bhéarra, i mí Eanáir agus i mí na Bealtaine 2024. Measadh go gcomhlíontar leis an gcóras bainistíochta cáilíochta go fóill ceanglais ISO 9001, agus níor sainaithníodh aon chásanna neamhchomhlíonta.

Tagann gach clár oiliúna de chuid BIM atá ceadaithe ag Oifig na Suirbhéireachta Muirí sa Roinn Iompair faoi raon feidhme an chórais bainistíochta cáilíochta. Cuireadh córas bainistíochta comhshaoil chun feidhme sa dá choláiste, agus baineadh deimhniú ISO 14001 amach. Ailíníodh an córas bainistíochta comhshaoil leis an gcóras bainistíochta cáilíochta a bhí ann cheana, agus córas comhtháite bainistíochta cáilíochta agus comhshaoil á chruthú dá bharr sin.

## Scéim oiliúna bia mara

Ceann de na príomhthionscadail faoi Straitéis Scileanna BIM ba ea measúnú agus forbairt a dhéanamh ar na samhlacha cistiúcháin atá ar fáil chun tacú le rannpháirtithe atá ag gabháil do chláir oiliúna BIM agus le forbairt scileanna san earnáil bia mara.

Agus í á cistiú ag CEMID, seoladh an 'Scéim Oiliúna Bia Mara' i mí Iúil 2024. Rollaítear mic léinn go huathoibríoch do chúrsaí incháilithe nuair a chuireann siad a n-ainm le cláir oiliúna BIM.

Áirítear na nithe seo a leanas le caiteachas incháilithe:

- Táillí cúrsa
- Costais chothaithe atá réamhshainithe do gach cúrsa, ar aon dul le rátaí seirbhíse poiblí.

Idir seoladh na scéime nua agus deireadh na bliana 2024, ceadaíodh thart ar €185,000 do mhic léinn atá ag freastal ar chláir BIM. B'ionann é sin agus méadú mór ar an leibhéal tacaíochta a thugtar d'fhoghlaimeoirí.




## Feithicil le haghaidh gairmeacha bia mara a scóipeáil

Ceann eile de na príomhchuspóirí a bhí ag Straitéis Scileanna BIM ba ea iniúchadh a dhéanamh ar ardán ar líne agus feithicil um chur chun cinn bia mara chun deiseanna oiliúna agus gairme a chur chun cinn laistigh den mhórearnáil bia mara.

Sa bhliain 2024, chríochnaigh BIM tionscadal scóipeála a bhí dírithe ar fheithicil a tháirgeadh a bheadh in ann gairmeacha muirí agus bia mara a chur chun cinn ar bhealach nuálach idirghníomhach agus meascán a thairiscint d'fhoghlaim i bpearsa ar bhord na feithicle agus de mhol acmhainní ar líne lena gcuimsítear tacaí do mhic léinn, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí.

Tá an tionscadal scóipeála ag an gcéad chéim den obair chun an fheithicil bheartaithe a dhearadh, a choimisiúnú agus a sheachadadh, agus soláthraítear leis an tsonraíocht tosaigh do na sócmhainní teicniúla agus oideachais uile a theastaíonn.

Soláthrófar an t-inneachar go príomha do mhic léinn san Idirbhliain, sa chúigiú bliain agus sa séú bliain, agus beidh sé dírithe ar aird a tharraingt ar ghairmeacha muirí agus bia mara agus ar na scileanna a theastóidh ón tionscal amach anseo, lena n-áirítear scileanna tumadóireachta, innealtóireachta, iascaireachta, nuálaíochta, gnó agus margaíochta. Tá sé mar aidhm leis sin tionchar buan a chruthú, agus mic léinn á gcumasú chun an tionscal a iniúchadh ar a luas féin.



## Taighde ar ghairmeacha bia mara

Sa bhliain 2024, sheol an tAonad Seirbhísí Forbartha Scileanna taighde chun tuiscint níos fearr a fháil ar dhearcthaí daoine óga i leith gairmeacha sa tionscal bia mara agus sa tionscal muirí. Tríd an taighde sin, fuair BIM amach go raibh easpa feasachta agus tuisceana ann i measc daoine óga agus i measc múinteoirí, treoirchomhairleoirí agus tuismitheoirí araon ar bhia mara agus ar an tionscal muirí agus ar an raon leathan deiseanna atá le fáil ann.

A bhuí leis na léargais a gnóthaíodh tríd an tionscadal sin, cabhrófar le cur chun cinn gairmeacha sa tionscal bia mara agus sa tionscal muirí a mhúnlú agus a threorú sa bhliain 2025 agus ina diaidh. Ar an tslí sin, tacófar arís eile leis na príomhcholúin den straitéis 'An Chéad Tonn Eile'.

## Scileanna agus gairmeacha bia mara a chur chun cinn

Sa bhliain 2024, d'oibrigh an tAonad Scileanna ar roinnt sócmhainní a tháirgeadh chun tacú le huasoiliúint an tionscail agus le cur chun cinn na hoiliúna atá ar fáil laistigh den earnáil. Áiríodh leis sin fillteáin taifead oiliúna agus mara ar ardchaighdeán a sholáthar d'iascairí lena n-úsáid acu chun a gcuid taifead agus cáilíochtaí oiliúna a stóráil agus a chur i láthair san aon áit amháin.

Chun tacú le hoiliúint agus le huasoiliúint, táirgeadh réamheolaire cuimsitheach scileanna BIM. Léirítear ann an raon iomlán cúrsaí a thairgeann BIM, trí Choláistí Náisiúnta Iascaigh na hÉireann, trí Aonaid Oiliúna Cósta agus trí chláir iarchéime atá dírithe ar an tionscal. Tugtar ann freisin forbhreathnú soiléir ar na deiseanna atá ar fáil d'fhorbairt gairme laistigh den earnáil.

Comhlánaíodh an obair sin tríd an dara babhta den tsraith físeán 'An Chéad Tonn Eile' a léiriú, ar sraith mhóréilimh í lena dtacaítear leis na gairmeacha éagsúla atá ar fáil laistigh den earnáil agus lena dtarraingítear aird orthu.

Agus é ag cur leis an gcomhoibriú rathúil a rinneadh leis an Aonad Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta laistigh de BIM i leith thionscadal an tSeomra Ranga Chianda Dobharshaothraithe sa bhliain 2023, ghlac an t-aonad Scileanna páirt i roinnt imeachtaí in éineacht leis an Seomra Ranga Cianda Dobharshaothraithe le linn na bliana, lenar áiríodh an Móraonach Scipéirí agus an Cruinniú Mullaigh Scoileanna i gCúige Chonnacht.

## An straitéis scileanna a acmhainniú

Cuireadh tús le dhá ról nua laistigh den aonad Scileanna sa bhliain 2024 chun tacú leis an straitéis a chomhlíonadh.

### Bainisteoir Forbartha Oideachais agus Foghlama

Beidh an ról seo dírithe ar chláir nua a dhearadh, a fhorbairt agus a sholáthar. Beidh sé freagrach as cláir nua a fhorbairt, ar cláir iad a bheidh ag teacht leis an ról atá ag BIM maidir le cúrsaí nua-aimseartha a sholáthar d'earnáil bia mara na hÉireann agus don earnáil iascaireachta go háirithe.

### Oifigeach um Chaidreamh maidir le Gairmeacha agus Oideachas Bia Mara

Beidh an ról seo dírithe ar iontrálaithe nua a mhealladh chuig an earnáil bia mara agus ar chonairí gairme agus deiseanna uasoiliúna a chruthú agus a chur chun cinn san earnáil bia mara, agus iad spriocdhírithe ar mhic léinn éagsúla agus ar gheallsealbhóirí éagsúla tionscail agus oideachais.

**Freastal ar an oiliúint a sholáthair BIM don tionscal bia mara i ngach ionad oiliúna sa bhliain 2024**

| Teideal an chúrsa | An líon mac léinn a d'fhreastail ar an gcúrsa |
|---|---|
| Freagróir garchabhrach | 12 |
| Teastas i scileanna ceannaithe éisc | 8 |
| Bonnchlár do mhairnéalaigh dheice | 4 |
| Eolaíocht innealtóireachta ginearálta 1 agus 2 | 4 |
| Teastas i scileanna innealtóireachta soithí iascaireachta | 3 |
| Cúrsa ocsaigine éigeandála an líonra foláirimh tumadóirí | 11 |
| Oibríochtaí tumadóireachta scúba tráchtála | 11 |
| Teastas i bpróisis agus oibríochtaí innealtóireachta muirí | 16 |
| Teastas iomlán inniúlachta oifigeach deice do scipéirí (iascaireacht) | 6 |
| Cúrsa rialaithe loingseoireachta (iascaireacht) | 4 |
| Oibríochtaí tumadóireachta ón dromchla | 5 |
| Garchabhair liachta | 47 |
| Oiliúint in áiseanna, trealamh agus ionsamhlóir loingseoireachta ar leibhéal oibríochtúil | 12 |
| Inniúlacht nuashonraithe i gcosc dóiteáin agus comhrac dóiteáin | 39 |

| Teideal an chúrsa | An líon mac léinn a d'fhreastail ar an gcúrsa |
|---|---|
| Teastas iomlán inniúlachta oifigeach deice do dhara mátaí (iascaireacht) | 17 |
| Inniúlacht nuashonraithe in ardchomhrac dóiteáin | 49 |
| Cúram liachta ar bhord loinge | 54 |
| Ceardlann AGPRC ar bhia mara | 25 |
| Cosc dóiteáin agus comhrac dóiteáin | 64 |
| Córais leictreonacha loingseoireachta (iascaireacht) | 8 |
| Sábháilteacht phearsanta agus freagracht shóisialta | 11 |
| Ardchomhrac dóiteáin | 26 |
| Inniúlacht i mbáid paisinéirí | 38 |
| Teastas gearr-raoin sa chóras domhanda guaise agus sábháilteachta muirí | 44 |
| Garchabhair bhunúsach | 373 |
| Teicnící marthanais phearsanta | 456 |
| Cosc dóiteáin agus feasacht sábháilteachta | 291 |
| Oiliúint fheabhsaithe sábháilteachta | 119 |
| **Iomlán** | **1,757** |

# Nuálaíocht



## Nuálaíocht

Mar chuid d'fhorbairt leanúnach seirbhísí nuálaíochta don earnáil próiseála bia mara, shínigh BIM dhá mheabhrán tuisceana sa bhliain 2024. Ba le Teagasc a bhain an chéad cheann, a síníodh i mí Aibreáin, agus ba le Campas Nuálaithe BIA i mBaile Átha an Rí a bhain an dara ceann.

Leis na comhaontuithe foirmiúla sin, cabhrófar le tacaí nuálaíochta a chomhordú agus a shineirgiú don earnáil. Ina theannta sin, bhunaigh BIM an Líonra Nuálaíochta Bia Mara chun próiseálaithe a thabhairt le chéile ar mhaithe le nuálaíocht a bhrú chun cinn ar bhealach comhordaithe. Seoladh trí imeacht i gcomhar leis an Líonra Nuálaíochta Bia Mara sa bhliain 2024: ceardlann inar díríodh ar róbataic sa tionscal; turas allamuigh chuig an Ísiltír chun scrúdú a dhéanamh ar uathoibriú san earnáil bia mara agus san earnáil éineola; agus ceardlann deiridh ar úsáid comhtháirgí.

## Teicneolaíocht uisce

Lean BIM le tacaíocht a thabhairt d'earnáil teicneolaíochta uisce na hÉireann sa bhliain 2024. Ba é an príomhimeacht ina leith sin ná 'Stiúideo Nuálaíochta BIM', an séú ceann dá leithéid, a chur i gcrích i mí Dheireadh Fómhair. D'oibrigh na naoi gcuideachta rannpháirteacha le Hatch Blue Ltd, ár gcomhpháirtithe tionscadail. Bhí dianchlár dhá sheachtain i gCorcaigh i gceist leis sin. Ghlac níos mó ná 60 cuideachta páirt i Stiúideo Nuálaíochta BIM sna sé bliana seo a chuaigh thart, agus beagnach 200 post nua á nginiúint san earnáil teicneolaíochta uisce dá bharr sin.




Tar éis an Stiúideo Nuálaíochta, d'eagraigh BIM an chomhdháil 'Uaillmhian Ghorm' i mBaile Átha Cliath chun Éire a thaispeáint mar phríomhláthair le haghaidh teicneolaíocht uisce a fhorbairt. D'fhreastail breis agus 150 duine ar an imeacht, lenar áiríodh infheisteoirí príobháideacha, ceannairí teicneolaíochta agus acadóirí.

## Leas éisc

Rinne BIM formhaoirseacht ar úsáid leantach an chórais anailíse planctóin sa bhliain 2024. Leis an gcóras sin, sainaithnítear go huathoibríoch fíteaplanctón atá suite timpeall láithreáin dobharshaothraithe mhuirí agus a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le blásanna algacha díobhálacha agus difear a dhéanamh do shláinte éisc.
Trí fhaisnéis chriticiúil thráthúil a sholáthar, cumasaítear leis an gcóras anailíse planctóin d'oibritheoirí luathchinntí eolacha a dhéanamh ar straitéisí agus gníomhartha maolaithe atá sonrach don láithreán. Leis an gcóras, úsáidtear bogearraí intleachta saorga a forbraíodh chun roinnt mhaith speiceas fíteaplanctóin a shainaithint agus a chainníochtú. Thar thréimhse an tionscadail, nuashonraíodh an córas go tráthrialta de bharr torthaí meaisínfhoghlama, agus tháinig méadú ar chruinneas na dtuarascálacha intleachta saorga, agus ar an leibhéal muiníne astu, le linn na tréimhse trialach. Bhain pearsanra oilte ag gach láithreán úsáid as na córais, agus baineadh leas as na haschuir chun gníomhaíochtaí faireacháin lae agus saothraíochta a threorú. Tar éis na córais nuashonraithe a imscaradh, rinne na forbróirí tuilleadh modhnuithe mar fhreagairt don aiseolas a fuarthas ó oibritheoirí. Trí chur chuige anailíse bithchomharthaí fola a úsáid i leith iasc eite mar ghnás, is féidir léargas soiléir a ghnóthú ar shláinte éisc a mhéid a bhaineann le glacadh cothaithe, cáilíocht feola, sláinte geolbhach, agus feidhmiú ae, duáin agus paincréis. Leanadh leis an teicneolaíocht sin a úsáid ag roinnt láithreán éisc eite muirí agus fionnuisce, agus léargais nua á dtabhairt d'oibritheoirí láithreáin ar shláinte agus leas éisc le linn oibríochtaí saothraíochta.

## Baoite foirmithe a fhorbairt – iascach tráchtála cuachmaí

I gcomhar le hiascairí agus próiseálaithe cladaigh (an Grúpa Tagartha Cladaigh), tá BIM agus an tIonad Taighde Mara agus Fionnuisce in Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Gaillimh, tar éis tionscadal dhá bhliain (2024-2025) a sheoladh lena gcuirtear leis na léargais a gnóthaíodh ó thionscnaimh roimhe a bhí dírithe ar bhaoití inbhuanaithe cost-éifeachtúla a fhorbairt d'iascach potaí cuachmaí na hÉireann.

Sainaithníodh an portán glas, ar speiceas tearcúsáidte é, a bheith ina rogha eile inacmhainne atá ar fáil go héasca agus a spreagann iompraíocht sealgaireachta i gcuachmaí atá cosúil léi sin a spreagann baoite portán dearg, rud a úsáidtear de ghnáth.

Fuarthas amach i staidéir idirnáisiúnta roimhe gurb é an toradh atá ar chomhábhair bhaoite a hidrealú ná go gcuirtear lena n-airíonna meallta agus go bhfeabhsaítear freagairtí sealgaireachta. Fuarthas amach freisin go bhféadfadh sé cabhrú leis an ábhar meallta a chobhsú. Léiríodh sna trialacha iascaireachta gurbh ionann feidhmíocht, tríd is tríd, don bhaoite hidrealaithe portán glas agus don bhaoite neamh-hidrealaithe portán glas, rud a thugann le tuiscint nach bhfuil aon údar ann leis an gcaiteachas caipitil a theastaíonn le haghaidh hidrealú.

Tá sé beartaithe trialacha forbartha a sheoladh sa bhliain 2025 chun sainaithint a dhéanamh ar phróisis inscálaithe táirgthe le haghaidh baoite portán glas, agus tá sé beartaithe trialacha iascaireachta tráchtála a sheoladh chun feidhmíocht a mheasúnú ar fud réigiúin éagsúla iascaireachta timpeall chósta na hÉireann. Tá sé beartaithe freisin ceardlann a reáchtáil sa bhliain 2025 chun na torthaí a chur i láthair an tionscail agus chun glacadh baoite inbhuanaithe portán glas a spreagadh.

## Saothraíocht oisrí – teicneolaíocht nua

Ós rud é gur le saothar a bhaineann an chuid is mó den chostas táirgthe d'oisrí (41% de chostais táirgthe), leanadh le measúnú a dhéanamh ar chórais nua nuálacha saothraíochta sa bhliain 2024. Ba iad na córais a triaileadh ná an córas Roll'bag, an spiléar inchoigeartaithe, agus Flipfarm. Is cosúil go bhfuil acmhainneacht ag gach ceann díobh costais saothair a laghdú agus cáilíocht oisrí a fheabhsú an tráth céanna. Ba mheasctha a bhí na torthaí ón triail ar an gcóras Roll'Bag, ach bhíothas ag súil leis sin mar gheall ar an inathraitheacht a bhí ann ó thaobh dálaí comhshaoil agus fisiciúla de ag na seacht láithreán a bhí páirteach sa tionscadal. Cé go bhfuil feidhmíocht an chórais ó thaobh cáilíochta oisrí de inchomparáide le córais mhála luascánaigh níos saoire, ní mór costas trealaimh a chothromú le saolré réamh-mheasta. Tá saolré réamh-mheasta deich mbliana ag gnáthchóras mála agus tristéil, agus maireann saolré an chórais tristéil agus mála luascánaigh trí bliana ar an meán. I gcodarsnacht leis sin, tuairiscítear go maireann an córas Roll'Bag agus a thristéal saintógtha 15 bliana ar a laghad.

Cuireadh tús le trialacha ar Flipfarm freisin, ar córas leath-uathoibrithe é atá deartha do láithreáin fothaoide nó do láithreáin dhoimhne idirthaoide. Imscaradh oisrí síl agus oisrí leathfhásta araon ag dhá láithreán ag Cuan na Gaillimhe Istigh agus ag Cuan Bhaile na Cille. Bíonn faireachán á dhéanamh orthu sin ar bhonn míosúil. Ina theannta sin, imscaradh spiléir inchoigeartaithe ag Cuan Mó agus ag Bá Dhún na nGall araon. Stocálfar iad sin agus déanfar faireachán orthu sa bhliain 2025.



# Cás-staidéir



# Ballycotton Seafood
## Co. Chorcaí

**Is iad Adrian agus Diane Walsh na cinn tiomána atá taobh thiar de Ballycotton Seafood, a bhfuil cáil air mar gheall ar an iasc úr agus an raon blasta béilí réamhullmhaithe atá ar fáil uaidh.**




Agus é lonnaithe i gCorcaigh Thiar, d'uasghrádaigh an gnólacht seo a shaoráidí táirgthe agus chuir sé feabhas ar uathoibriú agus ar éifeachtúlacht ag a cheanncheathrú i nGarraí Bhoithe. Ba le deontas ón Scéim Tacaíochta Caipitil Próiseála Brexit a tacaíodh leis an infheistíocht sin.

Fostaíonn Ballycotton Seafood níos mó ná 40 duine. Oibríonn siad ar fud gníomhaíochtaí próiseála, sa teach deataigh, sa chistin ullmhú bia agus i dtrí shiopa, atá suite i nGarraí Bhoithe, i Mainistir na Corann agus ag an Margadh Sasanach i gCathair Chorcaí.

Is iad Richard agus Mary Walsh, tuismitheoirí Adrian, a bhunaigh an gnólacht sa bhliain 1985, agus d'fhág Richard a phost mar bhúistéir chun dul isteach sa ghnólacht bia mara níos mó ná 25 bliana ó shin. Chuaigh Kieran, mac Adrian agus Diane, isteach sa ghnólacht le déanaí, agus glacfaidh sé ceannas an ghnólachta ar deireadh.

Bhí Richard agus Mary bródúil as an ngnólacht a fhorbairt trí úsáid a bhaint as an iasc is úire a tugadh i dtír i mBaile Choitín agus timpeall an chósta theas.

Tá an traidisiún sin á chothabháil agus á leanúint ag Adrian agus Diane le blianta fada anuas. Tháinig fás ar Ballycotton Seafood agus d'infheistigh sé ann féin chun raon ollmhór éisc agus sliogéisc úir a thairiscint agus chun iasc deataithe den scoth agus raon leathan béilí réamhullmhaithe an-bhlasta a bhfuil móréileamh orthu a chur ar fáil.

# Carlingford Oyster Company

## Co. Lú

Bhunaigh Peter Louët Feisser Carlingford Oyster Company tar éis dó seoladh isteach i Loch Cairlinn ar luamh adhmaid le Anne, a bhean chéile, ag deireadh na 1960í, tráth a thit sé i ngrá le cósta Lú. Cheiliúir an gnólacht teaghlaigh seo comóradh 50 bliain a bhunaithe le déanaí, agus é faoi stiúir ag Kian, a mac, agus Mary, a bhean chéile. Agus gradaim bainte amach aige, táirgeann an gnólacht 250 tona d'oisrí gach bliain anois. Tá sé sin coibhéiseach le 2.5 milliún oisre.

Trí innealra agus saoráidí táirgthe nua a cheannach, cabhraíodh leis an ngnólacht feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar cháilíocht a ghabhála. Tháinig sé sin sna sála ar infheistíocht a cistíodh go páirteach le Scéim Fáis Dobharshaothraithe Inbhuanaithe an Chúlchiste Coigeartaithe Brexit.

Áiríodh leis an obair a rinneadh síneadh a chur le saoráid táirgthe an ghnólachta, trealamh a chur léi chun cabhrú le hoisrí a scaradh agus a ghrádú, agus feabhsuithe a chur ar na limistéir sheolta. A bhuí leis an nuachóiriú sin ar an timpeallacht oibre, tacaíodh leis an ngnólacht freastal ar cheanglais athraitheacha na gcigirí sábháilteachta bia agus ar ionchais na gcustaiméirí a thugann cuairt ar an áitreabh.

Cheannaigh an chuideachta umair nua íonaithe freisin, mar aon le teicneolaíocht cheannródaíoch bearrtha uisce, forcardaitheoir, trucail pailléid, grádóir nua uisce, agus málaí snámhacha fáis oisrí.



**Bhí Carlingford Oyster Company ar cheann de na chéad fheirmeacha a d'fhás oisrí gigas, an cineál rufach Ciúin-Aigéanach oisrí a bhfuil an-ghean air ar fud na hÉireann anois.**

Le blianta beaga anuas, tugadh isteach eispéireas cuairteoirí ina soláthraítear turais feirme agus máistir-ranganna oisrí chun eispéireas an chustaiméara a fheabhsú agus chun daoine a dhreasú cuairt a thabhairt ar an bhfeirm agus an táirge a bhlaiseadh.



# Cill Chiaráin Éisc Teoranta

## Co. na Gaillimhe

**Tá Cill Chiaráin Éisc Teoranta (CCÉT), atá lonnaithe i gConamara, ar cheann de na príomhtháirgeoirí bradán orgánach in Éirinn.**

Is é an brainse táirgthe de Ghrúpa Táirgeoirí Bia Mara na hÉireann, agus d'éirigh leis an ngnólacht a chuid oibríochtaí a bhunathrú trí infheistíocht a dhéanamh, trí cháilíocht agus éifeachtúlacht a fheabhsú, agus trí tháirgeadh táirgí breisluacha a mhéadú.

D'infheistigh an chuideachta i meaisíní uathoibrithe roinnte, scafa agus strapála, rud a mhéadaigh éifeachtúlacht trí tháirgeadh a bhrostú ar urlár na monarchan agus trí chostais a laghdú. Fuair an chuideachta tacaíocht ón Scéim Tacaíochta Caipitil Próiseála Brexit.

Bunathraíodh oibríochtaí CCÉT mar gheall ar an bhforbairt shubstaintiúil. Ní hé amháin go réitíonn sí an bealach le haghaidh cáilíocht agus éifeachtúlacht fheabhsaithe ar an líne táirgthe, ach mhéadaigh sí an t-aschur táirgí breisluacha a bhfuil éileamh méadaitheach orthu freisin. Laghdaíodh scrogaill sa phróiseas táirgthe freisin.

Mar gheall ar an meaisín uathoibrithe roinnte, laghdaíodh na huaireanta fada a chaití san am atá thart ar iasc a roinnt de láimh. Ba ghnách go mbíodh ar an monarcha oscailt ar lá eile chun orduithe a chríochnú do chustaiméirí, agus í ag tabhú costais níocháin agus mhúchta agus costais tionscnaimh an lá dár gcionn.

**Bunaíodh Cill Chiaráin Éisc Teoranta sa bhliain 1988. Fostaíonn an chuideachta thart ar 30 duine áitiúil faoi láthair, agus roinnt ball foirne fostaithe go lánaimseartha ar fud na bliana ar fad.**

Is iad feirmeoirí áitiúla a sholáthraíonn bradán don ghnólacht, agus na caighdeáin orgánacha is airde á gcothabháil acu le linn an timthrialla fáis, idir an ubh agus an saothrú.

# The Good Fish Company

## Co. Chorcaí

**Tá The Good Fish Company ar cheann de na príomhphróiseálaithe agus na príomh-mhiondíoltóirí bia mara sa tír, agus é faoi stiúir ag Donagh Good. Is é Denis, athair Donagh, a bhunaigh an chuideachta níos mó ná 35 bliana ó shin.**




Agus í lonnaithe i gCorcaigh, díríonn an chuideachta ar fhoinsí bia mara a bhfuil meas orthu agus cleachtais inbhuanaithe a úsáid, agus soláthraíonn sí an bia mara is fearr do mhiondíoltóirí móra agus oibritheoirí móra seirbhísí bia in Éirinn agus san Eoraip.

Tar éis di éirí rómhór don tsaoráid a bhí aici cheana, thóg an chuideachta saoráid ghlas shaincheaptha ag an Seanbhaile ag Cuan Chorcaí le tacaíocht ón Scéim Tacaíochta Caipitil Próiseála Bia Mara Brexit.

Cuimsíonn an tsaoráid úrscothach sin limistéar tiomnaithe taighde agus forbartha ina bhfuil innealra táirgthe níos mó agus níos éifeachtaí. D'éirigh leis an gcuideachta cistiú breise a áirithiú freisin le haghaidh líne aránaithe, rud lena soláthraítear acmhainn bhreise chun freastal ar éilimh ghnó láithreacha agus amach anseo.

Bíonn The Good Fish Company ag baint leas as na tairbhí a ghabhann leis an teicneolaíocht nuafheistithe breisluacha agus leis an acmhainn nuafheistithe pacáistithe atá aige chun freastal ar an éileamh méadaitheach ar tháirgí cost-éifeachtúla bia mara den scoth san Eoraip agus níos faide i gcéin.

Fostaíonn an gnólacht teaghlaigh seo níos mó ná 100 duine i gCorcaigh, agus tá sé beartaithe aige a fhórsa saothair a uasoiliúint agus tuilleadh post áitiúil a chruthú.

Leagann an gnólacht díriú sonrach ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh de réir mar a leanann sé le ceanglais inbhuanaitheachta a chomhlíonadh mar bhall de Thionscadal Bhord Bia um Bhunadh Glas agus Feabhsuithe Iascaigh.

Tá trí láthair miondíola ag The Good Fish Company ar fud Chorcaí, agus iad suite i gCarraig Uí Leighin, i nDúglas agus i gCionn tSáile.

# Jerry Early
## Co. Dhún na nGall

**Tá Jerry Early ina iascaire agus ina úinéir gnólachta le 45 bliana anuas.**



Agus é lonnaithe ar Árainn Mhór, d'infheistigh Jerry i gcarr lónadóireachta, áit a ndéanann sé cócaireacht agus a ndíolann sé iasc agus sliogiasc a ghabhtar go háitiúil. Riarann sé sliogiasc agus iasc líneghafa, a ghabhtar óna bhád beag féin, ar na Cealla Beaga.

Ba go páirteach leis an Scéim Forbartha Fiontar Geilleagair Ghoirm Brexit a cistíodh an carr lónadóireachta saincheaptha agus a fheistiú. A bhuí leis an gcúnamh deontais a fuair sé ón gCúlchiste Coigeartaithe Brexit, cabhraíodh leis an riosca airgeadais a bhaint den tionscadal do Jerry.

**Is le Jerry freisin Early's Bar, agus thug The Seaside Wagon deis eile dó ioncam a ghiniúint, agus é ag tairiscint an éisc is úire i gceann de na láithreacha cósta is áille sa tír.**

Ós rud é go n-oibríonn sé i gceann scríbe a mheallann cuid mhór turasóirí, cuireann Jerry fáilte roimh chustaiméirí ó gach cuid den domhan agus roimh dhaoine ón oileán araon. Taitníonn leis freisin an ghné shóisialta a bhaineann le proinnteach soghluaiste beir leat a reáchtáil, áit a bhfaigheann sé deiseanna chun bualadh agus labhairt le tuilleadh daoine.

Faigheann sé cúnamh ó bhaill teaghlaigh le linn an tséasúir ghnóthaigh, agus iad ag teacht ar bhord an chairr lónadóireachta chun iasc agus sceallóga a riar.




Cuimsíonn an tsaoráid nua táirgthe meaisín díslíú bia mara lena gcumasaítear dóibh líon níos airde táirgí breisluacha a tháirgeadh. D'éirigh le Kish Fish an acmhainn táirgthe cácaí éisc atá aige a mhéadú faoi 20% in aghaidh na seachtaine agus an acmhainn táirgthe seabhdar bia mara atá aige a mhéadú faoi 50% in aghaidh an lae.

Tá Kish Fish ainmnithe i ndiaidh Theach Solais Bhanc na Cise, agus bhunaigh Tadgh Mór, athair na ndeartháireacha, agus Danny Hughes é sa bhliain 1966 nuair a thosaigh an bheirt díobh ag díol iasc iomlán i margadh éisc Bhaile Átha Cliath. Ghlac Tadgh, Bill agus Damian, deartháireacha, ceannas an ghnólachta sna 1990í. Ar an drochuair, fuair Bill bás sa bhliain 2022.

# Kish Fish

## Co. Bhaile Átha Cliath

**Chuir Kish Fish, ar gnólacht bia mara é, borradh faoina rogha táirgí móréilimh réidh le hithe agus réidh le cócaráil trína shaoráid táirgthe a uasghrádú agus í a dhéanamh níos tíosaí ar fhuinneamh.**

Is iad Tadgh agus Damian O'Meara, deartháireacha, a reáchtálann an gnólacht teaghlaigh seo. Thug siad faoi deara gur ghá an tsaoráid táirgthe a leathnú chun táirgeadh breisluacha a bhaint amach. Fuair an tionscadal forbartha tacaíocht ón Scéim Forbartha Fiontar Geilleagair Ghoirm Brexit.

Mar gheall ar an éileamh méadaithe ar a dtáirgí réidh le cócaráil agus réidh le hithe tar éis na paindéime, chinn Tadgh agus Damian infheistiú in uasghrádú gléasra agus trealaimh, in uasoiliúint agus earcaíocht foirne, agus in athruithe inmheánacha foirgníochta.

**Is ábhar bróid do Kish Fish go soláthraíonn sé bia mara den chaighdeán is airde ar phraghsanna iomaíocha. Oibríonn an gnólacht le comhpháirtithe iontaofa a sholáthraíonn iasc agus sliogiasc den chaighdeán is airde a ghabhtar ó imeallbhord na hÉireann agus níos faide i gcéin.**



## Naughton's Yard
### Co. an Chláir

Rinne Robert agus Elaine Hayes láithreán tréigthe i lár Chill Chaoi a bhunathrú ina cheann scríbe bia mara den scoth le tacaíocht ó BIM.

Agus tacaíocht cistiúcháin faighte acu ó Scéim Forbartha Fiontar Geilleagair Ghoirm Brexit, d'oscail an lánúin Naughton's Yard, ina bhfuil árasáin, caifé, gailearaí ealaíne agus trucail bia seanré óna riartar an bia mara is fearr a ghabhtar go háitiúil.

Cuimsíonn sé carbhán seanré American Airstream 1968, rud a tiontaíodh ina thrucail shnasta bia lasmuigh óna dtairgtear bia mara an-bhlasta a fhoinsítear ó sholáthraithe agus iascairí áitiúla, lena n-áirítear gliomaigh, cloicheáin, colmóirí agus leathóga míne.

**Chothaigh Robert agus Elaine caidreamh le hiascairí agus soláthraithe áitiúla chun bia mara a ghabhtar go inbhuanaithe a sheachadadh "ón muir go dtí an forc", agus lorg carbóin atá sa raon idir íseal agus neodrach á choinneáil ar bun.**

Úsáideann siad pacáistíocht atá éiceabhách, inmhúirínithe agus athchúrsáilte, rud atá ar aon dul leis an tionscnamh an-rathúil 'Coinnigh Cill Chaoi Saor ó Phlaisteach'. Is ó ghrianphainéil nua a ghintear cuid mhór den chumhacht a úsáideann siad.

**Bhí siad ag iarraidh go mbeadh an fhorbairt ina meán trína bhféadfaí an oidhreacht iascaireachta a bhfuil clú agus cáil ar Chill Chaoi agus ar an gClár Thiar aisti a chur chun cinn agus ealaín áitiúil a thaispeáint.**

Agus é suite 500 méadar ón trá, forbraíodh an ceann scríbe bia mara ar láithreán na stáblaí a d'úsáidtí do na capaill iompair a d'fhreastalaíodh ar shean-Iarnród an Chláir Thiar ag deireadh na 1800í agus go luath sna 1900í.

# Clós Bád Ros Mhic Thriúin

## Co. Loch Garman

Agus é ina shaoráid aithnidiúil, cuimsíonn Clós Bád Ros Mhic Thriúin breis agus ceithre acra. Tá 230 méadar den Chlós suite feadh líne an chladaigh ar an taobh thiar den Bhearú, agus tá rochtain aige ar an bhFeoir agus ar an tSiúir.

I measc na bpríomhshaoráidí atá aige tá duga tirim atá 15 mhéadar faoi 70 méadar ar fad. Úsáidtear an duga tirim chun báid mhóra iascaireachta tráchtála, báid mhóra farantóireachta agus báid bheaga fóillíochta a sheirbhísiú.

Rinne Michael Kehoe, an t-úinéir, infheistíocht in ardaitheoir nua báid agus in éifeachtúlachtaí fuinnimh le déanaí ionas gur féidir duga tirim agus deisiúcháin a éascú do shoithí iascaireachta agus fóillíochta níos troime. Fuair an gnólacht cúnamh deontais chun tacú leis an infheistíocht sin faoin Scéim Forbartha Fiontar Geilleagair Ghoirm Brexit.

Leis an ardaitheoir nua 60 tona, cumasaítear don chlós soithí níos mó a láimhseáil; tá sé níos tíosaí ar fhuinneamh freisin, toisc go n-oibríonn sé ar dhíosal laghdaithe. Tháinig sé in ionad an chinn roimhe, rud a bhí 25 bliana d'aois agus nach raibh in ann ach 50 tona a ardú. Ní raibh an t-ardaitheoir roimhe tíosach ar fhuinneamh ach oiread, agus ba ghá níos mó agus níos mó cothabhála a dhéanamh air chun é a choinneáil in ord oibre.

Mar aon leis an ardaitheoir nua, d'infheistigh an Clós Bád i dtuirbín gaoithe 10 kW agus i ngrianphainéil, lena laghdaítear billí fuinnimh agus lorg carbóin an ghnólachta.

Bíonn níos mó ná 100 bád sa chlós ag aon am ar leith, áit a ndéantar meascán de bháid iascaireachta agus de bháid fóillíochta a sheirbhísiú agus a dheisiú agus a stóráiltear le linn an gheimhridh iad.



**Cheannaigh Michael agus Stephen, a dheartháir, an clós bád sa bhliain 2008, agus d'infheistigh siad sa duga tirim a athchóiriú agus i saoráid stórtha, seomra taispeántais, oifigí agus stórais a thógáil. Tairgeann an gnólacht díolachán bád, seirbhísí báid, agus saoráidí stórála bád sa lá atá inniu ann, agus iad go léir suite ar an láithreán. Is aigesean atá ceann amháin de na trí dhuga thirime in Éirinn atá 70 méadar ar fad.**

# Seán Óg's Traditional Fish and Chips

## Co. Chorcaí




Chonaic Seán Óg O'Driscoll, iascaire ar feadh a shaoil, deis chun ioncam breise a ghiniúint trí thrucail bia a oscailt. Tá an-tóir ar an trucail sin anois.

Fuair Seán Óg's Traditional Fish and Chips, ar trucail shaintógtha é, tacaíocht cistiúcháin ón Scéim Forbartha Fiontar Geilleagair Ghoirm Brexit. Ní raibh sé in ann an trucail nua a cheannach ach amháin le cúnamh deontais, agus chruthaigh an trucail a bheith ina hinfheistíocht iontach don ghnólacht teaghlaigh beag.

**Agus é lonnaithe in aice leis an inbhear i mBéal an Dá Chab, téann custaiméirí chuig an gcarr lónadóireachta beir leat agus bíonn picnicí acu cois uisce. Is ar bhád a thaistealaíonn roinnt custaiméirí chuig an gcarr lónadóireachta.**

**Taistealaíonn lánúin amháin cúpla ciliméadar ar chapall chuige freisin.**

Is iad Caroline, bean chéile Sheáin, agus Chloe, Shauna agus Olivia, a n-iníonacha, a dhéanann an bia ar fad de láimh – díolann an bia amach laistigh de chúpla uair an chloig.

Mar gheall ar an díriú a leagann siad ar an iasc is úire agus ar shársheirbhís do chustaiméirí, bíonn custaiméirí sásta ciúáil roimh am oscailte gach tráthnóna Aoine ó Aoine an Chéasta go deireadh mhí Dheireadh Fómhair.

Mar aon le hioncam an teaghlaigh a mhéadú, deir Seán go mbíonn a iníonacha ag foghlaim príomhscileanna faoi fhiontraíocht, faoi sheirbhís do chustaiméirí, agus faoi na nithe atá i gceist le gnólacht beag a reáchtáil.

# Shine's Seafood
## Co. Dhún na nGall

### Gnólacht teaghlaigh atá lonnaithe ar na Cealla Beaga, Co. Dhún na nGall, is ea Shine's Seafood. Tá cáil air as a thuinnín fiáin Éireannach.

Bhí John agus Marianne Shine, in éineacht le Ciara, a n-iníon, ag iarraidh cabhrú le tuilleadh turasóirí a mhealladh chuig an gcalafort is mó in Éirinn agus an líon cuairteoirí agus díolachán táirgí a mhéadú ag a siopa. Chinn an teaghlach fiontraíoch seo eispéireas cuairteoirí a chruthú lena soláthraítear eispéireas tumthach oideachasúil ar fhlúirse bhia mara na hÉireann.

Le tacaíocht ó BIM agus ón Scéim Forbartha Fiontar Geilleagair Ghoirm Brexit, d'fhorbair siad ionad léirithe in aice lena ngnólacht ar an gcé ar na Cealla Beaga. Tairgtear san ionad eispéireas blaiseadh éisc lena n-úsáidtear tuinnín Éireannach, ronnaigh Éireannacha agus sairdíní Éireannacha agus áiseanna closamhairc chun eolas a thabhairt do dhaoine faoi bhia mara.

Is é an táirge is cáiliúla de chuid mhuintir Shine ná tuinnín fiáin Éireannach, a seoladh deich mbliana ó shin. Chinn John, ar ghnách leis obair mar iascaire, leas a bhaint as an iascach séasúrach faoi bhláth le haghaidh tuinnín bán amach ó chósta thiar na hÉireann.

**Thosaigh an teaghlach ag déanamh dul chun cinn sa mhiondíol de réir a chéile, agus tá a thuinnín fiáin Éireannach ar fáil ar fud na tíre anois.**



# The Fish Box
## Co. Chiarraí

Agus é ina bhialann agus ina phroinnteach beir leat atá lonnaithe i gcroílár Dhaingean Uí Chúis, tá an-tóir ar The Fish Box ó osclaíodh den chéad uair é sa bhliain 2018.

**Is le muintir Flannery é, agus tá an gnólacht ag dul i bhfeidhm go mór ar an tionscal bia. Bronnadh roinnt gradam bia air, agus ainmníodh é i roinnt treoracha maidir leis na hÁiteanna Itheacháin is Fearr in Éirinn.**

Chuir sé borradh faoina eispéireas "ón muir go dtí an forc", agus trucail bia, cuntar éisc úir agus grianphainéil á gceannach aige chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Ba le cúnamh deontais ón Scéim Forbartha Fiontar Geilleagair Ghoirm Brexit a tacaíodh leis an infheistíocht sin.

Gnólacht teaghlaigh eile is ea The Fish Box. Bainistíonn Micheál Flannery an gnólacht, agus pléann sé le margaíocht agus díolachán. Oibríonn Patrick, a dheartháir, bád an teaghlaigh darb ainm Cú na Mara, agus soláthraíonn sé iasc uaidh. Is í Deirdre, a máthair, an príomhchócaire, agus oibríonn Eimear, a ndeirfiúr, i ról fáilteachais.

Áiríodh leis an infheistíocht limistéar próiseála agus díolacháin éisc úir a chur leis. Cuimsíonn an limistéar sin seomraí fuara agus reoiteora siúil isteach, comharthaí nua, agus córas grianphainéal atá ceaptha chun costais fuinnimh a laghdú.

Fostaíonn The Fish Box thart ar 35 dhuine, agus tairgeann sé rogha beir leat agus rogha suí síos i limistéar tarraingteach lasmuigh. A bhuí leis an infheistíocht, bhí an bhialann, a bhfuil 20 suíochán inti faoi láthair, in ann leathnú chun freastal ar 100 custaiméir laistigh.

Mar thoradh ar leathnú an ghnólachta, tá The Fish Box ag cothú comhpháirtíochtaí le báid áitiúla chun tacú lena mbia mara a phróiseáil agus a dhíol. Thosaigh sin-seanathair Mhichíl ag iascaireacht siar sna 1920í, agus lean Paddy Flannery, a sheanathair, agus ansin Michael, a athair, a lorg. Chuaigh Patrick, mac Mhichíl, i mbun an ghnó seo freisin, agus Cú na Mara á reáchtáil aige anois.





# Killary Fjord Shellfish

## Co. na Gaillimhe

**Tá Simon Kennedy agus Kate O'Connor Kennedy ag táirgeadh sliogiasc den scoth ó uiscí glana an Chaoláire Rua le níos mó ná 35 bliana anuas.**

Reáchtálann an lánúin Killary Fjord Shellfish, a dhéanann speisialtóireacht in oisrí, diúilicíní agus breallaigh a mbíonn an-tóir orthu mar gheall ar a n-úire agus a mblas.

Mar chuid den tiomantas atá acu dá lorg carbóin a laghdú agus don chomhshaol a chosaint, d'infheistigh siad i meaisín pacáistithe agus lipéadaithe le tacaíocht ón Scéim Fáis Dobharshaothraithe Inbhuanaithe Brexit.

Leis an meaisín nua, tá siad in ann tuilleadh sliogéisc a tháirgeadh ar bhealach níos éifeachtúla agus pacáistíocht níos inbhuanaithe a úsáid, rud a mhéadaíonn a dtáirgiúlacht agus a n-inbhuanaitheacht.

Chuir an gnólacht béim ollmhór ar inbhuanaitheacht ón bhfíorthús, agus é ag úsáid ábhair in-athchúrsáilte in-athúsáidte chun plaistigh aon úsáide a sheachaint a mhéid is mó is féidir.

**Bíonn tóir ag daoine a bhfuil dúil acu i mbia mara agus ag príomhchócairí araon ar a chuid táirgí mar gheall ar a gcáilíocht agus a mblas. Soláthraíonn Simon agus Kate sliogiasc do bhialanna áitiúla feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus do roinnt mórdháileoirí éisc in Éirinn.**

# Clár bainistíochta slabhra fuachta á thriail le **Comharchumann Iascairí an Fheabhail**




Triaileadh clár cáilíochta maidir le láimhseáil éisc agus bainistíocht slabhra fuachta, idir ghabháil agus sheachadadh, i gcomhar le Comharchumann Iascairí an Fheabhail i gCo. Dhún na nGall sa bhliain 2024. Bhí sé mar aidhm leis an gclár scileanna a fhorbairt i measc na mball den Chomharchumann ar mhaithe leis an toradh óna ngabháil a uasmhéadú, agus rochtain leantach ar mhargaí agus ar dheiseanna nua margaidh á cinntiú.

Labhair John D. O'Kane, Bainisteoir Ginearálta Chomharchumann Iascairí an Fheabhail, faoina thábhachtaí atá faireachán iomlán slabhra fuachta agus ar an tionchar a bhí ag an triail seo ar cháilíocht éisc.

"Tá sé ríthábhachtach faireachán a dhéanamh ar theocht le linn an turais iascaireachta ar fad ar mhaithe le cáilíocht éisc a chothabháil. Is féidir linn a rá go cinnte gur tháinig feabhas soiléir ar cháilíocht an éisc a bhíonn á ghabháil ag an gComharchumann ó thús na dtrialacha i leith."

**Tá na ceachtanna ón gcéim thosaigh seo den treoirchlár á n-úsáid chun buan-nós imeachta oibríochta a cheapadh don Chomharchumann ar mhaithe le feabhas a chur ar cháilíocht an éisc a bhíonn á ghabháil.**

Labhair Richard Donnelly, Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta in BIM, faoina thábhachtaí atá bainistíocht slabhra fuachta maidir le sárcháilíocht a chothabháil idir an soitheach agus an tomhaltóir agus maidir leis an toradh is mó is féidir a bhaint amach don fhlít. "Ón tráth a bhíonn iasc ar deic, cuirtear é faoi réir sholas na gréine, agus tosaíonn an t-aer ar é a théamh láithreach. Is gá lár-theocht an éisc a choimeád idir náid céim agus dhá chéim chun cáilíocht a chothabháil."

Ba dhearfach a bhí an t-aiseolas a fuarthas ó iascairí Chomharchumann an Fheabhail, agus chuir eagraíochtaí eile iascaireachta ar fud na tíre spéis in iúl i bpáirt a ghlacadh i dtionscadal den chineál céanna.

# Forbhreathnú ar sheirbhísí corparáideacha



## An Bord

Thionóil an Bord aon chruinniú dhéag sa bhliain 2024. Áirítear le príomhfheidhmeanna an Bhoird an straitéis a shocrú agus treo straitéiseach a sholáthar don Choiste Feidhmiúcháin; an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a tháirgeadh; beartais bainistíochta riosca a cheadú; buiséid bhliantúla a chomhaontú; agus cinntí suntasacha caiteachais agus infheistíochta a fhormhaoirsiú. Le linn na bliana, rinne an Bord formhaoirseacht ar thabhairt chun críche na n-íocaíochtaí ó scéimeanna an Chúlchiste Coigeartaithe Brexit agus ar sheoladh scéimeanna atá á gcistiú ag an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe 2021-2027 (CEMID).

Tugadh aghaidh ar na nithe seo a leanas freisin sna cruinnithe le linn na bliana:

- Athbhreithniú straitéiseach agus seoladh oibríochtúil scéimeanna faoi CEMID
- Straitéis cumarsáide BIM
- Críochnú agus oscailt oifigiúil na Linne um Marthanas ar Muir ar an gCaisleán Nua
- Nuashonrú na pleanála spáis mhuirí
- Cathaoirleach agus comhalta nua a cheapadh chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca
- An Treochlár le haghaidh Próiseáil Bia Mara a Bharrfheabhsú
- Ceadú an léasa le haghaidh cheanncheathrú nua BIM
- Nuashonruithe beartais

## Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird

Cuireann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird comhairle ar Bhord BIM i ndáil lena leordhóthanaí atá córais rialaithe inmheánaigh airgeadais, bainistíocht riosca, an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí, agus na cóid iompair gnó. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar an gCoiste Feidhmiúcháin agus tuairiscíonn sé go díreach don Bhord.

D’athbhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca cúig iniúchadh inmheánacha a ndearna na hiniúchóirí inmheánacha iad sa bhliain 2024:

- Athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais Rialaithe Inmheánaigh
- Bainistíocht sócmhainní seasta
- Cibearshlándáil – Anailís ar bhearnaí i gcaighdeáin
  Bhonnlíne an lárionaid náisiúnta cibearshlándála
- An Scéim Tacaíochta Caipitil Próiseála Brexit
- An Scéim Iascaigh Pheiligigh Brexit

Tá freagracht ar an gCoiste Riosca Feidhmiúcháin as formhaoirseacht a dhéanamh ar na rioscaí agus na rialuithe laistigh de BIM agus oibríonn sé i ndlúthchomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Thug an Príomhoifigeach Riosca clár rioscaí corparáideacha agus tuarascáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca gach ráithe. De réir Chód na bliana 2016, rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca measúnú seachtrach ar a éifeachtacht féin sa bhliain 2024.

Tugadh roinnt moltaí sna freagraí, agus tá aghaidh á tabhairt ar gach ceann díobh. D’athbhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca éifeachtacht na n-iniúchóirí inmheánacha freisin agus dheimhnigh sé go bhfuil sé sásta le feidhmíocht na n-iniúchóirí agus leis an tseirbhís atá á soláthar do BIM.

D’iarr an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca saintuarascálacha ar an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha chun dearbhuithe a sholáthar don Choiste i ndáil le calaois, éilliú agus breabaireacht; le comhlíonadh soláthair; leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí; agus le comhlíonadh cánach. De bhreis air sin, d’athbhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca roinnt beartas agus mhol sé nuashonruithe don Bhord lena gceadú sa bhliain 2024.

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar Chreat Rialaithe Inmheánaigh BIM agus ar Ráitis Dearbhuithe ón gCoiste Feidhmiúcháin sna réimsí seo a leanas:

- Breithmheas ar infheistíocht chaipitil
- An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú
- Cóid Iompair
- Seirbhís do Chustaiméirí
- Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
- Rialuithe Airgeadais
- Cistiú
- Sláinte agus Sábháilteacht

## An Coiste Oiliúna agus Forbartha

Is iad príomhróil agus príomhfhreagrachtaí an Choiste Oiliúna agus Forbartha comhairle a chur ar an mBord Stiúrthóirí maidir le treo straitéiseach an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe in Aonad Scileanna BIM.

Áirítear leis sin forbairt Straitéis Oiliúna agus Forbartha BIM, lena gcumhdaítear Coláistí agus Aonaid Oiliúna Cósta BIM, chomh maith leis an oiliúint a chuirtear ar chliaint ar fud BIM, mar aon le tosaíochtaí straitéiseacha cuí a leagan síos.

Tháinig an coiste le chéile dhá uair sa bhliain 2024, an 15 Bealtaine agus an 23 Deireadh Fómhair, chun athbhreithniú, plé agus dul chun cinn a dhéanamh ar raon tionscadal straitéiseach agus ar sholáthar Straitéis Scileanna BIM.

## An Coiste um Ainmniúcháin agus Luach Saothair

Ceaptar an Coiste um Ainmniúcháin agus Luach Saothair mar fhochoiste neamhspleách de chuid an Bhoird chun bainistiú a dhéanamh ar na próisis a bhaineann le hearcú chuig ról an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin nó chuig róil ardbhainistíochta. Tionóltar an Coiste de réir mar a éilíonn an Bord. Níor tionóladh an Coiste sa bhliain 2024.

## Fógraí reachtúla agus eile

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 Chomhlíon na daoine uile a bhí i seilbh post ainmnithe laistigh de BIM ceanglais an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí de réir ailt 18 agus 20 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

## An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Tá nós imeachta i bhfeidhm ag BIM le haghaidh nochtaí cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Ní dhearnadh aon Nochtaí Cosanta sa bhliain 2024.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Is é beartas BIM a chinntiú go ndéantar gach íocaíocht go pras. Ar aon dul le nósanna imeachta cuí airgeadais, déantar dianiarracht a chinntiú go n-íoctar na soláthraithe uile laistigh den tréimhse ama riachtanach, de réir an dea-chleachtais. Foilsítear tuarascálacha ráithiúla ar chomhlíonadh ar shuíomh Gréasáin BIM.

## Iarrataí ar Rochtain ar Fhaisnéis

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol), 2007 go 2018.

Leis na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol, foráiltear don cheart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis comhshaoil, agus ceanglaítear ar BIM mar údarás poiblí bheith réamhghníomhach agus é ag scaipeadh faisnéis comhshaoil don phobal. Ní bhfuarthas aon iarrataí faoi na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol sa bhliain 2024.

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Ní bhfuair BIM aon iarrataí ar fhaisnéis faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí sa bhliain 2024. Níor dhéileáil BIM le haon sáruithe ba ghá a thuairisciú don Choimisinéir Cosanta Sonraí sa bhliain 2024.

## Oibleagáidí BIM faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus 2021

Leanann BIM le mionsonraí a sholáthar faoina oibleagáidí feidhmíochta agus tuairiscithe faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus 2021.

Déantar foilseacháin áirithe ó BIM, lena n-áirítear an Tuarascáil Bhliantúil, na Cuntais Iniúchta agus na Ráitis Airgeadais uaidh, na tograí beartais phoiblí uaidh agus na ráitis straitéise uaidh, a tháirgeadh i nGaeilge agus i mBéarla.

Cumasaítear leis na córais TFC atá i bhfeidhm ag BIM ainm, seoladh nó teideal duine i nGaeilge a thaifeadadh agus a úsáid i gceart.

Is féidir foirmeacha oifigiúla BIM a aistriú go Gaeilge arna iarraidh sin.

Níl lógó BIM i nGaeilge faoi láthair ach, má dhéantar é a athrú nó a athnuachan, cuirfear na bearta riachtanacha chun aghaidh a thabhairt ar Achtanna na dTeangacha Oifigiúla i bhfeidhm.

Chomhlíon BIM a oibleagáidí fógraíochta Gaeilge sa bhliain 2024, á chinntiú go raibh 20% ar a laghad dá fhógraíocht i nGaeilge agus go raibh 5% ar a laghad dá bhuiséad fógraíochta foriomlán le feiceáil sna meáin Ghaeilge.

## Cairt custaiméirí

D'fhoilsigh BIM Cairt Custaiméirí ina mionsonraítear a thiomantas iomlán do sheirbhís éifeachtúil, thráthúil, ghairmiúil agus chúirtéiseach a sholáthar do chustaiméirí. Leagtar amach sa Chairt na caighdeáin seirbhíse is féidir le custaiméirí a bheith ag súil le fáil ó BIM agus tá sí ar fáil sa limistéar fáiltithe de phríomhoifigí BIM agus ar líne.

## Bainistíocht riosca

Déanann an Coiste Riosca Feidhmiúcháin an Clár Rioscaí Corparáideacha a athbhreithniú agus a nuashonrú agus tuairiscítear é don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Bhord ar bhonn ráithiúil. Rinne BIM measúnú ar rioscaí na heagraíochta agus sainaithníodh na príomhrioscaí seo a leanas sa bhliain 2024:

| Riosca | Maoluithe |
|---|---|
| **Margadh agus dálaí eacnamaíocha atá luaineach agus ag athrú go tapa do chliaint mar thoradh ar dhálaí margaidh.** | Leanfaidh BIM le caidreamh a dhéanamh leis an earnáil chun a riachtanais a thuiscint agus chun iad sin a chur in iúl don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun tathant a dhéanamh ar son tacaí agus chun aon scéimeanna a chur chun feidhme gan mhoill. Tá scéimeanna nua CEMID i bhfeidhm chun an tsolúbthacht agus na tacaí is mó is féidir a sholáthar. Tá seirbhísí nua éirime gnó agus seirbhísí nua nuálaíochta gnó i bhfeidhm anois agus tá siad á n-úsáid ag cliaint. |
| **Déanann an luaineacht agus an éiginnteacht maidir le stádas stoic difear diúltach don earnáil.** | Déanann BIM athbhreithniú ar chomhairle stoic, ar thacaí reatha CEMID agus ar chláir oibre ar bhonn tráthrialta chun a chinntiú go bhfreastalaíonn na tacaí reatha agus na pleananna oibre reatha ar riachtanais na hearnála. |
| **Oiriúnú don Athrú Aeráide agus é a Mhaolú.** | Tá raon clár oibre bliantúil ag BIM i réimsí a bhaineann le hoiriúnú don athrú aeráide agus le hé a mhaolú. Tá Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide forbartha ag Grúpa BIM um Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus oibreoidh sé i ndlúthchomhar le cliaint BIM chun cur chun feidhme an phlean a stiúradh. |
| **Cibir-riosca agus Leanúnachas Gnó.** | Maolaíonn BIM cibir-rioscaí trí fhreagairt teagmhas um fhaireachán ar bhagairtí, trí oiliúint fostaithe agus trí dhea-chleachtais slándála, agus leanúnachas gnó á chinntiú trí bhonneagar athléimneach agus trí thástáil thráthrialta. |

## Soláthar agus caiteachas poiblí

Tá ag BIM próiseas láidir freagrúil soláthair phoiblí lena gcomhlíontar go hiomlán an Cód Caiteachais Phoiblí agus na rialacha soláthair náisiúnta agus Aontais Eorpaigh uile agus atá ag teacht leis an soláthar dea-chleachtais. D'fhógair BIM 18 dtairiscint ar eTenders.gov.ie sa bhliain 2024. De bhreis orthu sin, fuarthas cúig chonradh trí chreat-chomhaontuithe na hOifige um Sholáthar Rialtais agus bhí trí thairiscint ón bpobal go dtí an pobal ann faoi Airteagal 12 de Threoir 2014/24/AE. Ag deireadh na bliana, tugadh faoi athbhreithniú cuimsitheach ar an dóigh ar chomhlíon an eagraíocht an Cód Caiteachais Phoiblí don bhliain 2024. Deimhnítear leis sin go bhfuil an Cód á chomhlíonadh go hiomlán ag BIM.

## Sláinte agus sábháilteacht

Príomhthosaíocht laistigh de BIM fós is ea sláinte, sábháilteacht agus folláine na bhfostaithe, na gconraitheoirí agus na gcuairteoirí. Tá Beartas Sláinte agus Sábháilteachta BIM mar bhonn agus thaca ag tiomantas na heagraíochta d'fheabhsú leanúnach a bhrú chun cinn, agus comhlíonadh iomlán na gceanglas dlí agus rialála uile is infheidhme á chinntiú, lena n-áirítear an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

## Tiomantas do chomhlíonadh agus d'fheabhsú leanúnach

Tá BIM tiomanta do chultúr láidir sábháilteachta san áit oibre a chothú trí mheasúnú riosca, trí bhearta rialaithe, agus trí chaidreamh réamhghníomhach leis na geallsealbhóirí uile. Tugtar breac-chuntas i Ráiteas Sábháilteachta BIM ar chur chuige córasach i leith rioscaí san áit oibre a shainaithint agus a bhainistiú, á chinntiú go maolaítear guaiseacha go héifeachtach. Trína chreat feabhsúcháin leanúnaigh, déanann BIM athbhreithniú agus beachtú tráthrialta ar a phrótacail sláinte agus sábháilteachta, agus iad á n-ailíniú aige le dea-chleachtais agus le nuashonruithe reachtaíochta.

## Measúnú riosca agus bearta rialaithe

Tá measúnuithe riosca mar bhunús le cur chuige BIM i leith sábháilteacht san áit oibre. Déanann BIM cigireachtaí tráthrialta san áit oibre agus meastóireachtaí riosca tráthrialta chun guaiseacha féideartha a shainaithint. Bunaithe ar na measúnuithe sin, cuireann sé bearta rialaithe spriocdhírithe chun feidhme chun deireadh a chur le rioscaí nó chun iad a laghdú, á chinntiú go n-oibríonn an pearsanra ar fad i dtimpeallacht shábháilte.

Áirítear na nithe seo a leanas leis na príomhthionscnaimh bainistíochta riosca:

- **Sainaithint guaiseacha san áit oibre** – Iniúchtaí agus anailís riosca a dhéanamh mar ghnás chun ábhair imní sábháilteachta fhéideartha a shainaithint.
- **Gníomhartha coisctheacha agus ceartaitheacha** – Bearta a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sainaitheanta agus chun timpistí a chosc.
- **Nósanna imeachta oibre sábháilte** – Prótacail shoiléire a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí ardriosca agus comhlíonadh a chinntiú trí oiliúint thráthrialta.
- **Tuairisciú agus imscrúdú teagmhas** – Córas láidir chun teagmhais san áit oibre a thaifeadadh agus a anailísiú agus chun aghaidh a thabhairt orthu, agus cultúr foghlama agus feabhsúcháin á chothú.

## Oiliúint foirne agus feasacht ar an tsábháilteacht

Aithníonn BIM go mbaineann ríthábhacht le caidreamh le fostaithe agus leis an oideachas fostaithe chun timpeallacht shábháilte oibre a chothabháil. Reáchtáiltear seisiúin thráthrialta oiliúna sábháilteachta agus cuirtear in oiriúint iad do róil dhifriúla agus do fhreagrachtaí difriúla. Cumhdaítear leis na seisiúin sin:

- **Oiliúint práinnfhreagartha** – Druileanna dóiteáin, nósanna imeachta garchabhrach, agus prótacail aslonnaithe.
- **Láimhsiú sábháilte agus eirgeanamaíocht** – Dea-chleachtais chun díobhálacha san áit oibre a íoslaghdú.
- **Tionscnaimh sláinte agus folláine** – Feasacht ar an meabhairshláinte agus bainistíocht struis.
- **Seisiúin faisnéise sábháilteachta do chonraitheoirí agus do chuairteoirí** – A chinntiú go gcomhlíonann tríú páirtithe caighdeáin sábháilteachta BIM agus iad ar an láithreán.

Is é sprioc BIM a chinntiú go bhfuil an t-eolas agus na scileanna is gá ag gach ball den fhórsa saothair chun guaiseacha san áit oibre a aithint agus chun freagairt go héifeachtach dóibh.



## Tionscnaimh shláinte agus folláine

Chomh maith leis an tsábháilteacht fhisiciúil, cuireann BIM an fholláine iomlánaíoch chun cinn trí chláir lena dtacaítear leis an meabhairshláinte, leis an gcothromaíocht oibre is saoil, agus leis an bhfolláine fhoriomlán fostaithe. Áirítear iad seo a leanas leis na tionscnaimh sin:

- **Cláir chúnaimh d'fhostaithe** lena dtairgtear tacaíocht rúnda.
- **Ceardlanna folláine** lena ndírítear ar bhainistíocht struis agus ar athléimneacht.
- **Beartais oibre solúbtha** lena dtacaítear le cothromaíocht fholláin oibre is saoil.

## Breathnú ar aghaidh

Tá BIM tiomanta fós dá mhisean chun cultúr réamhghníomhach sábháilteachta a leabú laistigh den eagraíocht. Ag féachaint romhainn, is ar chórais bainistíochta riosca a fheabhsú, ar chláir oiliúna sábháilteachta a leathnú agus ar leas a bhaint as an teicneolaíocht a leagfar an díriú chun sábháilteacht san áit oibre a fheabhsú. Trí chultúr freagrachta comhroinnte agus foghlama leanúnaí a chothú, tá sé mar aidhm ag BIM a chinntiú go bhfanfaidh an eagraíocht ar thús cadhnaíochta i réimse na sláinte agus sábháilteachta laistigh den tionscal bia mara agus den tionscal muirí.

Ní hé amháin gur tosaíocht í sábháilteacht fhostaithe, chonraitheoirí agus chuairteoirí BIM ach is bunluach í sin lena mbrúitear oibríochtaí chun cinn freisin. Leanfaidh BIM le cur lena dhul chun cinn, á chinntiú go gcoinníonn an eagraíocht timpeallacht oibre atá sábháilte, sláintiúil agus tacúil do chách ar bun.

## Comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú

Sa bhliain 2024, rinne BIM dul chun cinn ar an bPlean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú uaidh trína Ghrúpa um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú agus choinnigh sé a chreidiúnú airgid um Infheisteoirí san Éagsúlacht.

Lean BIM le cur le móiminteam na dtionscnamh comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe trí bheartais chuimsitheacha agus cleachtais chuimsitheacha a leabú. Rinneadh athbhreithniú agus beachtú ar bheartais chun ailíniú le prionsabail um chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chinntiú. I measc na ngníomhartha spriocdhírithe san fhoghlaim agus san fhorbairt bhí oiliúint san fheasacht ar mhíchumas, san fheasacht ar an meabhairshláinte agus sa chlaontacht neamh-chomhfhiosach, agus inniúlachtaí ar fud na heagraíochta á bhfeabhsú. Tá sé mar aidhm ag na gníomhartha sin a chinntiú go mbíonn ag BIM timpeallacht oibre ina n-aithnítear éagsúlacht i measc na ngeallsealbhóirí uile agus ina dtugtar meas ar an éagsúlacht sin.

Ag an 31 Nollaig 2024, bhí triúr comhaltaí den inscne bhaineann agus beirt chomhaltaí den inscne fhireann ag an mBord, rud a chomhlíonann an sprioc atá ag an Rialtas go mbeadh an dá inscne freagrach as 40% ar a laghad den chomhaltas de Bhoird Stáit. Den 128 ball foirne atá ag BIM, is fir iad 52% agus is mná iad 48%. Thuairiscigh thart ar 13% de na baill foirne san eagraíocht go raibh míchumas orthu.

## Faisnéis a sholáthar do Chomhaltaí den Oireachtas

Thug BIM freagraí soiléire prasa ar na ceisteanna uile ó Chomhaltaí den Oireachtas sa bhliain 2024.

## Éifeachtúlacht fuinnimh agus caomhnú fuinnimh

Tá BIM tiomanta dá lorg carbóin a laghdú trí éifeachtúlacht fuinnimh, trí chaomhnú uisce agus trí laghdú dramhaíola. A bhuí le hinfheistíochtaí straitéiseacha agus le caidreamh leis an bhfoireann, leanann BIM le bearta inbhuanaithe a chur chun feidhme chun feidhmíocht comhshaoil a fheabhsú.

Sa bhliain 2024, mhéadaigh BIM na suiteálacha grianphainéal fótavoltach ag an gColáiste Náisiúnta i mBaile Chaisleáin Bhéarra agus ag Ionad Oighir Bhaile Chaisleáin Bhéarra, rud a mhéadaíonn an ghiniúint fuinnimh in-athnuaite. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar leictriú an fhlít trí dhá veain leictreacha a chur leis, agus bítear ag úsáid ola glasraí hidreachóireáilte anois le haghaidh na campais choláiste a théamh agus le haghaidh feithiclí iompair a bhreoslú. Cuireadh uasghráduithe soilsithe LED i gcrích ar fud shaoráidí uile BIM.

Tá laghdú 38% in úsáid fuinnimh bainte amach ag BIM ó bhí an bhliain 2009 ann agus tá laghdú 41% in astaíochtaí CO2 bainte amach aige ón tréimhse idir an bhliain 2016 agus an bhliain 2018 i leith. Mar thoradh ar an gCóras Bainistíochta Foirgnimh Cliste ag ceanncheathrú BIM i nDún Laoghaire, tá laghdú 30% tagtha ar úsáid gáis.

D'athnuaigh BIM a dheimhniú EcoMerit agus rinne sé úsáid fuinnimh an Líonra Ionad Oighir a bharrfheabhsú trí innealra atá tíosach ar fhuinneamh agus lena ngabhann faireachán fíor-ama a thabhairt isteach.

Tá BIM ag bogadh a cheannoifige chuig campas oifige níos nua-aimseartha, agus éifeachtúlacht fuinnimh á méadú arís eile dá bharr sin. Déanfar an oifig nua a théamh agus a fhuarú trí úsáid a bhaint as córais nach gcumhachtaítear le breoslaí iontaise chun astaíochtaí carbóin a laghdú tuilleadh.

Ar na spriocanna don todhchaí tá tionscadail fuinnimh in-athnuaite a leathnú agus feabhas a chur ar thionscnaimh geilleagair chiorclaigh. Tá BIM tiomanta fós d'astaíochtaí glan-nialasacha agus do cheannaireacht inbhuanaitheachta i dtionscal bia mara agus tionscal muirí na hÉireann.

## Clár Oibríochtúil an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe 2023 – 2027

Is é an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) 2021-2027 an príomhchlár cistiúcháin don earnáil bia mara. Tá sé á chomhchistiú ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach.

Tagann CEMID i gcomharbas ar an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) 2014-2020 agus tugtar tacaíocht leis do chomhbheartas iascaigh an Aontais Eorpaigh, do bheartas muirí an Aontais Eorpaigh agus do chlár oibre an Aontais Eorpaigh um rialachas aigéan idirnáisiúnta. Tugtar tacaíocht leis d'fhorbairt a dhéanamh ar thionscadail nuálacha a chinntíonn go n-úsáidtear acmhainní uisceacha agus muirí ar bhealach inbhuanaithe.

Le CEMID, cisteofar bainistíocht iascaigh agus bainistíocht cabhlach dobharshaothraithe agus iascaireachta, agus cumhdófar leis bearta amhail comhairle eolaíoch, rialuithe agus seiceálacha, faisnéis maidir leis an margadh, faireachas muirí agus slándáil.

In Éirinn, tá CEMID á sholáthar trí Chlár Oibríochtúil 2021-2027. Bainistíonn an Coiste Faireacháin Cláir Oibríochtúil an Clár Oibríochtúil chun a chinntiú go soláthraítear é laistigh den tréimhse ama. Tá an Coiste Faireacháin Cláir Oibríochtúil comhdhéanta d'ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach (Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta), ó Rannán Forbartha Clár Mara na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, ó Fhoras na Mara, ó BIM, ó Eagraíochtaí Táirgeoirí Tionscail agus ó roinnt Eagraíochtaí Neamhrialtasacha. Chomh maith le tacú le forbairt inbhuanaithe iascaigh, tugtar tacaíocht leis an gClár Oibríochtúil d'iascach agus soithí cósta ar mhionscála go háirithe, don dobharshaothrú agus don Gheilleagar Gorm.

Le CEMID, cisteofar cláir oibre agus tionscadail inmheánacha BIM ar fud scéimeanna cúnaimh deontais don tionscal.

Leis na scéimeanna sin, soláthrófar gnéithe tábhachtacha den Chlár Forbartha Bia Mara is fiú €258 milliún.

# Scéimeanna deontas BIM

Go luath sa bhliain 2024, d'oibrigh BIM i ndlúthchomhar le Rannán Forbartha Clár Mara na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara chun dul chun cinn a dhéanamh ar dhúnadh na scéimeanna cúnaimh deontais arna gcistiú ag an gCúlchiste Coigeartaithe Brexit agus chun an Clár Oibríochtúil roimhe sin faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) a dhúnadh. Le linn an dara ráithe agus an tríú ráithe den bhliain 2024, seoladh na scéimeanna cúnaimh deontais tionscail seo a leanas faoi Chlár Oibríochtúil CEMID 2021-2027.



## Scéim Infheistíochta Caipitil CEMID um Próiseáil Bia Mara

Tá an Scéim seo ar fáil d'iarratasóirí ar fiontar beag nó meánmhéide próiseála ar talamh iad a bhfuil uimhir ceadaithe ón Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara acu agus a bhfuil cód gníomhaíochta Gléasra Táirgí Iascaireachta Úra (FFPP) nó Gléasra Próiseála (PP) acu.

Leis an scéim, soláthraítear tacaíocht d'oibreacha struchtúrtha caipitil agus do threalamh próiseála. Ní mór baint dhíreach a bheith ag míreanna den sórt sin le tionscadail a bhfuil ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí seo a leanas acu;

- breisluach a bhaint amach
- lánúsáid a bhaint as amhábhar
- Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú
- astaíochtaí carbóin a laghdú

Le linn na bliana 2024, fuarthas seacht n-iarratas déag ar chúnamh deontais dar luach os cionn €3.4m. Díobh sin, cuireadh na tionscadail seo a leanas i gcrích agus íocadh iad roimh dheireadh na bliana. I gcás tionscadail atá ceadaithe le haghaidh cistiúcháin ach nach bhfuil curtha i gcrích go fóill, tarraingeofar an cistiú ina leith anuas sa bhliain 2025.

| Contae | € | An líon tionscadal |
|---|---|---|
| Corcaigh | 1,174,606.47 | 2 |
| Baile Átha Cliath | 20,985.00 | 1 |
| Gaillimh | 24,198.50 | 1 |
| Cill Chainnigh | 62,949.77 | 1 |
| Lú | 13,537.50 | 1 |
| **Iomlán** | **1,296,277.24** | **6** |





## Scéim Iascaigh Cladaigh CEMID – Iascach Cósta ar Mhionscála

Leis an scéim seo, soláthraítear tacaíocht is fiú suas le 80% ar chaiteachas incháilithe ceadaithe. Tá sí ceaptha chun bheith ina 'hionad ilfhreastail' d'Iascairí Cósta ar Mhionscála, agus infheistíochtaí ar talamh agus ar bord ag úinéirí soithí Iascaireachta Cósta ar Mhionscála á gceadú. Leis an scéim, tacaítear le hinfheistíocht i dtrealamh caipitil a bhaineann leo seo a leanas:

- iascaireacht roghnaíoch
- éifeachtúlacht fuinnimh
- sláinteachas, sláinte agus sábháilteacht
- cáilíocht
- inrianaitheacht

Le linn na bliana 2024, fuarthas 71 iarratas ar chúnamh deontais dar luach €1.62m. Díobh sin, cuireadh na tionscadail seo a leanas i gcrích agus íocadh iad roimh dheireadh na bliana. I gcás tionscadail atá ceadaithe le haghaidh cistiúcháin ach nach bhfuil curtha i gcrích go fóill, tarraingeofar an cistiú ina leith anuas sa bhliain 2025.

| Contae | € | An líon tionscadal |
|---|---|---|
| Corcaigh | 1,974.40 | 1 |
| Dún na nGall | 2,573.80 | 1 |
| Gaillimh | 3,200.00 | 1 |
| Ciarraí | 984.00 | 1 |
| Maigh Eo | 28,756.00 | 1 |
| **Iomlán** | **37,488.20** | **5** |



## Scéim Iascaigh Inbhuanaithe CEMID

Leis an Scéim seo, soláthraítear tacaíocht is fiú suas le 50% le haghaidh infheistíochtaí ar bord. Tá an scéim ar fáil d'úinéirí soithí nach soithí Iascaireachta Cósta ar Mhionscála iad, agus infheistíochtaí ar bord a bhfuil na cuspóirí seo a leanas ag gabháil leo á gceadú:

- cáilíocht a fheabhsú
- láimhseáil gabhálacha a fheabhsú
- feabhas a chur ar inrianaitheacht
- sláinteachas, sláinte agus sábháilteacht a fheabhsú
- éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.

Le linn na bliana 2024, fuarthas 75 iarratas dar luach os cionn €7.2m. Díobh sin, cuireadh na tionscadail seo a leanas i gcrích agus íocadh iad roimh dheireadh na bliana. I gcás tionscadail atá ceadaithe le haghaidh cistiúcháin ach nach bhfuil curtha i gcrích go fóill, tarraingeofar an cistiú ina leith anuas sa bhliain 2025.

| Contae | € | An líon tionscadal |
|---|---|---|
| Corcaigh | 552,268.40 | 4 |
| Dún na nGall | 428,481.28 | 2 |
| Baile Átha Cliath | 207,000.00 | 2 |
| **Iomlán** | **1,187,749.68** | **8** |

## Scéim V-Eangaithe Iascaigh Cladaigh CEMID

Leis an scéim seo, soláthraítear suas le 100% den mhargadhphraghas le haghaidh gliomaigh bhaineanna a bheith á v-eangú agus á dtabhairt ar ais chuig an bhfiántas ag úinéirí soithí Iascaireachta Cósta ar Mhionscála. Leis an scéim, soláthraítear tacaíocht is fiú suas le 50% d'úinéirí soithí nach soithí Iascaireachta Cósta ar Mhionscála iad. Tá an scéim ar oscailt d'úinéirí soithí iascaireachta is lú ná 15 mhéadar ar fad nó atá cothrom leis, ar soithí iad atá cláraithe ar Chlár Éireannach na mBád Iascaireachta faoin roinn ilchineálach (lena n-áirítear potú ilchineálach).

Mar atá mionsonraithe sa tábla thíos, rinneadh 169 n-iarratas dar luach €595,614 a phróiseáil agus a íoc sa bhliain 2024.

| Contae | € | An líon tionscadal |
|---|---:|---:|
| An Clár | 8,378.63 | 1 |
| Corcaigh | 99,040.43 | 27 |
| Dún na nGall | 16,006.17 | 15 |
| Baile Átha Cliath | 29,057.31 | 7 |
| Gaillimh | 117,557.42 | 47 |
| Ciarraí | 160,302.60 | 15 |
| Lú | 5,753.62 | 2 |
| Maigh Eo | 40,087.83 | 16 |
| Sligeach | 41,464.81 | 12 |
| Port Láirge | 34,713.72 | 15 |
| Loch Garman | 31,178.49 | 7 |
| Cill Mhantáin | 12,072.98 | 5 |
| **Iomlán** | **595,614.01** | **169** |



## Scéim Dobharshaothraithe Inbhuanaithe CEMID

Tá an scéim seo ar oscailt d'oibritheoirí dobharshaothraithe a bhfuil acu an toiliú reachtúil is gá chun dul i mbun an dobharshaothraithe agus a chomhlíonann go hiomlán téarmaí agus coinníollacha an toilithe reachtúil sin. Soláthraítear léi ráta tacaíochta is fiú suas le 50% le haghaidh infheistíochtaí caipitil incháilithe sna réimsí seo a leanas:

- forbairt nuálaíochta táirgí (lena n-áirítear dobharshaothrú iltrófach comhtháite, cineálacha feamainne agus speicis nua)
- infheistíocht in úsáid fuinnimh a laghdú agus in éifeachtúlacht fuinnimh
- infheistíocht i gcórais fuinnimh in-athnuaite
- infheistíochtaí i dtrealamh sábháilteachta
- infheistíocht i sláinte agus leas ainmhithe
- cáilíocht an bhia agus sábháilteacht sláinteachais

Le linn na bliana 2024, fuarthas 51 iarratas ar chúnamh deontais dar luach os cionn €3.9m. Díobh sin, cuireadh na tionscadail seo a leanas i gcrích agus íocadh iad roimh dheireadh na bliana. I gcás tionscadail atá ceadaithe le haghaidh cistiúcháin ach nach bhfuil curtha i gcrích go fóill, tarraingeofar an cistiú ina leith anuas sa bhliain 2025.



| Contae | € | An líon tionscadal |
|---|---:|---:|
| Corcaigh | 19,430.89 | 2 |
| Dún na nGall | 36,474.76 | 4 |
| Gaillimh | 794.00 | 1 |
| Cill Chainnigh | 210,850.00 | 1 |
| Lú | 12,075.00 | 2 |
| Maigh Eo | 18,056.00 | 1 |
| **Iomlán** | **297,680.65** | **11** |

## Scéim Iascairí Óga CEMID

Leis an scéim seo, soláthraítear cistiú le haghaidh soitheach iascaireachta a cheannach den chéad uair. Leis an scéim, soláthraítear tacaíocht is fiú suas le 40% den chostas ceannaigh soithigh, i gcomhréir le scairsheilbh an iarratasóra sa soitheach.

Tá an scéim seo ar oscailt do dhaoine aonair, agus d'eintitis dhlíthiúla* atá faoi úinéireacht iomlán ag duine amháin nó níos mó:

- atá faoi bhun 40 bliain d'aois;
- atá ag obair mar iascaire ar feadh cúig bliana ar a laghad agus atá lánchháilithe chun an soitheach atá á cheannach a oibriú; agus
- ar a bhfuil cónaí chun críoch cánach in Éirinn.

Leis an scéim, tacaítear le hiarratasóirí incháilithe úinéireacht a fháil, go hiomlán nó go páirteach (33%), ar an gcéad soitheach iascaireachta dá gcuid. Áirítear leis sin costas an tsoithigh agus costais an cheadúnais in aghaidh an toillte (Tonnáiste / kW), agus iad comhréireach le scairsheilbh an iarratasóra sa soitheach.

Maidir leis an soitheach atá i gceist:

- ní mór fad foriomlán is lú ná 24 mhéadar a bheith aige;
- ní mór é a bheith feistithe le haghaidh iascaireacht mhara;
- ní mór é a bheith cláraithe i gclár cabhlaigh an Aontais Eorpaigh ar feadh tréimhse nach lú ná cúig bliana (trí bliana i gcás soitheach Iascaireachta Cósta ar Mhionscála) agus is lú ná tríocha bliain féilire roimh an mbliain a cuireadh isteach an t-iarratas ar thacaíocht;
- ní mór é a bheith mar chuid de roinn chabhlaigh sa Chreat Bailithe Sonraí atá sainaitheanta mar roinn chabhlaigh atá ar cothrom sa leagan is déanaí den Tuarascáil Bhliantúil ar Chabhlach na hÉireann a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh (tuairiscítear gach roinn mar roinn atá ar cothrom faoi láthair);
- ar íocaíocht, ní mór é a bheith cláraithe i gClár Éireannach na mBád Iascaireachta;
- ní fhéadfar ach iarratas amháin a dhéanamh i ndáil leis an aon soitheach amháin; agus

Tá feidhm ag teorainn cúnaimh deontais is ionann agus €250,000 faoin scéim.

Le linn na bliana 2024, fuarthas ceithre iarratas incháilithe ar chúnamh deontais dar luach €319,600, bunaithe ar chaiteachas €799,000. Díobh sin, cuireadh na tionscadail seo a leanas i gcrích agus íocadh iad roimh dheireadh na bliana. I gcás tionscadail atá ceadaithe le haghaidh cistiúcháin ach nach bhfuil curtha i gcrích go fóill, tarraingeofar an cistiú ina leith anuas sa bhliain 2025.

| Contae | € | An líon tionscadal |
|---|---|---|
| Dún na nGall | 19,600.00 | 1 |
| Ciarraí | 84,000.00 | 1 |
| Trá Lí | 128,000.00 | 1 |
| Iomlán | 231,600.00 | 3 |



## Scéim Fothaithe Acmhainneachta Bia Mara CEMID

Leis an scéim seo, tacaítear le baill Tionscail atá ag oibriú san earnáil iascaigh, san earnáil dobharshaothraithe nó san earnáil próiseála bia mara páirt a ghlacadh i misin allamuigh idirnáisiúnta atá faoi stiúir ag BIM, agus é mar chuspóir leo eolas an tionscail a mhéadú nó tacú le haistriú teicneolaíochta sna réimsí seo a leanas:

- inbhuanaitheacht
- caomhantas iascaigh
- nuálaíocht
- iomaíochas

Déanann BIM gach misean allamuigh a dhearadh agus a cheadú, agus bíonn ball foirne amháin ar a laghad de BIM i láthair ag gach misean allamuigh.

Faoin scéim, féadfaidh iarratasóirí ceadaithe tacaíocht is fiú suas le 50% díobh seo a leanas a fháil:

- Ticéid aerthaistil (grád barraine amháin)
- Cothú ag rátaí uasta na Seirbhíse Poiblí

Le linn na bliana 2024, fuarthas ocht n-iarratas ar chúnamh deontais dar luach €2,621. Díobh sin, cuireadh na tionscadail seo a leanas i gcrích agus íocadh iad roimh dheireadh na bliana. I gcás tionscadail atá ceadaithe le haghaidh cistiúcháin ach nach bhfuil curtha i gcrích go fóill, tarraingeofar an cistiú ina leith anuas sa bhliain 2025.

| Contae | € | An líon tionscadal |
|---|---|---|
| Corcaigh | 436.90 | 2 |
| Dún na nGall | 655.35 | 2 |
| Baile Átha Cliath | 436.90 | 1 |
| Ciarraí | 218.45 | 1 |
| **Iomlán** | **1,747.60** | **6** |





## Scéim Measúnaithe Eacnamaíoch Iascaigh Cladaigh CEMID

I dteannta na scéimeanna deontas atá luaite thuas, osclaíodh Tionscadal Seirbhíse de chuid BIM, faoi CEMID, sa bhliain 2024 chun sonraí bailithe cladaigh a bhailiú maidir leis an gcabhlach cladaigh. Bainfear úsáid as na sonraí a bhailítear tríd an tionscadal seo, mar aon leis an áireamh cladaigh roimhe seo a rinneadh sa bhliain 2023, chun tuilleadh tacaí a mhúnlú don earnáil amach anseo.

Tríd an tionscadal, rinneadh socrú do shuirbhé eile a bheith á chomhlánú ag iarratasóirí chun go bhféadfaí measúnú mionsonraithe cuimsitheach a dhéanamh ar na gnéithe sin den earnáil agus chun bonn eolais a chur faoin measúnú sin. Cuirfidh sé sin ar chumas na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus BIM ansin tacaí éifeachtacha a fhorbairt agus a spriocdhíriú lena gcabhrófar le hiascairí cladaigh freagairt do na dúshláin mhargaidh atá rompu.

Chun rannpháirtíocht a spreagadh sa suirbhé, agus chun aitheantas a thabhairt don obair riaracháin shuntasach a bhí i gceist dóibh sin a ghlacfadh páirt ann, rinneadh socrú leis an scéim go bhfaigheadh iarratasóirí íocaíocht as an suirbhé a chomhlánú. Cuireadh an suirbhé i gcrích ina dhá chéim.

Bhí na híocaíochtaí bunaithe ar fhad soithigh, agus rinneadh iad ina dhá dtráthchuid agus tráth a críochnaíodh gach céim den suirbhé. Faoin scéim, bhí €3,500 san iomlán ar fáil do shoithí ar lú a bhfad ná ocht méadar, agus bhí €5,000 san iomlán ar fáil do shoithí idir ocht méadar agus 17.99 méadar ar fad. Ba é €2,000 an tráthchuid tosaigh do shoithí incháilithe ar chríochnú Chéim 1 den suirbhé dóibh, agus íocadh an tsuim a bhí fágtha tráth chríochnú Chéim 2.

Le linn na bliana 2024, fuarthas 868 n-iarratas dar luach os cionn €1.7m. Díobh sin, cuireadh na tionscadail seo a leanas i gcrích agus íocadh iad roimh dheireadh na bliana. I gcás tionscadail atá ceadaithe le haghaidh cistiúcháin, comhlánóidh siad an dara suirbhé, agus íocfar iad ina leith, sa bhliain 2025.

| Contae | € | An líon tionscadal |
|---|---|---|
| An Clár | 22,000.00 | 11 |
| Corcaigh | 374,000.00 | 187 |
| Dún na nGall | 280,000.00 | 138 |
| Baile Átha Cliath | 62,000.00 | 31 |
| Gaillimh | 252,000.00 | 124 |
| Ciarraí | 222,000.00 | 111 |
| Lú | 44,000.00 | 22 |
| Maigh Eo | 202,000.00 | 100 |
| An Mhí | 8,000.00 | 4 |
| Sligeach | 26,000.00 | 13 |
| Port Láirge | 96,000.00 | 48 |
| Loch Garman | 124,000.00 | 62 |
| Cill Mhantáin | 36,000.00 | 17 |
| **Iomlán** | **1,748,000.00** | **868** |

## Scéim Eagraíochtaí Táirgeoirí CEMID (Cuid A agus Cuid B)

Le Cuid A den scéim seo, soláthraítear tacaí do ghrúpaí táirgeoirí iascaigh nó dobharshaothraithe atá ag obair i dtreo aitheantas foirmiúil a bhaint amach mar Eagraíocht Táirgeoirí. A luaithe a bhainfear stádas Eagraíochta Táirgeoirí amach, féadfar iarratas a dhéanamh ar chúnamh faoi Chuid B den scéim chun tacaíocht a fháil maidir le Pleananna Táirgthe agus Margaíochta a ullmhú agus a chur chun feidhme.

Le linn na bliana 2024, rinneadh ceithre éileamh ar dheontas faoin scéim, agus rinneadh íocaíochtaí ina leith, mar atá mionsonraithe sa tábla thíos.

| Contae | € | An líon tionscadal |
|---|---:|---:|
| Corcaigh | 91,411.83 | 1 |
| Dún na nGall | 173,926.17 | 2 |
| Port Láirge | 49,652.00 | 1 |
| **Iomlán** | **314,990.00** | **4** |



## Scéim Oiliúna Bia Mara CEMID

Leis an scéim seo, soláthraítear ráta tacaíochta suas le 100% d'úinéirí soithí iascaireachta cósta ar mhionscála chun freastal ar chúrsaí a mheastar a bheith ábhartha do shoithí iascaireachta cósta ar mhionscála, agus soláthraítear ráta tacaíochta is fiú suas le 50% do gach iarratasóir incháilithe eile. Ina theannta sin, i gcás go n-éilíonn an cúrsa freastal pearsanta ag láithreacha socraithe, féadfar ráta cothaithe atá ar aon dul le rátaí seirbhíse poiblí a sholáthar freisin. Tá an scéim sin ceaptha chun meitheal daoine cumasacha a chruthú don tionscal trí scileanna agus eolas a fhorbairt ar aon dul le tosaíochtaí CEMID. Tá sí ar oscailt do dhaoine aonair incháilithe ar mian leo freastal ar chúrsaí a sholáthraítear trí BIM nó a sholáthraíonn soláthraithe oideachais nó oiliúna atá aitheanta ag BIM mar sholáthraithe a bhfuil an inniúlacht riachtanach acu i gcúrsaí a sholáthar arb é an toradh atá orthu ná na cáilíochtaí céanna a sholáthraíonn BIM.

| Contae | € | An líon tionscadal |
|---|---|---|
| Corcaigh | 8,702.89 | 24 |
| Dún na nGall | 19,584.49 | 29 |
| Baile Átha Cliath | 2,950.00 | 4 |
| Gaillimh | 5,722.25 | 2 |
| Ciarraí | 10,289.51 | 6 |
| Cill Chainnigh | 10,390.75 | 3 |
| Luimneach | 10,434.25 | 4 |
| Lú | 10,697.00 | 4 |
| Maigh Eo | 617.50 | 1 |
| Loch Garman | 3,157.50 | 4 |
| Cill Mhantáin | 6,502.25 | 4 |
| **Iomlán** | **89,048.39** | **85** |



Go luath sa bhliain 2024, ba tríd an Státchiste a cistíodh an Scéim Oiliúna Bia Mara le linn an tsosa idir an tráth a dúnadh CEMI agus an tráth a tháinig CEMID i mbun feidhme go hiomlán i ndáil leis an scéim seo. Tá mionsonraí faoi na tionscadail ar chistigh an Státchiste iad faoin scéim tugtha thíos.

## Scéimeanna cúnaimh deontais CEMID arna gcistiú ag an Státchiste Náisiúnta

De bhreis ar na scéimeanna atá á gcistiú ag CEMID, riarann BIM dhá scéim sábháilteachta a chistítear tríd an Státchiste Náisiúnta. Tá na scéimeanna sin faoi réir an rialacháin *de minimis* lena gceadaítear méideanna beaga cúnaimh do ghnóthas aonair le haghaidh raon leathan cuspóirí. Tá tairbhithe na scéimeanna sin teoranta do chúnamh deontais is fiú €30,000 san iomlán thar thréimhse trí bliana.



## Scéim Oiliúna Bia Mara

I dtús na bliana 2024, bhí sos ann idir an tráth a dúnadh CEMI agus an tráth a tháinig CEMID i mbun feidhme go hiomlán. Le linn na tréimhse sin, ba tríd an Státchiste a cistíodh an Scéim. Tá mionsonraí faoi na hiarratais oiliúna a cistíodh tríd an Státchiste tugtha thíos.

| Contae | € | An líon tionscadal |
|---|---|---|
| An Clár | 1,969.63 | 1 |
| Corcaigh | 22,509.93 | 42 |
| Dún na nGall | 19,986.68 | 43 |
| Dún na nGall | 1,549.02 | 3 |
| An Dún | 520.20 | 1 |
| Baile Átha Cliath | 2,027.15 | 4 |
| Gaillimh | 10,233.51 | 20 |
| Ciarraí | 10,355.31 | 14 |
| Lú | 520.20 | 1 |
| Maigh Eo | 146.12 | 1 |
| Port Láirge | 1,663.20 | 2 |
| Loch Garman | 859.37 | 3 |
| Cill Mhantáin | 449.42 | 2 |
| **Iomlán** | **72,789.74** | **137** |




## An Scéim Sábháilteachta Flít

Leis an scéim seo, tacaítear le hiarratasóirí incháilithe trealamh sonraithe sábháilteachta ar bhord soithí cáilitheacha a cheannach. Áirítear leis an trealamh sin

- trealamh reachtúil tarrthála
- trealamh comhraicthe dóiteáin
- trealamh loingseoireachta
- trealamh cumarsáide

Tá sé mar aidhm leis an scéim seo tuilleadh feabhais a chur ar na caighdeáin fhoriomlána sábháilteachta ar bhord soithí iascaireachta Éireannacha. Tá an scéim ar oscailt d'úinéirí soithí atá cláraithe ar Chlár Éireannach na mBád Iascaireachta. Féadfar iarratais a dhéanamh i ndáil le soithí de gach méid. Tá feidhm ag na rátaí tacaíochta seo a leanas faoin scéim:

| | |
|---|---|
| • Soithí ar mó a bhfad foriomlán ná 12 mhéadar nó atá cothrom leis | 40% |
| • Soithí ar lú a bhfad foriomlán ná 12 mhéadar | 60% |

Le linn na bliana 2024, cuireadh na tionscadail seo a leanas i gcrích agus íocadh iad faoin scéim:

| Contae | € | An líon tionscadal |
|---|---:|---:|
| An Clár | 3,943.19 | 4 |
| Corcaigh | 196,925.69 | 44 |
| Dún na nGall | 137,443.47 | 46 |
| An Dún | 3,292.63 | 3 |
| Baile Átha Cliath | 3,219.28 | 4 |
| Gaillimh | 77,970.50 | 48 |
| Ciarraí | 135,711.39 | 32 |
| Lú | 8,735.39 | 4 |
| Maigh Eo | 32,145.72 | 30 |
| Sligeach | 3,811.26 | 6 |
| Port Láirge | 17,320.38 | 6 |
| Loch Garman | 43,865.59 | 10 |
| Cill Mhantáin | 4,665.00 | 5 |
| **Iomlán** | **669,049.49** | **242** |



## An Scéim Sábháilteachta Turasóireachta Muirí

Cosúil leis an Scéim Sábháilteachta Cabhlaigh, soláthraítear leis an scéim seo cúnamh deontais is fiú suas le 40% chun trealamh sábháilteachta a cheannach agus a shuiteáil ar bhord soithí ceadúnaithe turasóireachta mara ar lú a bhfad foriomlán ná 15 mhéadar.

| Contae | € | An líon tionscadal |
|---|---:|---:|
| Corcaigh | 4,500.94 | 3 |
| Baile Átha Cliath | 1,005.09 | 2 |
| Gaillimh | 783.98 | 1 |
| Ciarraí | 9,070.44 | 10 |
| Maigh Eo | 9,211.25 | 3 |
| Loch Garman | 1,368.70 | 1 |
| Cill Mhantáin | 5,993.67 | 1 |
| **Iomlán** | **31,934.07** | **21** |

# Ráitis airgeadais

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024



## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Comptroller and Auditor General

### Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

### An Bord Iascaigh Mhara

#### Opinion on financial statements

I have audited the financial statements of An Bord Iascaigh Mhara for the year ended 31 December 2024 as required under the provisions of section 5 of the Comptroller and Auditor General (Amendment) Act 1993. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of An Bord Iascaigh Mhara at 31 December 2024 and of its income and expenditure for 2024 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

#### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of An Bord Iascaigh Mhara and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

#### Report on information other than the financial statements, and on other matters

An Bord Iascaigh Mhara has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report including the governance statement and Board members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

**Mary Henry**
**For and on behalf of the**
**Comptroller and Auditor General**

**30 June 2025**

### Appendix to the report

#### Responsibilities of Board members

As detailed in the governance statement and Board members' report, the Board members are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under paragraph 9 of the First Schedule to the Sea Fisheries Act 1952
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

#### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under the Comptroller and Auditor General (Amendment) Act 1993 to audit the financial statements of An Bord Iascaigh Mhara and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on An Bord Iascaigh Mhara's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause An Bord Iascaigh Mhara to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

#### *Information other than the financial statements*

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

#### *Reporting on other matters*

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I find material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I find there is any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

# Ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí boird

## Rialachas

Bunaíodh Bord BIM faoin Acht Iascaigh Mhara, 1952. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 15 den Acht sin. Tá an Bord cuntasach don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá an Bord freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó. Is ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an bhfoireann ardbhainistíochta atá an fhreagracht as BIM a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an mórthreo straitéiseach a leagann an Bord síos agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta BIM.

## Freagrachtaí an bhoird

Tá an obair a dhéanann an Bord agus na freagrachtaí atá air leagtha amach i gComhaontú Formhaoirseachta agus Soláthar Feidhmíochta, ina leagtar amach freisin na nithe atá forchoimeádta go sonrach dá gcinneadh ag an mBord. Áirítear na nithe seo a leanas leis na buanmhíreanna a bhreithníonn an Bord:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- nithe forchoimeádta.

Ceanglaítear le halt 15 den Acht Iascaigh Mhara, 1952, ar Bhord BIM gach cuntas is cuí agus is gnách ar an airgead uile a fuair sé agus a chaith sé a choimeád i cibé foirm a bheidh ceadaithe ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar Bhord BIM:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- a lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnach ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 9 den chéad sceideal a ghabhann leis an Acht Iascaigh Mhara, 1952. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin BIM.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht BIM bunaithe ar an bplean bliantúil agus ar an mbuiséad bliantúil.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Measann an Bord go dtugtar i ráitis airgeadais BIM léargas fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais BIM ag an 31 Nollaig 2024.

## Struchtúr an bhoird

Cuimsíonn an Bord Cathaoirleach agus ceathrar gnáthchomhaltaí, a gceapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara gach duine díobh. Ceapadh na comhaltaí den Bhord ar feadh tréimhse trí bliana, agus tagann siad le chéile gach mí.

Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoin tréimhse ceapacháin do na comhaltaí reatha:

| Comhalta Boird | Ról | Dáta an Cheapacháin |
|---|---|---|
| Aidan Cotter | Cathaoirleach | An 17 Bealtaine 2022 |
| Lisa Vaughan | Stiúrthóir | Chríochnaigh téarma an chomhalta seo an 18 Meitheamh 2022, agus athcheapadh an comhalta an 19 Meitheamh 2022. |
| Jean Callanan | Stiúrthóir | An 19 Samhain 2020, athcheapadh an comhalta seo an 20 Samhain 2023 |
| Marie Gleeson | Stiúrthóir | An 19 Samhain 2020, athcheapadh an comhalta seo an 20 Samhain 2023 |
| George Golden | Stiúrthóir | An 29 Meán Fómhair 2021, athcheapadh an comhalta seo an 30 Meán Fómhair 2024 |

Bhunaigh an Bord na coistí seo a leanas:

**Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:** cuimsíonn sé seo beirt chomhaltaí den Bhord agus beirt comhaltaí neamhspleácha. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mBord maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le riosca, le rialú agus rialachas agus le dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairisc don Bhord tar éis gach cruinnithe agus tugann sé tuairisc fhoirmiúil i scríbhinn dó gach bliain.

Is iad seo na comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca:

- Aidan Dunning (Cathaoirleach) – a ceapadh mar Chathaoirleach i mí an Mhárta 2024
- Lisa Vaughan – a chuaigh ar scor i mí an Mhárta 2024
- George Golden
- Stephen McGovern
- Marie Gleeson – a ceapadh i mí Feabhra 2024

Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2024.

**Coiste Oiliúna agus Forbartha:** cuimsíonn sé seo beirt chomhaltaí den Bhord agus triúr comhaltaí neamhspleácha. Is é ról an Choiste Oiliúna agus Forbartha formhaoirseacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú Aonad Oiliúna BIM. Tugann an Coiste Oiliúna agus Forbartha tuairisc don Bhord tar éis gach cruinnithe agus tugann sé tuairisc fhoirmiúil i scríbhinn dó gach bliain.

Is iad seo na comhaltaí den Choiste Oiliúna agus Forbartha:

- Jean Callanan (Cathaoirleach)
- Marie Gleeson
- Bill Deasy – a ceapadh an 25 Eanáir 2024
- John Lynch
- Mark Skinner

Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste Oiliúna agus Forbartha sa bhliain 2024.

Ceaptar **an Coiste um Ainmniúcháin agus Luach Saothair** mar fhochoiste neamhspleách de chuid an Bhoird chun bainistiú a dhéanamh ar na próisis a bhaineann le hearcaíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin. Tionólann an Coiste de réir mar a éilíonn an Bord. Ní raibh aon chruinnithe ag an gCoiste le linn na bliana 2024.

| Comhaltaí Boird | Bord | An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | Táillí 2024 €'000 | Speansais 2024 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Aidan Cotter** | (11/11) | - | 12 | 1 |
| **Lisa Vaughan** | (10/11) | (2/5) | 8 | 1 |
| **Jean Callanan** | (11/11) | - | 8 | 1 |
| **Marie Gleeson** | (11/11) | (3/5) | 8 | 2 |
| **George Golden** | (10/11) | (3/5) | 8 | 4 |
| **Stephen McGovern** | - | (4/5) | 1 | - |
| **Aidan Dunning** | - | (5/5) | 1 | - |
| | | | **46** | **9** |

## Athruithe i measc na gcomhaltaí boird

Athcheapadh George Golden chuig an mbord an 30 Meán Fómhair 2024.

## Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe ar fiú níos mó ná €60,000 iad a chatagóiriú i Nóta 9(c) leis na Ráitis Airgeadais.

## Costais chomhairleachta

Áirítear le costais chomhairleachta an costas ar chomhairle sheachtrach a chur ar an lucht bainistíochta. Ní áirítear leo an costas ar fheidhmeanna seachfhoinsithe 'gnáthghnó'.

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle dlí | 278 | 67 |
| Comhairle airgeadais/achtúireach | - | - |
| Acmhainní Daonna | - | - |
| Feabhsú gnó | - | - |
| Eile | - | - |
| Costais chomhairleachta iomlána | 278 | 67 |
| Costais chomhairleachta a caipitlíodh | - | - |
| Costais chomhairleachta a muirearaíodh ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim | 278 | 67 |
| Iomlán | **278** | **67** |

## Costais agus socraíochtaí dlí

Sa tábla thíos, tugtar miondealú ar shuimeanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le costais dlí, le socraíochtaí agus le himeachtaí réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis sin caiteachas a tabhaíodh i ndáil leis an gcomhairle dlí ghinearálta a fuair BIM. Tá an caiteachas sin nochta sna costais chomhairleachta thuas.

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí dlí - imeachtaí dlí | - | - |
| Íocaíochtaí réitigh agus eadrána | - | - |
| Socraíochtaí* | - | - |
| Iomlán | - | - |

Ní raibh aon socraíochtaí dlí ann sa bhliain 2024.

## Caiteachas taistil agus cothaithe

Catagóirítear caiteachas taistil agus cothaithe mar a leanas:

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Taisteal intíre | | |
| Bord* | 9 | 16 |
| Fostaithe | 655 | 602 |
| Tríú páirtithe (Coistí Tionscail) | 237 | 272 |
| Taisteal idirnáisiúnta | | |
| Bord* | - | - |
| Fostaithe | 131 | 108 |
| Iomlán | **1,032** | **998** |

*Áirítear le taisteal agus cothú suim €8,000 a íocadh go díreach le comhaltaí Boird sa bhliain 2024 (2023: €10,000). Baineann an €1,000 eile (2023: €6,000) le caiteachas a d'íoc BIM thar ceann na gcomhaltaí Boird.

## Caiteachas fáilteachais

Tá an caiteachas fáilteachais seo a leanas ar áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas foirne | 1 | 1 |
| Fáilteachas cliant | - | - |
| Iomlán | **1** | **1** |

## Ráiteas faoi chomhlíonadh

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon BIM an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ina iomláine sa bhliain 2024.



**Aidan Cotter**
Cathaoirleach
26 Meitheamh 2025

# Ráiteas faoi rialú inmheánach

## Raon freagrachta

Thar ceann BIM, aithním an fhreagracht chomhchoiteann atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú, as cuntais BIM a ullmhú agus as na hoibleagáidí reachtúla uile is infheidhme i leith BIM a chomhlíonadh. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## Príomhnósanna imeachta rialaithe chun rialú inmheánach éifeachtach a sholáthar

Is iad seo a leanas na príomhnósanna imeachta ar bhunaigh na Comhaltaí Boird iad d'fhonn rialú inmheánach éifeachtach a sholáthar:

- Rinne an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha, rud a críochnaíodh i mí an Mhárta 2025. Agus an t-athbhreithniú sin á dhéanamh acu, bhreithnigh na Stiúrthóirí na nithe seo a leanas:
  - Tuarascáil ar an gcóras rialuithe inmheánacha sa bhliain 2024, lena n-áirítear Bainistíocht Riosca, Iniúchtaí Inmheánacha, Iniúchóireacht Sheachtrach, agus obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2024;
  - Athbhreithniú bliantúil ar chomhlíonadh an Chóid Caiteachais Phoiblí;
  - Tuarascáil ar chomhlíonadh an Chóid Cleachtais; agus
  - Tuarascáil na nIniúchóirí Inmheánacha ar na Córais Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais.
- Díriú soiléir ar chuspóirí gnó, mar a chinneann an Bord iad i bhfianaise na bhfreagrachtaí reachtúla.
- Struchtúr sainithe eagrúcháin, ina bhfuil línte soiléire freagrachta, tarmligean údaráis agus leithscaradh dualgas atá deartha chun timpeallacht chuí rialaithe a sholáthar.
- Próiseas bainistíochta riosca, ina mbreithnítear an straitéis agus na pleananna gnó i gcomhthéacs an phróisis buiséid bhliantúil ina ndéanann an Bord pleananna agus spriocanna airgeadais a shocrú agus a athbhreithniú i bhfianaise cuspóirí socraithe.
- Córas tuairiscithe agus rialaithe, lena n-áirítear athbhreithniú ar na buiséid bhliantúla chaipitil agus reatha ag an mBord, agus athbhreithniú tráthrialta ar thorthaí iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad.
- Nósanna imeachta rialaithe – coinníonn an Bord beartais chuimsitheacha ar bun i leith gach ceann dá phríomhghníomhaíochtaí. Go háirithe, tá teorainneacha agus nósanna imeachta atá sainithe go soiléir i bhfeidhm le haghaidh caiteachas airgeadais, lena n-áirítear soláthar agus caiteachas caipitil.
- Córais faireacháin - déanann an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí faireachán ar chomhlíonadh nósanna imeachta rialaithe, ar feidhm í a oibríonn de réir an chreata le haghaidh chur i bhfeidhm an dea-chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Treoraíonn anailís ar na rioscaí a bhfuil BIM neamhchosanta orthu obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí. Fuair an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí don bhliain 2024, rud lenar áiríodh tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, agus leagadh an tuarascáil sin faoi bhráid an Bhoird. Forlíontar an córas iniúchóireachta inmheánaí agus an córas faireacháin leis an obair iniúchóireachta a dhéanann iniúchóirí seachtracha gach bliain ar na bearta éagsúla cúnaimh deontais, mar a cheanglaítear faoi reachtaíocht rialaithe an Aontais Eorpaigh i leith bearta den sórt sin.
- Cuimsíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, ar bhunaigh an Bord é sa bhliain 2009, Comhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Bhord agus triúr comhaltaí seachtracha neamhspleácha. Tá faireachán agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh bunaithe ar na tuarascálacha a fhaigheann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ón lucht bainistíochta, ar thuarascálacha ó na hiniúchóirí seachtracha a oibríonn ar Bhearta Deontais an Aontais Eorpaigh, agus ar na barúlacha a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste sa litir uaidh chuig an lucht bainistíochta agus i dtuarascálacha eile. De réir mar ba ghá, choimisiúnaigh an Bord athbhreithnithe neamhspleácha ar chórais shonracha rialaithe inmheánaigh laistigh den eagraíocht freisin.

## Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil. Ós rud é gur féidir le héifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh athrú le himeacht ama, déanann BIM córais den sórt sin a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh sin, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, i bhfeidhm laistigh de BIM don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais.

## Athbhreithniú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach

Rinne Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus Bord BIM athbhreithniú ar an Ráiteas seo faoi Rialú Inmheánach don bhliain 2024 i mí an Mhárta 2025 chun a chinntiú go léirítear go cruinn ann an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na bliana 2024.

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca i bhfeidhm ag BIM, ar coiste é a chuimsíonn beirt chomhaltaí den Bhord agus beirt chomhaltaí seachtracha neamhspleácha a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile cúig huaire sa bhliain 2024.

Sheachfhoinsigh BIM a fheidhm iniúchóireachta inmheánaí; tá dóthain acmhainní ag an bhfeidhm sin agus seolann sí clár oibre a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Chuir an Bord beartas bainistíochta riosca le chéile, rud ina leagtar amach an fonn riosca atá air agus na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm aige agus ina mionsonraítear na róil atá ag baill foirne agus na freagrachtaí atá orthu ó thaobh riosca de. Eisíodh an beartas chuig gach ball foirne a bhfuiltear ag súil leis go n-oibreoidh siad de réir bheartais bhainistíochta riosca BIM, go gcuirfidh siad an lucht bainistíochta ar an eolas faoi rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus go nglacfaidh siad freagracht as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Creat riosca agus rialaithe

Chuir BIM córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh BIM. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil, agus is buanmhír don Bhord é. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus an fhreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú. Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta,
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- cinntítear leis na nósanna imeachta rialaithe atá i bhfeidhm i leith cistiú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha go ndéantar rialú leordhóthanach ar cheadú deontas agus go ndéantar faireachán agus athbhreithniú ar dheontaithe chun a chinntiú go n-úsáidtear cistiú deontais chun na críche a thugtar é.

## Sáruithe ar rialú

Níor tuairiscíodh aon sárú ar rialú sa bhliain 2024.

## Caillteanais nó calaoisí ábhartha

Níor tuairiscíodh aon chaillteanas ná aon chalaois ábhartha sa bhliain 2024.

## Nochtadh cosanta

Ní dhearnadh aon nochtaí cosanta le BIM sa bhliain 2024. Tugadh nochtadh cosanta amháin a fuarthas sa bhliain 2023 ar aghaidh chuig an mbliain 2024, agus dúnadh é lena linn.

## Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is iomchuí. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara, agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú,
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

## Nósanna imeachta le haghaidh aghaidh a thabhairt ar na himpleachtaí airgeadais a ghabhann le mór-rioscaí gnó

Rinneadh na himpleachtaí airgeadais a ghabhann le rioscaí gnó a bhreithniú tríd an bpróiseas foirmiúil um measúnú riosca gnó agus le linn Pleananna Iniúchóireachta Inmheánaí BIM a ullmhú. Déantar tuilleadh measúnaithe agus meastóireachta orthu sin trí Phlean Iniúchóireachta Inmheánaí BIM a chur chun feidhme ar bhonn céimnithe.

## Faisnéis airgeadais agus bhuiséadach

Tá an córas rialuithe inmheánacha bunaithe ar chreat faisnéise tráthrialta bainistíochta, ar chóras tarmligin agus cuntasachta, agus ar thacar nósanna imeachta airgeadais agus riaracháin, lena n-áirítear leithscaradh dualgas. Áirítear na nithe seo a leanas leis go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe, rud lena ngabhann buiséad bliantúil agus a ndéanann an Bord é a athbhreithniú agus a cheadú.
- Buiséid agus údarás buiséadach agus freagracht bhuiséadach a shannadh do bhainisteoirí roghnaithe i leith feidhmeanna sonracha.
- Socruithe don cheannach ar fad atá le seoladh agus le rialú trí chóras agus nósanna imeachta bainistíochta airgeadais BIM.
- Athbhreithnithe míosúla ag an mBord ar thuarascálacha bainistíochta airgeadais.
- Plean bliantúil Soláthair Chorparáidigh a ghlacadh agus Oifigeach Soláthair a cheapadh.

Leanadh leis na rialuithe atá ionsuite sna Córais Airgeadais a oibriú ar an ngnáthbhealach le linn na bliana 2024, agus níor sáraíodh aon nós imeachta ná aon phríomhrialú chun go bhféadfaí gnáthghnó a choinneáil ar bun.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag BIM chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar agus gur chomhlíon BIM na nósanna imeachta sin sa bhliain 2024. Comhlíonann BIM na rialacha soláthair reatha agus na treoirlínte soláthair reatha arna leagan amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

## Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag BIM chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann formhaoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh de BIM atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, déanann siad eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú BIM ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais. Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2024 i mí an Mhárta 2025.

## Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon sárú ar rialuithe inmheánacha i dtaca leis an mbliain 2024 is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.

## Ceadú ón mbord

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord athbhreithniú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach chun a chinntiú go léirítear go cruinn ann an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Sínithe thar ceann Bhord BIM,



**Aidan Cotter**
Cathaoirleach
26 Meitheamh 2025

# Ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais ón Oireachtas | **3** | 34,388 | 178,642 |
| Glanchistiú Iarchurtha le haghaidh Oibleagáidí Sochair Scoir | **19(c)** | 983 | 1,156 |
| | | **35,371** | **179,798** |
| Deontais ón Aontas Eorpach | **4** | 49 | 14 |
| Láimhdeachas ó Ghléasraí Oighir | **5** | 265 | 319 |
| Ioncam Eile | **6** | 520 | 893 |
| | | **36,205** | **181,024** |
| **Caiteachas** | | | |
| Caiteachas Reatha Forbartha ar leibhéal an Aontais Eorpaigh | **4** | - | 1 |
| Caiteachas Caipitil Forbartha Tionscail | **7** | 5,507 | 52,080 |
| Caiteachas Reatha Forbartha Tionscail | **8(a)** | 17,363 | 115,878 |
| Caiteachas Reatha Riaracháin Tionscail | **8(b)** | 6,669 | 6,844 |
| Dímheas a Muirearaíodh le linn na Bliana | **8(c)** | 1,136 | 1,987 |
| Oibleagáidí Sochair Scoir | **19(a)** | 3,429 | 3,572 |
| Caiteachas ar Ghléasraí Oighir | **5** | 821 | 1,133 |
| | | **34,925** | **181,495** |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | | **1,280** | **(471)** |
| Glanaistriú chuig an gCúlchiste Caipitil | **15** | (235) | 399 |
| Iarmhéid a tugadh ar aghaidh ag an 1 Eanáir | | **(858)** | **(786)** |
| **Iarmhéid a tugadh ar aghaidh ag an 31 Nollaig** | | **187** | **(858)** |

**Is le gníomhaíochtaí leantacha ag an dáta tuairiscithe a bhaineann an t-ioncam agus an caiteachas ar fad don bhliain. Tá Nótaí 1 go 23 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a cheadú an 30 Aibreán 2025 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

**Aidan Cotter**
Cathaoirleach
26 Meitheamh 2025

**Caroline Bocquel**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
26 Meitheamh 2025

# Ráiteas faoi ioncam cuimsitheach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | **1,280** | **(471)** |
| Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | (699) | 252 |
| Athruithe i dtoimhdí | 4,300 | (51) |
| Coigeartú ar chistiú iarchurtha sochair scoir | (3,601) | (201) |
| Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain | **1,280** | **(471)** |

**Tá Nótaí 1 go 23 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a cheadú an 30 Aibreán 2025 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

**Aidan Cotter**
Cathaoirleach
26 Meitheamh 2025

**Caroline Bocquel**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
26 Meitheamh 2025

# Ráiteas faoin staid airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | **11** | 4,684 | 4,449 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Suimeanna Infhaighte | **12** | 784 | 622 |
| Fardal | | 7 | 4 |
| Airgead agus Coibhéisí Airgid | | 1,510 | 10,590 |
| | | 2,301 | 11,216 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Suimeanna Iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin) | **13** | (2,114) | (12,074) |
| **Glansócmhainní/(Glandliteanais) Reatha** | | 187 | (858) |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh Phinsin** | | 4,871 | 3,591 |
| Oibleagáid Sochair Scoir | **19(b)** | (65,240) | (67,858) |
| Sócmhainn Cistiúcháin Iarchurtha Sochair Scoir | **19(c)** | 65,240 | 67,858 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | 4,871 | 3,591 |
| **Arna léiriú ag** | | | |
| Cúlchistí Coinnithe Ioncaim | | 187 | (858) |
| Cúlchistí Caipitil | **15** | 4,684 | 4,449 |
| | | **4,871** | **3,591** |

**Tá Nótaí 1 go 23 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a cheadú an 30 Aibreán 2025 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:



**Aidan Cotter**
Cathaoirleach
26 Meitheamh 2025



**Caroline Bocquel**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
26 Meitheamh 2025

# Ráiteas faoi shreabhadh airgid

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| **Réiteach an Easnaimh/(an Bharrachais) Oibriúcháin leis an nGlansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/Forbartha** | | |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain | 1,280 | (471) |
| Ús Bainc | - | - |
| Muirear Dímheasa | 1,136 | 1,987 |
| Ioncam ó Shócmhainní Seasta a dhíol | - | - |
| (Méadú)/Laghdú ar Fhardal | (3) | 5 |
| Laghdú/(Méadú) ar Shuimeanna Infhaighte | (163) | 44 |
| Méadú/(Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha | (9,959) | 9,778 |
| **(Glan-Eis-Sreabhadh Airgid)/Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/Forbartha** | **(7,709)** | **11,343** |
| **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** | | |
| (Glan-Eis-Sreabhadh Airgid)/Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/Forbartha | (7,709) | 11,343 |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | |
| Ús a Fuarthas | - | - |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Cheannach | (1,371) | (1,588) |
| Fáltais ó shócmhainní a dhíol | - | - |
| **Méadú/(Laghdú) ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid** | **(9,080)** | **9,755** |
| Airgead agus coibhéisí airgid i dtús na bliana | 10,590 | 835 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | **1,510** | **10,590** |

**Tá Nótaí 1 go 23 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a cheadú an 30 Aibreán 2025 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

**Aidan Cotter**
Cathaoirleach
26 Meitheamh 2025

**Caroline Bocquel**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
26 Meitheamh 2025

# Nótaí leis na ráitis airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

## 1. Beartais chuntasaíochta

Is leagtha amach thíos atá an bonn cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlac BIM. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

**Faisnéis ghinearálta**

Bunaíodh BIM faoin Acht Iascaigh Mhara, 1952, agus tá a cheannoifig lonnaithe i nDún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath.

Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí atá ag BIM, mar atá leagtha amach san Acht Iascaigh Mhara, 1952: an tionscal bia mara a fhorbairt ar muir agus i dtír araon, chun gur féidir leis rannchuidiú iomlán a dhéanamh le geilleagar na réigiún cósta agus na tíre ina hiomláine. Is é an Ghníomhaireacht Stáit ar a bhfuil príomhfhreagracht as forbairt inbhuanaithe thionscal bia mara na hÉireann agus as éagsúlú an gheilleagair cósta.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é BIM.

**Ráiteas faoi chomhlíonadh**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais BIM don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC).

**Bonn an ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas áirithe a thomhaistear de réir luachanna córa, mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm ar cheadaigh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara iad le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht Iascaigh Mhara, 1952. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais BIM.

## Ioncam

**Deontais ón Oireachtas**

Tríd is tríd, is ar bhonn fabhruithe a aithnítear ioncam; is é an t-aon eisceacht amháin ina leith sin ná Deontais ón Oireachtas, a aithnítear ar bhonn fáltas airgid.

**Aisíocaíochtaí deontas a íocadh**

Tagann deontais a íocadh chun bheith inaisíoctha in imthosca áirithe, amhail leachtú/díscaoileadh na cuideachta is faighteoir, nó i gcás nach gcomhlíontar coinníollacha an deontais. Aithnítear aisíocaíochtaí deontais i gcás gur dóigh go bhfaighidh BIM an t-airgead agus i gcás gur féidir an tsuim a mheas go hiontaofa. Dá bhrí sin, is ar bhonn fabhruithe a thugtar cuntas orthu.

**Ioncam úis**

Is ar bhonn fabhruithe a aithnítear ioncam úis, agus úsáid á baint as modh an ráta úis éifeachtaigh.

**Ioncam eile**

Is ar bhonn fabhruithe a aithnítear ioncam eile.

**Ioncam iarchurtha**

Cuimsíonn ioncam iarchurtha cistiú Eorpach agus cistiú Cruatain Bradán a iarchuireadh ar feitheamh caiteachas ar sholáthar seirbhísí.

**Scéimeanna deontas**

Is ar bhonn fabhruithe a thugtar cuntas ar na híocaíochtaí a dhéantar faoi na scéimeanna éagsúla deontas a fheidhmíonn an Bord.

Aithnítear na deontais is iníoctha ag BIM mar chaiteachas tar éis don deontaí na coinníollacha atá sonraithe sa chomhaontú deontais a chomhlíonadh agus tar éis don deontaí an doiciméadacht is gá chun comhlíonadh a dheimhniú a sholáthar.

Is léirithe i Nóta 16 atá na ceangaltais a eascraíonn as ceaduithe faoi na Scéimeanna éagsúla Deontas a fheidhmíonn an Bord.

### Drochfhiacha

Déantar soláthar d'fhiacha a bhfuiltear in amhras go mbaileofar iad agus d'aon chaillteanais a bhfuiltear ag coinne leo de bhun ráthaíochtaí. Díscríobhtar drochfhiacha sa bhliain ina bhfoirceanntar an comhaontú iasachta iomchuí.

### Fardal

Cuimsíonn fardal earraí atá le hathdhíol, agus aithnítear sna ráitis airgeadais é de réir Costais nó de réir Glanluach Inréadaithe, cibé acu is ísle. Is ar bhonn 'isteach i dtosach, amach i dtosach' a ríomhtar Costas, agus áirítear na costais cheannaigh uile leis. Is é Glanluach Inréadaithe an praghas díola (iarbhír nó measta) lúide na costais chríochnaithe uile is gá.

### Suimeanna Infhaighte

Aithnítear suimeanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Is soláthar sonrach é an soláthar d'fhiacha amhrasacha, agus bunaítear é i gcás go bhfuil fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh BIM in ann na suimeanna go léir atá dlite dó a bhailiú. Is sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim a aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha.

### Léasanna oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim thar thréimhse an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa, ach amháin i gcás go bhfuil méaduithe cíosa ceangailte leis an ráta boilscithe ionchasach. Aithnítear méaduithe den sórt sin nuair a thabhaítear an caiteachas. Aithnítear thar thréimhse an léasa aon dreasachtaí léasa a fhaightear.

### Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir costais lúide dímheas carntha, arna choigeartú i leith aon soláthar do bhearnú. Gearrtar dímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh, seachas talamh ruílse agus saothair ealaíne, ag rátaí a mheastar chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh de réir méid cothrom thar a saol fónta measta, mar a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| • Talamh agus Áitribh | | | |
| a. Talamh | | | Nialas |
| b. Áitribh: | | Stáisiúin Loingseoireachta – Bunaidh | 2% |
| | | Stáisiúin Loingseoireachta – Breiseanna | 10% |
| | | Áitribh Eile | 10% |
| • Gléasra agus Innealra | | | |
| a. Trealamh Oiliúna | | | 16.6% |
| b. Gléasra agus Innealra Eile | | | 10% |
| c. trealamh Teicniúil | | | 20% |
| • Mótarfheithiclí | | | 20% |
| • Fearas agus Trealamh | | | |
| a. Fearas Iascaireachta | | | 50% |
| b. Soithí | | | 10% |
| c. Trealamh Oifige | | | 20% |
| d. Trealamh Ríomhaire (TFC) | | | 33.3% |

Caipitlítear sócmhainní i gcás gur mó an costas fála ná €10,000. Caitear le caiteachas faoi bhun na tairsí sin mar speansas sa bhliain ina dtabhaítear é, ach amháin i gcás gur cuid de mhórthionscadal caipitil é.

Is ionann luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair ó shócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mba rud é go mbeadh an tsócmhainn ar aois agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saoil fhónta cheana féin.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú luach aon sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim sa bhliain.

### Cúlchistí caipitil

Cuimsíonn Cúlchistí Caipitil luach neamhamúchta na ndeontas caipitil a úsáideadh chun sócmhainní seasta a chistiú.

### Airgead agus coibhéisí airgid

Cuimsíonn airgead airgead idir lámha agus taiscí prapéilimh. Cuimsíonn coibhéisí airgid infheistíochtaí gearrthéarmacha ríleachtacha ar féidir iad a chomhshó go réidh ina suimeanna aitheanta airgid lena mbaineann riosca neamhshuntasach go n-athrófaí a luach.

### Airgeadraí coigríche

Maidir le sócmhainní agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí coigríche, aistrítear iad ag na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ag an dáta tuairiscithe. Aistrítear ioncam agus costais ag na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta na n-idirbheart bunúsach.

Is sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim a dhéileáiltear le brabúis agus caillteanais a eascraíonn as aistrithe airgeadra coigríche agus as suimeanna is infhaighte agus is iníoctha a ghlanadh.

## Sochair fostaithe

### Sochair ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar speansas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh i Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

### Sochair scoir

Bhunaigh BIM a scéim pinsean sochair shainithe féin roimhe seo, rud a chistítear gach bliain ar bhonn 'íoc-mar-a-úsáidtear' ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail ball foirne agus comhaltaí. Feidhmíonn BIM an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("an Scéim Aonair") freisin, rud ar scéim sochair shainithe é do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Íoctar ranníocaíochtaí na gcomhaltaí den Scéim Aonair ar aghaidh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Rinneadh dlí den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, an 28 Iúil 2012. Tugadh isteach leis an Acht an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair nua ("an Scéim Aonair"), a tháinig in éifeacht an 1 Eanáir 2013. Is comhaltaí den Scéim Aonair iad gach fostaí a chuaigh isteach san Earnáil Phoiblí den chéad uair an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh.

Is ionann costais phinsin agus na sochair phinsin a thuill fostaithe sa tréimhse, agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin ó bhaill foirne, ar ranníocaíochtaí iad a choinníonn BIM. Aithnítear suim a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam, a mhéid atá sí in-aisghafa, agus fritháirítear í le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Is sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach a léirítear gnóthachain achtúireacha nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime, agus coigeartú comhfhreagrach á aithint sa tsuim atá in-aisghafa ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Léirítear sna ráitis airgeadais na sócmhainní agus na dliteanais, de réir luach cóir, a eascraíonn as oibleagáidí pinsin BIM agus as aon chistiú gaolmhar, agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Is ar bhonn achtúireach a thomhaistear dliteanais na scéime sochair scoir, agus modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid.

### Soláthairtí

Aithnítear soláthairtí i gcás go bhfuil oibleagáid reatha dhlíthiúil nó chuiditheach ar an mBord mar thoradh ar eachtraí san am atá thart, gur dóigh go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun an oibleagáid a ghlanadh agus gur féidir suim na hoibleagáide a mheas go hiontaofa.

### Teagmhais

Maidir le dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as eachtraí san am atá thart, ní aithnítear iad (i) i gcás gur dóigh go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann nó nach féidir an tsuim a thomhas go hiontaofa ag an dáta tuairiscithe nó (ii) i gcás go ndeimhneofar gur ann do na dliteanais sin nuair a thitfidh amach, nó nuair nach dtitfidh amach, eachtraí éiginnte amach anseo nach mbeidh smacht iomlán ag an mBord orthu. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin i gcás gur beag seans go mbeidh eis-sreabhadh ann.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais i gcás gur dóigh go mbeidh insreabhadh sochar eacnamaíoch ann.

## 2. Breithiúnais agus meastacháin thábhachtacha chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do chur i bhfeidhm na mbeartas agus do shuimeanna tuairiscithe na sócmhainní, na ndliteanas, an ioncaim agus na speansas.

Déantar meastóireacht leanúnach ar bhreithiúnais agus meastacháin, agus bíonn siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear ionchais maidir le heachtraí amach anseo a chreidtear a bheith réasúnach sna himthosca. Déanann an Bord meastacháin agus toimhdí maidir leis an todhchaí. Is annamh is ionann na meastacháin iarmhartacha chuntasaíochta, de réir sainmhínithe, agus na torthaí gaolmhara iarbhír. Is pléite thíos atá na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann riosca suntasach gur gá coigeartú ábhartha a dhéanamh ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas laistigh den chéad bhliain airgeadais eile:

### (a) Saolta a shuí le haghaidh réadmhaoin, gléasra agus trealamh a dhímheas

Agus iad comhdhéanta go príomha de réadmhaoin, gléasra agus trealamh, is sciar suntasach de na sócmhainní iomlána iad sócmhainní fadsaolacha. Braitheann an muirear bliantúil dímheasa go príomha ar shaol measta gach cineáil sócmhainne agus ar mheastacháin ar luachanna iarmharacha. Déanann an Bord athbhreithniú tráthrialta ar na saolta sócmhainne sin, agus athraíonn sé iad de réir mar is gá chun go mbeidh siad ag teacht leis an smaointeoireacht reatha maidir le saolta atá fágtha, i bhfianaise úsáid ionchasach eacnamaíoch agus riocht fisiciúil na sócmhainní lena mbaineann. Is féidir le hathruithe ar shaolta sócmhainne tionchar suntasach a imirt ar na muirir dhímheasa don tréimhse. Tá mionsonraí faoi na saolta úsáideacha ar áireamh sna beartais chuntasaíochta.

### (b) Soláthar d'fhiacha amhrasacha

Déanann an Bord meastachán ar an luach in-aisghafa a bhaineann le féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile. Úsáideann an Bord meastacháin atá bunaithe ar thaithí stairiúil agus é ag cinneadh leibhéal na bhfiach ar féidir nach mbaileofar iad. Áirítear leis na meastacháin sin tosca amhail rátáil reatha an fhéichiúnaí, próifíl aosaithe na bhféichiúnaithe, agus taithí stairiúil. Déantar athbhreithniú leanúnach ar leibhéal an tsoláthair is gá.

### (c) Sochar scoir

Is ar bhonn roinnt eachtraí san am atá thart a aithníonn an Bord suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas neamhchistithe iarchurtha le haghaidh pinsean. Áirítear leis na heachtraí sin an tacaíocht reachtúil don scéim aoisliúntais, mar aon leis an mbeartas agus leis an gcleachtas i dtaca le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear an próiseas meastachán bliantúil. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil i bhfeidhm leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir leis na suimeanna sonracha sin agus, dá bhrí sin, nach bhfuil aon ráthaíocht againn ina leith, níl aon fhianaise ag an mBord nach leanfaidh an beartas cistiúcháin sin le freastal diaidh ar ndiaidh ar an tsuim sin i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

### (d) Oibleagáidí sochair scoir

Maidir leis na toimhdí atá taobh thiar de na luachálacha achtúireacha óna gcinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus treorátaí costas cúram sláinte), tugtar iad cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar dhálaí reatha geilleagracha agus chun freastal ar aon athruithe iomchuí ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i bhfeidhm ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta toraidh ar bhannaí corparáide ardchaighdeáin.

(ii) Leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo.

(iii) treorátaí costas cúram sláinte, an ráta boilscithe i gcostais leighis sna réigiúin iomchuí.

## 3. Deontais ón Oireachtas: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---:|---:|
| **Vóta 30 - Fo-mhírcheann D5**<br>Caiteachas Reatha Forbartha | | |
| Pá | 9,040 | 8,450 |
| Aoisliúntas | 3,028 | 2,900 |
| Neamhphá | 14,820 | 112,326 |
| Caiteachas Reatha Forbartha Iomlán | 26,888 | 123,676 |
| Caiteachas Caipitil Forbartha | 7,500 | 54,966 |
| | **34,388** | **178,642** |

## 4. Deontais

**Deontais a fuarthas:**

| Tionscadal | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---:|---:|
| Interreg | 49 | 14 |
| | **49** | **14** |

**Deontais a caitheadh:**

| Tionscadal | | | | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---:|---:|---:|---:|---:|
| | **Tuarastail** | **Neamhphá** | **Deontais** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| Interreg | - | - | - | - | 1 |
| | **-** | **-** | **-** | **-** | **1** |

Úsáideadh na fáltais uile ón Aontas Eorpach sa bhliain agus bhain siad le caiteachas reatha forbartha tionscail. Ba as difríochtaí uainiúcháin in éilimh ar chistiú scéime a riar a tháinig an difríocht €49,000 idir deontais a fuarthas agus deontais a caitheadh.

## 5. Bhí torthaí oibriúcháin soláthar oighir mar a leanas:

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Láimhdeachas | 265 | 319 |
| Lúide: Pá | (379) | (391) |
| Costais oibriúcháin | (404) | (671) |
| Costais riaracháin | (38) | (71) |
| Caiteachas Iomlán ar Ghléasraí Oighir* | **(821)** | **(1,133)** |
| (Easnamh)/Barrachas ar Oibríochtaí | **(556)** | **(814)** |

*Ní áirítear le caiteachas iomlán na muirir dhímheasa €38,000 (2023: €149,000) ar ghléasraí oighir, ar sócmhainní seasta iad, sa bhliain.

Nóta: Sa bhliain 2022 agus arís sa bhliain 2024, rinne Bord BIM meastóireacht ar chás gnó nuashonraithe le haghaidh oibríochtaí gléasraí oighir amach anseo. Tá an cás sin á chur ar aghaidh i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi láthair.

## 6. Ioncam eile

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam Riaracháin – Cíos is Infhaighte san áireamh | 22 | 26 |
| Ioncam Iascach Mara | 105 | 176 |
| Comhairle Uiscí an Iarthuaiscirt | 15 | 16 |
| Ioncam Oiliúna | 386 | 343 |
| Aisíocaíochtaí Deontas Iascach Mara | (8) | 332 |
| Fáltais ó Shócmhainní a Dhíol | - | - |
| | **520** | **893** |

## 7. Caiteachas caipitil forbartha tionscail

| Tionscadal | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Seirbhísí Teicniúla Bia Mara | 4,211 | 20,373 |
| Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta | 1,296 | 31,707 |
| | **5,507** | **52,080** |

Áirítear le Seirbhísí Teicniúla Bia Mara costas dobharshaothraithe €298,000 sa bhliain 2024 (2023: €4,145,000).

## 8. Caiteachas reatha forbartha tionscail

### (a) Forbairt

| Tionscadal | | | | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Tuarastail** | **Neamhphá** | **Deontais** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| Seirbhísí Teicniúla Bia Mara | 2,722 | 3,347 | 933 | **7,002** | **105,546** |
| Seirbhísí Eacnamaíocha agus Straitéiseacha | 478 | 432 | - | **910** | **1,234** |
| Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta | 1,262 | 3,349 | - | **4,611** | **4,377** |
| Cúnamh Teicniúil (An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe) | 576 | 48 | - | **624** | **-** |
| Cúnamh Teicniúil (An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh)* | - | - | - | **-** | **68** |
| Cúnamh Teicniúil (An Cúlchiste Coigeartaithe Brexit)* | - | - | - | **-** | **758** |
| Seirbhísí Forbartha Scileanna | 1,614 | 1,604 | 316 | **3,534** | **3,226** |
| Cumarsáid | 332 | 350 | - | **682** | **670** |
| | **6,984** | **9,130** | **1,249** | **17,363** | **115,878** |

*Tháinig Cúnamh Teicniúil faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus faoin gCúlchiste Coigeartaithe Brexit chun deiridh sa bhliain 2023.

### (b) Riarachán

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Costais Tuarastail | 2,557 | 2,191 |
| Taisteal - Baill Foirne Riaracháin | 105 | 91 |
| Táillí agus Speansais Taistil na gComhaltaí Boird | 53 | 74 |
| Cíos, Rátaí, agus Deisiúcháin | 169 | 218 |
| Teileafón, Postas, agus Páipéarachas | 222 | 248 |
| Próiseáil Sonraí (TFC) | 1,679 | 2,028 |
| Cumhacht, Solas, agus Glantachán | 122 | 213 |
| Táillí Dlí, Táillí Gairmiúla, agus Táillí Sainchomhairleoirí | 1,181 | 1,128 |
| Táille Iniúchóireachta | 32 | 32 |
| Tuarascáil Bhliantúil | 17 | 15 |
| Árachas | 121 | 97 |
| Fógraíocht agus Urraíocht | 11 | 5 |
| Costais Forbartha agus Oiliúna Foirne | 164 | 165 |
| Ilearraí, Speansais Ghinearálta, agus Síntiúis Trádála | 236 | 339 |
| | **6,669** | **6,844** |

### (c) Dímheas

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Dímheas le linn na bliana | **1,136** | **1,987** |
| Iomlán Nóta 8 | **25,168** | **124,709** |

## 9. Costais foirne

Muirearaítear tuarastail foirne sa bhliain ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim faoi na ceannteidil seo a leanas. Muirearaítear pá Oibritheoirí Gléasraí Oighir ar chostais reatha Gléasraí Oighir (féach Nóta 5).

### (a) Tuarastail foirne de réir rannáin

| | Líon Foirne ag an 31 Nollaig 2024 | 2024 € '000 | Líon Foirne ag an 31 Nollaig 2023 | 2023 € '000 |
|---|---|---|---|---|
| Tuarastail Seirbhísí Teicniúla Bia Mara – Nóta 8(a) | 38 | 2,722 | 40 | 2,587 |
| Seirbhísí Eacnamaíocha agus Straitéiseacha – Nóta 8(a) | 7 | 478 | 8 | 585 |
| Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta Gnó – Nóta 8(a) | 16 | 1,262 | 15 | 1,241 |
| Tuarastail Seirbhísí Forbartha Scileanna – Nóta 8(a) | 21 | 1,614 | 22 | 1,623 |
| Tuarastail Chumarsáide – Nóta 8(a) | 6 | 332 | 6 | 289 |
| Seirbhísí Corparáideacha – Nóta 8(b) | 29 | 3,133 | 28 | 2,853 |
| Tuarastail Gléasraí Oighir – Nóta 5 | 8 | 379 | 9 | 391 |
| | **125** | **9,920** | **128** | **9,569** |

Cuireadh tuarastail dar luach €576,000 a bhaineann le baill foirne atá fostaithe faoi Chúnamh Teicniúil (2023: €519,000) a chistítear leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe ar áireamh i gcostais an aonaid Seirbhísí Corparáideacha don bhliain 2024. Tá costais ragoibre €22,500 (2023: €37,000) ar áireamh sna figiúirí thuas. Íocadh €2,369 mar liúntais ar bord sa bhliain (2023: €3,025).

### (b) Pinsin a íocadh sa bhliain

Is ionann pinsinéirí agus íocaíochtaí pinsin a rinneadh le baill foirne ar scor de chuid BIM (féach Nóta 19).

| | | 2024 €'000 | | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Pinsinéirí | 126 | 2,461 | 128 | 2,344 |
| Íocaíochtaí Cnapshuime | | 433 | | 511 |
| | **126** | **2,894** | **128** | **2,855** |

Asbhaineadh tobhach pinsin €304,000 ó bhaill foirne agus íocadh ar aghaidh leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara é.

(c) **Miondealú ar shochair fostaithe**

| Raon na bhfostaithe iomlána | | | An Líon Fostaithe | |
|---|---|---|---|---|
| **Ó** | | **Go** | **2024** | **2023** |
| €60,000 | - | €69,999 | 22 | 24 |
| €70,000 | - | €79,999 | 33 | 27 |
| €80,000 | - | €89,999 | 5 | 7 |
| €90,000 | - | €99,999 | 8 | 9 |
| €100,000 | - | €109,999 | 7 | 2 |
| €110,000 | - | €119,999 | 1 | 1 |
| €120,000 | - | €129,999 | - | - |
| €130,000 | - | €139,999 | - | - |
| €140,000 | - | €149,999 | - | 1 |
| €150,000 | - | €159,999 | 1 | - |

## 10. Luach saothair an phríomhphearsanra bainistíochta

| | | Táillí 2024 €'000 | Táillí 2023 €'000 | Speansais Taistil 2024 €'000 | Speansais Taistil 2023 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Aidan Cotter (Téarma ón 17 Bealtaine 2022 go dtí an 16 Bealtaine 2025) | Cathaoirleach | 12 | 12 | 1 | - |
| Lisa Vaughan (Téarma ón 19 Meitheamh 2022 go dtí an 18 Meitheamh 2025) | Stiúrthóir | 8 | 8 | 1 | 1 |
| William Deasy (Téarma ón 19 Samhain 2020 go dtí an 18 Samhain 2023) | Stiúrthóir | - | 7 | - | 6 |
| Jean Callanan (Téarma ón 19 Samhain 2020 go dtí an 18 Samhain 2023) (Athcheapadh an comhalta seo ón 19 Samhain 2023 go dtí an 18 Samhain 2026) | Stiúrthóir | 8 | 8 | 1 | 1 |
| Marie Gleeson (Téarma ón 19 Samhain 2020 go dtí an 18 Samhain 2023) (Athcheapadh an comhalta seo ón 19 Samhain 2023 go dtí an 18 Samhain 2026) | Stiúrthóir | 8 | 8 | 2 | 2 |
| George Golden (Téarma ón 29 Meán Fómhair 2021 go dtí an 28 Meán Fómhair 2024) (Athcheapadh an comhalta seo an 29 Meán Fómhair 2024) | Stiúrthóir | 8 | 8 | 4 | 6 |
| | | **44** | **51** | **9** | **16** |

Thionóil an Bord 11 chruinniú iomlána sa bhliain 2024. D'fhreastail comhaltaí Boird ar chruinnithe agus imeachtaí eile thar ceann BIM, i dteannta Cruinnithe Boird agus Iniúchóireachta.

| | Freastal ar an mBord 2024 | Cruinnithe Eile 2024 |
|---|---|---|
| Aidan Cotter | (11/11) | - |
| Lisa Vaughan | (10/11) | 2 |
| Jean Callanan | (11/11) | 2 |
| Marie Gleeson | (11/11) | 5 |
| George Golden | (10/11) | 3 |

| | Tuarastal 2024 €'000 | Tuarastal 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Caroline Bocquel) | 154 | 146 |
| Stiúrthóirí Rannáin | 422 | 377 |
| | **576** | **523** |

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina comhalta de scéim sochair shainithe BIM, agus íocadh speansais dar luach €15,865 (2023: 13,604) leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin freisin don bhliain 2024. Ceapadh Caroline Bocquel mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an 30 Eanáir 2023.

Cuimsíonn an príomhphearsanra bainistíochta laistigh de BIM an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, comhaltaí den Bhord, agus ceathrar comhaltaí den Fhoireann Ardcheannaireachta. Ba é €645,000 (2023: €604,000) an cúiteamh iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, lenar áiríodh táillí agus speansais na gcomhaltaí Boird agus luach saothair iomlán an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.

## 11. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

| | Iomlán €'000 | Talamh agus Áitribh €'000 | Gléasra agus Innealra €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Mótarfheithiclí €'000 | Fearas agus Trealamh €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **18,949** | **4,491** | **6,807** | **1,321** | **481** | **5,849** |
| Breiseanna | 1,371 | 988 | 187 | | 50 | 146 |
| Aistriú* | - | 1,321 | - | (1,321) | - | - |
| Diúscairtí | (18) | - | - | - | - | (18) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **20,302** | **6,800** | **6,994** | **-** | **531** | **5,977** |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 14,500 | 3,878 | 5,220 | - | 247 | 5,155 |
| Muirear don Bhliain | 1,136 | 321 | 503 | - | 53 | 259 |
| Diúscairtí | (18) | - | - | - | - | (18) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **15,618** | **4,199** | **5,723** | **-** | **300** | **5,396** |
| **Glanluach Leabhar** | | | | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2024** | **4,684** | **2,601** | **1,271** | **-** | **231** | **581** |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | **4,449** | **613** | **1,587** | **1,321** | **234** | **694** |

*Cuireadh sócmhainní a bhí á dtógáil ag an 31 Nollaig 2023 in úsáid sa bhliain 2024 faoin gcatagóir 'Talamh agus Áitribh'.

## 12. Suimeanna Infhaighte

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Suimeanna Infhaighte Eile | 113 | 246 |
| Réamhíocaíochtaí | 689 | 386 |
| | 802 | 632 |
| Lúide: Soláthar d'Fhiacha Amhrasacha | (18) | (10) |
| | **784** | **622** |

## 13. Suimeanna Iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam Iarchurtha | 53 | 54 |
| Suimeanna iníoctha agus fabhruithe trádála | 1,594 | 2,873 |
| Fabhruithe Deontais | 467 | 9,147 |
| | **2,114** | **12,074** |

Tá cáin agus árachas sóisialach faoi réir théarmaí na reachtaíochta iomchuí. Fabhraítear ús ar íocaíocht dhéanach. Ní raibh aon ús dlite ag dáta deiridh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar na conarthaí bunúsacha. Is suimeanna atá neamhurraithe, saor ó ús agus inaisíoctha ar éileamh iad na suimeanna eile a chuirtear ar áireamh i bhfigiúr na gcreidiúnaithe agus nach gcumhdaítear le nochtaí sonracha nóta.

## 14. Ceangaltais léasa

Ag an 31 Nollaig 2024, bhí na híocaíochtaí íosta léasa seo a leanas le déanamh ag BIM faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | 18 | 19 |
| Iníoctha laistigh de thréimhse idir dhá bhliain agus cúig bliana | 20 | 33 |
| Iníoctha tar éis cúig bliana | - | 5 |
| | **38** | **57** |

Le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2024, b'ionann na híocaíochtaí léasa a aithníodh mar speansas agus €19,405.

## 15. Cúlchistí caipitil

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 4,449 | 4,849 |
| **Aistriú (ón)/chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:** | | |
| Breiseanna Sócmhainní a Chistiú | 1,371 | 1,587 |
| Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainní | (1,136) | (1,987) |
| **Aistriú chuig an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim** | **235** | **(399)** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **4,684** | **4,449** |

## 16. Dliteanais agus ceangaltais theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanas ná aon cheangaltas teagmhasach ann ag an 31 Nollaig 2024 i leith na nithe seo a leanas:

**(a) Ag deireadh na bliana, bhí iarratais ar dheontas ann a bhí ceadaithe go hiomlán ach nach raibh aon éileamh faighte orthu.**

Ba iad seo a leanas na hiarmhéideanna a bhí amuigh i leith na saoráidí airgeadais sin a bhí ceadaithe ach nach raibh glactha ag an 31 Nollaig:

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Seirbhísí Teicniúla Bia Mara | 983 | - |
| Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta | 2,459 | - |

## 17. An tionscnamh dobharshaothraithe trasteorann

Agus tacaíocht á fáil aige ón gClár Speisialta um Shíochaín agus Athmhuintearas, rinneadh an Tionscnamh Dobharshaothraithe Trasteorann a chorprú mar Ghrúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch sa bhliain 1998, agus tá sé cláraithe leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Tá sé faoi chomhúinéireacht ag BIM agus ag Northern Ireland Seafood Limited.

Chríochnaigh an Tionscnamh Dobharshaothraithe Trasteorann a chuid oibríochtaí an 31 Nollaig 2020. Tosaíodh an próiseas leachtaithe trí iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt sa bhliain 2021, agus tá an próiseas sin fós ar siúl.

## 18. Ciste cothromais Bheanntraí

Bhunaigh an rialtas an ciste seo chun forbairt an tionscail dobharshaothraithe i réigiún Bheanntraí a chur chun cinn tar éis dhúnadh Chríochfort Ola Fhaoide. Is in ainm an Aire Airgeadais a shealbhaítear na scaireanna uile. Ní féidir luach na scaireanna sin a mheasúnú go cruinn, toisc go mbíonn an luach sin ag brath ar fheidhmíocht na bhfiontar.

Sealbhaíodh na hinfheistíochtaí seo a leanas ag an 31 Nollaig 2024:

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Kush Seafarms Limited | 19 | 19 |
| Fastnet Mussels Limited | 19 | 19 |
| | **38** | **38** |

## 19. Costais sochair scoir

### (a) Costais Scoir

Anailís ar na costais sochair scoir iomlána a muirearaíodh ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim:

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Costas Seirbhíse Reatha | 1,658 | 1,592 |
| Ús ar Dhliteanais Scéime Pinsean | 2,219 | 2,419 |
| Ranníocaíochtaí ó Fhostaithe | (448) | (439) |
| | **3,429** | **3,572** |

(b) Gluaiseacht i nglanoibleagáidí sochair scoir

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Glandliteanas Pinsin ag an 1 Eanáir | 67,858 | 66,903 |
| Glanchostas Seirbhíse Reatha | 1,210 | 1,153 |
| Ranníocaíochtaí ó Fhostaithe | 448 | 439 |
| Ús ar Dhliteanais Scéime Pinsean | 2,219 | 2,419 |
| Caillteanas/(Gnóthachan) Achtúireach | (3,601) | (201) |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | (2,894) | (2,855) |
| Íocaíocht i leith seirbhís a aistriú chuig tríú páirtí* | - | - |
| | **65,240** | **67,858** |

## Toimhdí airgeadais

Bhí na príomhthoimhdí achtúireacha mar a leanas:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Ráta méadaithe ar thuarastail | 3.50% | 3.80% |
| Ráta méadaithe ar phinsin atá á n-íoc | 3.00% | 3.30% |
| Ráta Lascaine | 3.40% | 3.30% |
| Ráta Boilscithe | 2.00% | 2.30% |

Leis an mbonn mortlaíochta a ghlactar, déantar soláthar d'fheabhsuithe ar ionchas saoil le himeacht ama, a fhágann go mbeidh an t-ionchas saoil tráth an scoir ag brath ar an mbliain ina mbainfidh an comhalta aois scoir amach (65 bliana d'aois). Léirítear sa tábla thíos an meánionchas ualaithe saoil do chomhaltaí a úsáidtear chun oibleagáidí sochair a chinneadh.

| **Bliain ina mbainfear 65 bliana d'aois amach** | 2024 | 2044 |
|---|---|---|
| Ionchas saoil - fear | 24.3 | 22.1 |
| Ionchas saoil - bean | 26.4 | 24.4 |

### (c) Sócmhainn cistiúcháin iarchurtha le haghaidh pinsean

Aithníonn an Bord na suimeanna seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach don dliteanas neamhchistithe iarchurtha le haghaidh pinsean, bunaithe ar an tacar toimhdí atá tuairiscithe thíos agus ar roinnt eachtraí san am atá thart. Áirítear leis na heachtraí sin an bonn reachtúil do na scéimeanna aoisliúntais a bhunú, mar aon leis an mbeartas agus leis an gcleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil i bhfeidhm leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir leis na suimeanna sonracha sin, níl aon fhianaise ag an mBord nach leanfaidh an beartas cistiúcháin sin le freastal ar na suimeanna sin i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

Glanchistiú Iarchurtha le haghaidh Pinsean sa bhliain

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Cistiú in-aisghafa i leith chostais phinsin na bliana reatha | 3,877 | 4,011 |
| Deontas Stáit a úsáideadh chun pinsinéirí a íoc agus chun seirbhís a aistriú | (2,894) | (2,855) |
| | **983** | **1,156** |

### (d) Stair na ndliteanas scéime agus (gnóthachain)/caillteanais ó thaithí

| | An bhliain airgeadais dar críoch | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2022 €'000 | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
| Oibleagáidí sochair shainithe | 65,240 | 67,858 | 66,903 | 89,390 | 84,132 |
| Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais phlean | 699 | (252) | 499 | 653 | 338 |
| Gnóthachain ó thaithí mar chéatadán de dhliteanais phlean | 5.5% | 0.3% | 35.4% | (5.1%) | 6.0% |

### (e) Scéim pinsean

Feidhmíonn BIM scéim neamhchistithe aoisliúntais sochair shainithe do bhaill foirne. Maidir le teidlíochtaí aoisliúntais a thagann chun cinn faoi na scéimeanna, íoctar amach as ioncam reatha iad agus muirearaítear ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim iad, glan ar ranníocaíochtaí aoisliúntais ó fhostaithe, sa bhliain ina dtagann siad chun bheith iníoctha. Tá na torthaí atá leagtha amach thuas bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais phinsin i leith baill foirne atá ag fónamh, atá ar scor agus atá éagtha de chuid BIM amhail an 31 Nollaig 2024. Ba é achtúire cáilithe neamhspleách a rinne an luacháil sin.

### (f) An scéim aonair

Scéim pinsean ceirde do sheirbhísigh phoiblí a earcaíodh ó bhí an bhliain 2013 ann is ea an Scéim Aonair. Is scéim sochair shainithe í, ina bhfuil sochair scoir bunaithe ar mheánphá gairme. Leis an scéim, gintear creidmheasanna pinsin agus creidmheasanna cnapshuime scoir do gach comhalta den scéim. Is mar chéatadáin de phá a fhabhraítear go leanúnach na creidmheasanna airgid sin, dá ngairtear "suimeanna is inchurtha". Maidir leis na suimeanna is inchurtha a fhabhraítear gach bliain, luacháiltear iad ar bhonn bliantúil ar aon dul le méaduithe boilscithe (an tInnéacs Praghsanna do Thomhaltóirí) go dtí go mbainfear aois scoir amach. Is ionann an pinsean bliantúil a dhámhtar tráth an scoir agus iomlán carnach na suimeanna pinsin is inchurtha de chuid an chomhalta den scéim. Mar an gcéanna, is ionann an chnapshuim a dhámhtar agus iomlán na suimeanna cnapshuime is inchurtha de chuid an chomhalta den scéim.

## 20. Leasanna na gcomhaltaí boird

Ghlac an Bord nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí Boird, agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa bhliain. Sa bhliain 2024, níor dhearbhaigh na comhaltaí Boird aon leas a chruthódh coinbhleacht leasa i ndáil lena ndualgais i leith BIM.

## 21. Nochtadh páirtithe gaolmhara

Féach Nóta 10 chun miondealú a fháil ar an luach saothair agus ar na sochair a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta.

Glacann BIM nósanna imeachta maidir le leasanna pearsanta na gcomhaltaí Boird, ar nósanna imeachta iad atá i gcomhréir leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. I ngnáthchúrsa an ghnó, is féidir go gceadóidh BIM deontais d'eintitis ina bhfuil comhaltaí de Bhord BIM fostaithe nó ina bhfuil leas acu ar shlí eile nó go ndéanfaidh sé socruithe conartha eile leis na heintitis sin.

Is le BIM an gnáthscairchaipiteal ar fad in St. George Fishery Company Limited, ar cuideachta é a corpraíodh in Éirinn, atá díomhaoin agus nár thrádáil ar chor ar bith le linn na tréimhse. Tá glansócmhainní dar luach €1,270 ag an gcuideachta. Ní raibh aon idirbhearta páirtithe gaolmhara ann le linn na tréimhse.

## 22. Gnóthas leantach

Níl aon éiginnteacht ábhartha ann maidir leis an gcumas atá ag BIM a chuid dliteanas a ghlanadh de réir mar a thagann siad chun bheith dlite agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Leanfaidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le hobair i ndlúthchomhar le BIM i ndáil lena riachtanais chistiúcháin. D'ullmhaigh an Bord buiséid agus sreabhadh airgid ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a ceadaíodh na Ráitis Airgeadais, ina léirítear nach bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann maidir leis an gcumas atá ag BIM a chuid dliteanas a ghlanadh de réir mar a thagann siad chun bheith dlite agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin, measann an Roinn go bhfuil sé cuí na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní áirítear leis na Ráitis Airgeadais aon choigeartuithe ar shuimeanna glanluacha ná aicmiú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mura mbeadh BIM in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

## 23. Ceadú na ráiteas airgeadais

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a cheadú ag an gcruinniú dá chuid an 30 Aibreán 2025.